

Gramadach na Gaeilge

AN CAIGHDEÁN OIFIGIÚIL
Caighdeán Athbhreithnithe



Houses of the
Oireachtas
Tithe an Oireachtais

Gramadach na Gaeilge

AN CAIGHDEÁN OIFIGIÚIL

Caighdeán Athbhreithnithe

2012

Baile Átha Cliath

Arna Fhoilsiú ag Seirbhís Thithe an Oireachtais

Le ceannach ón

OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2.

AN CLÁR

- 7** AN RÉAMHRÁ
- 9** AN RÉAMHRÁ LEIS AN gCÉAD EAGRÁN
- 15** CAIBIDIL 1 / AN tALT
- 29** CAIBIDIL 2 / AN tAINMFHOCAL
- 59** CAIBIDIL 3 / AINMFHOCAIL CHINNTE AGUS ÉIGINNTE AGUS FOIRM AN AINMNIGH IN IONAD AN GHINIDIGH
- 69** CAIBIDIL 4 / AN AIDIACHT
- 81** CAIBIDIL 5 / AN BRIATHAR
- 129** CAIBIDIL 6 / AN DOBHRIATHAR
- 133** CAIBIDIL 7 / AN CHOPAIL
- 143** CAIBIDIL 8 / NA FORAINMNIGH
- 151** CAIBIDIL 9 / AN UIMHIR
- 197** CAIBIDIL 10 / NA hATHRUITHE TOSAIGH
- 215** CAIBIDIL 11 / AN CLÁSAL COIBHNEASTA

AN RÉAMHRÁ

Beart suntasach ar son na Gaeilge ab ea foilsíú an Chaighdeán Oifigiúil ag Rannóg an Aistriúcháin sa bhliain 1958. Iarracht mhór a bhí ann caighdeán scríofa a bhaint amach don teanga a bheadh bunaithe ar na príomhchanúintí agus ar thraidisiún gramadaí na teanga. Cé go raibh easaontais éagsúla ann maidir le gnéithe éagsúla den Chaighdeán Oifigiúil, glacadh leis go mbíonn caighdeán lárnach scríofa ag teastáil i gcás teangacha forbartha nua-aimseartha agus cuireadh an Caighdeán Oifigiúil i bhfeidhm go gairmiúil san úsáid oifigiúil ó shin.

Rinne an Rannóg athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil i rith na mblianta agus braithheadh go raibh sé tráthúil anois athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh air chun nithe áirithe a chur san áireamh. Ar na nithe sin, tá an roghnachas a leathnú: ó thaobh foirme de, go háirithe sa bhriathar, chun an úsáid chainte is leithne agus is féidir a chur san áireamh; ó thaobh córais de – maidir leis an aidiacht shealbhach, mar shampla; agus ó thaobh foirme agus córais de i dteannta a chéile – sa tuiséal tabharthach den ainmfhocal, mar shampla.

Rinneadh iarracht ar leith san athbhreithniú seo foirmeacha agus leaganacha atá ar fáil go tréan sa chaint sna mórchanúintí a áireamh sa Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe sa tslí is go mbraithfeadh an gnáthchainteoir mórchanúna go bhfuil na príomhghnéithe den chanúint sin aitheanta sa Chaighdeán Oifigiúil agus, mar sin, gur gaire don ghnáthchaint an Caighdeán Oifigiúil anois ná mar a bhíodh.

Dar ndóigh, tá an teanga labhartha ag athrú go mór agus go gasta agus rinneadh iarracht na hathruithe sin a chur san áireamh agus an leagan athbhreithnithe seo den Chaighdeán Oifigiúil á réiteach. Triaileadh, mar shampla, aitheantas a thabhairt don leathnú atá ag teacht ar úsáid fhoirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh sa chaint. Rinneadh iarracht freisin na claochlaithe atá ag titim amach ó thaobh struchtúir ghramadaí na teanga a aithint ach gan ligean d'athruithe áirithe, ar meathlú iad de dheasca thionchar tréanmhór an Bhéarla mar theanga uilíoch ar an nGaeilge, na struchtúir sin a chur as a riocht.

Tá Rannóg an Aistriúcháin bródúil as an méid atá bainte amach aici ó bunaíodh an Stát chun an teanga oifigiúil agus dhlíthiúil a fhorbairt. Dlíthchuid den phróiseas sin is ea an Caighdeán Oifigiúil. Is iarracht é an leagan athbhreithnithe seo den Chaighdeán Oifigiúil an próiseas sin a fhorbairt tuilleadh agus táimid ag súil go mbeidh glacadh dearfach i measc lucht úsáidte na teanga oifigiúla leis an gCaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe agus

go gcuirfidh siad fáilte roimhe. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh Rannóg an Aistriúcháin fáilte roimh thuairimí an phobail faoin gCaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe agus déanfar athbhreithniú a bheidh bunaithe ar na tuairimí sin i gceann trí bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann Rannóg an Aistriúcháin as an obair atá déanta acu chun an leagan athbhreithnithe seo a sholáthar. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an gCeann Comhairle, Seán Ó Bairéad TD, le hArd-Rúnaí Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus Cléireach na Dála, Ciarán Ó Cochláin, agus le Leas-Chléireach na Dála agus Stiúrthóir Sheirbhísí na dTithe, Risteárd Mac Cafraidh.

**Vivian Uíbh Eachach,
An Príomh-Aistritheoir,
Rannóg an Aistriúcháin,
Eanáir, 2012.**

AN RÉAMHRÁ LEIS AN gCÉAD EAGRÁN

Ón uair a foilsíodh *Litriú na Gaeilge — Lámbleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil* tá múinteoirí, scríbhneoirí agus daoine eile á iarraidh, os ard agus os íseal, go gcuirfí leabhrán ar fáil a sholáthródh caighdeán do ghramadach na Gaeilge, go háirithe i gcúrsaí deilbhíochta. Is deimhin leo de bharr a dtaithí ar a saothrú go bhfuil riachtanas mór le cleachtas comhionann i múnlaí bunúsacha ar nós díochlaonadh ainmfhocal agus aidiachtaí, réimniú briathra, agus na rialacha a bhaineann le hathruithe tosaigh ar fhocail, agus gur mór a rachadh sé chun leasa na teanga na nithe sin a thabhairt chun rialtacha oiread agus ab fhéidir.

Le fada siar táthar ag tabhairt cúl le foirmeacha agus rialacha a bhí á gcleachtadh tráth i scríobh na teanga. Ba iad na príomh-chúiseanna a bhí leis sin ársantacht nó anspíantacht áirithe a bheith ag baint leo nó iad a bheith imithe, nó ionann is imithe, as beo-chaint na Gaeltachta. Cheal comhaontú ar na foirmeacha agus na leaganacha a nglacfaí leo ina n-ionad bhí daoine ag déanamh rogha dóibh féin, agus bhí an neamhionannas, agus an neamhchainteacht a ghabhann leis, ag dul i dtreise sa teanga.

Aithnítear coitianta go dteastaíonn caighdeán gramadaí chun gan ligean do na nósanna iomadúla sin dul ó smacht, chun an comhaontas a bhunú in ionad an easaontais, chun deimhniú a thabhairt ar nithe a bhfuil éideimhne ann ina dtaobh faoi láthair, agus chun cruinneas agus slacht a chur in ionad an neamhchruinnis agus an neamhshlachta a thagann den easaontas agus den éideimhne. Is follas gur saoráid don oide scoile é na foirmeacha agus na leaganacha bunaidh céanna a bheith á dteagasc ag a chomhoidí, agus go laghdódh sé dua na foghlama ar an dalta scoile gan malairt foirmeacha agus leaganacha bunaidh a bheith le gabháil chuige aige de réir mar a thiocfadh sé faoi chúram oide nua. Ba áis dóibh araon, idir dhaltaí agus oidí, na leabhair scoile a bheith ag réiteach lena chéile an méid ab fhéidir ar feadh a dtéann bunghréasán na gramadaí.

Ba léir riamh gur ghá caighdeán de chineál éigin le haghaidh gnóthaí oifigiúla, agus tá formhór Gaeilgeoirí suite de um an dtaca seo nach féidir forás mar is ceart a theacht faoin drámaíocht, faoin iriseoireacht, faoin scríbhneoireacht, ná faoi fhorbairt na Gaeilge le haghaidh an Raidió agus na scannán, gan comheagrú agus comhardú áirithe a dhéanamh ar ghramadach agus foclóir na Gaeilge ionas go mbeadh sí inniúil ar dhul i gcoimhlint leis an mBéarla agus le go gcuirfí í ar comhrian le teangacha na bpobal cultúrtha eile. Sa bhliain 1953 foilsíodh *Gramadach na Gaeilge — Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* d'fhonn go bhfaighfí tuairimí agus moltaí ón bpobal a chuideodh leis an Rannóg

córas deilbhíochta a leagan amach a bheadh oiriúnach lena ghlacadh mar chaighdeán comhchoiteann. Tar éis na tuairimí agus na moltaí go léir a fuarthas a bhreithniú chuathas i gceann an córas sin a leasú agus ullmhaíodh dréacht de leagan leasaithe a cuireadh faoi bhráid daoine arbh eol suim ar leith a bheith acu i ngramadach na Gaeilge agus saineolas acu uirthi.

I dtús na bliana 1957 cinneadh ar an leabhrán bunaidh agus an leagan leasaithe sin, agus na tuairimí agus na moltaí go léir a fuarthas orthu, a athbhreithniú. Rinneadh cíoradh agus scagadh agus scrúdú ó bhonn ar an scéal agus dá thoradh sin ullmhaíodh nuadréacht. Fuarthas comhairle chúntach ó chainteoirí dúchais as gach ceann de na Gaeltachtaí, ó mhúinteoirí, agus ó dhaoine eile a raibh eolas ar leith acu ar an teanga, agus comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais an leabhrán seo a fhoilsiú mar chaighdeán le haghaidh gnóthaí oifigiúla agus mar threoir do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne. Tugann an caighdeán seo aitheantas ar leith d'fhoirmeacha agus do rialacha áirithe ach ní chuireann sé ceartfhoirmeacha eile ó bhail ná teir ná toirmeasc ar a n-úsáid.

An té a chloífidh leis na foirmeacha agus na rialacha a léirítear sa leabhrán seo féadfaidh sé bheith deimhin de go bhfuil formhór na bhfoirmeacha agus na rialacha sin ag réiteach le gnás na teanga beo agus go bhfuil gach uile fhoirm agus riail díobh (ach cúpla leagan sna huimhreacha) ag freagairt do ghnás Gaeilgeoirí maithe i gceantar éigin den Ghaeltacht.

Seo iad na buntreoracha a ndearnadh an caighdeánú dá réir:—

1. Chomh fada agus ab fhéidir sin gan glacadh le foirm ná riail nach bhfuil údarás maith di i mbeotheanga na Gaeltachta;
2. Rogha a dhéanamh de na leaganacha is forleithne atá in úsáid sa Ghaeltacht;
3. An tábhacht is dual a thabhairt do stair agus litríocht na Gaeilge;
4. An rialtacht agus an tsimplíocht a lorg.

B'éigean go minic comhréiteach a dhéanamh idir na buntreoracha sin. Seo léiriú achomair ar an modh inar cuireadh i bhfeidhm iad:

Na hAinmfhocail

Gabhadh leis an gcóras díochlaontaí a bhfuil taithí air ó foilsíodh gramadach Sheáin Uí Dhonnabháin breis is céad bliain ó shin.

Sa Chéad Díochlaonadh bhí rogha le déanamh idir an t-íolra caolaithe agus an tréaniolra a fhaightear in áiteanna ag roinnt ainmfhocal, e.g., *boinn, bonnaí, bonnachai, bonnúchái; capaill, caiple, capaillí; cuntais, cuntaisí; páipéir, páipéirí; tairbh, tarai*. De ghrá na rialtachta agus ós é an nós is forleithne é, agus is fearr a réitíonn le gnás na litríochta, socraíodh ar an íolra caol.

Bhí réiteach le déanamh freisin i dtaobh ainmfhocal ar nós *dochtúir, dochtúir; nádúr, nádúir*, a chuirtear sa Chéad agus sa Tríú Díochlaonadh, agus i dtaobh ainmfhocal ar nós *rásúr* atá baininsneach, agus *rásúrach* sa ghinideach aige, in áiteanna. Beartaíodh ar na hainmfhocail a bhain le daoine, e.g., *dochtúir, táilliúir*, a chur sa Tríú Díochlaonadh agus na cinn eile a chur sa Chéad Díochlaonadh. I gcás ainmfhocal ar nós *siúinéir, siúinéar(a); lintéir, lintéar*, rinneadh socrú mar sin freisin, is é sin, *-éir* (Tríú Díochlaonadh) do na cinn a bhaineann le daoine, agus *-éar* (Céad Díochlaonadh) do na cinn eile.

Sa Dara Díochlaonadh ba í fadhb ba mhó a bhí ann teacht ar réiteach i dtaobh an tabharthaigh uatha. Tá an t-idirdhealú idir ainmneach agus tabharthach ag dul as feidhm le fada agus is annamh an dá fhoirm á n-úsáid go cruinn taobh le taobh sa Ghaeltacht. Cinneadh ar fhoirm an ainmnigh a choinneáil sa tabharthach i gcás ainmfhocal ilsiollach. I gcás na n-ainmfhocal aonsiollach scrúdaíodh liostaí ainmfhocal agus nuair a fuarthas go raibh foirm an tabharthaigh tagtha i dtreis chomh mór sin san ainmneach go raibh íolra dá réir bunaithe dó gabhadh leis an bhfoirm sin don dá thuiseal.

Sa Tríú agus sa Cheathrú Díochlaonadh glacadh leis na híolraí tréana chomh fada agus ab fhéidir i dtreo, taobh amuigh den Chéad agus den Dara Díochlaonadh, nach bhfuil fágtha ach fíorbheagán ainmfhocal nach ionann foirm dóibh i dtuisil uile an íolra.

Tá mórán ainmfhocal ann a bhíonn anonn is anall sna canúintí idir an Dara, an Tríú, an Ceathrú agus an Cúigiú Díochlaonadh. Rinneadh iarracht iad a roinnt ar na díochlaontaí ab oiriúnaí dóibh, de réir na mbuntreoracha atá luaite thuas.

An Aidiacht

Rinneadh aon díochlaonadh amháin den Chéad agus den Dara Díochlaonadh ba ghnáth ann roimhe seo. Tugadh neamhaird ar an bhfoirm ar leith don tuiseal tabharthach, foirm atá imithe i léig ar fad sa chaint beagnach. Glacadh leis an nós is treise agus is simplí i dtaobh foirm na haidiachta agus an ainmfhocail a bheith ag comhtheacht le chéile sa ghinideach iolra.

Na hUimhreacha

I gcúrsaí na n-uimhreacha níorbh fhéidir cloí le nós na cainte i gcónaí. Teastaíonn córas a bheadh soláimhsithe ag daoine a bheadh ag gabháil don uimhríocht agus don mhatamaitic. Chun sin a cheapadh b'éigean dul i muinín na litríochta, agus i gcás na gcodán b'éigean glacadh le roinnt leaganacha saorga.

Tá taithí choitianta ar na maoluimhreacha mar atá siad sa leabhrán seo agus údarás maith leo. Briseadh leis an nós is gnáth sna leabhair ghramadaí, foirm iolra an ainmfhocail a chur leis na huimhreacha, ar an ábhar go bhfuarthas, tar éis an scéal a scrúdú, gur minice go mór a *chaitear* an t-uatha a úsáid leo agus gur mar sin is fusa don fhoghlaiméoir. Tá samplaí le fáil i seanscríbhinní don nós a cheadaítear, ar mhaithe leis an éascaíocht, do na huimhreacha móra. *Ní bhfuarthas údarás ar bith do leaganacha ar nós “fiche a dó fear” ná ní mbeastar gá ná riachtanas a bheith leo.*

Na Briathra

Tugadh comhrogha ar an bhfoirm don Mhodh Foshuiteach Caite ó tá cúrsaí comhréire i gceist, agus, cé nach bhfuiltear á ligean isteach mar chaighdeán, ceadáíodh an fhoirm choibhneasta toisc bá mhór a bheith leis fós in dhá chanúint.

Bhíothas sásta tríd is tríd leis an rogha a moladh cheana idir na foirmeacha táite agus na foirmeacha scartha den bhriathar agus measadh gurbh fhéarr iad a fhágáil mar sin. Géilleadh i gcás an tsaorbhriathair don nós is treise sa Ghaeltacht, is é sin, séimhiú mar a théann ar fhoirmeacha eile a dhul air ach amháin san Aimsir Chaite.

Tá claonadh láidir i gceann de na príomhchanúintí na briathra coimrithe a chur sa Chéad Réimniú ach is é claonadh atá go tréan sa dá phríomhchanúint eile iad a chur sa Dara Réimniú. Ós é an dara ceann is fearr a théann chun rialtacht a bhí dhá chúis mhaithe lena gcur sa Dara Réimniú.

I gcomórtas le teangacha eile tá an Ghaeilge saor go maith ó bhriathra neamhrialta, ach toisc a mhínice a bhíonn gnó díobh tá éileamh láidir ar iad a shimplíú. Ba é ba rialta *deirim* a fhágáil saor ó shéimhiú i gcónaí, agus na foirmeacha spleácha *abraim* (nó *abraitm*), etc., a ligean ar lár. Réitíonn sé leis an gcaint sa chuid is mó den Ghaeltacht cuid

de na foirmeacha neamhspleácha atá ag *faighim* a fhágáil ar lár. I gcás feicim bhí rogha le déanamh idir (a) *cím*, etc. san fhoirm neamhspleách agus *ní chím*, etc., san fhoirm spleách, (b) *chím* nó *tím*, etc., san fhoirm neamhspleách agus *ní fheicim*, etc., san fhoirm spleách, agus (c) *feicim*, *ní fheicim*, etc., sna foirmeacha sin. Ba é socrú ba shimplí agus ba rialta *feicim* a thoghadh mar chaighdeán. Níorbh fhéidir neamhaird a thabhairt ar na leaganacha ar leith atá ag *déanaim*, *téim*, san fhoirm spleách toisc go mbeadh sin ag neamhréiteach an iomad le dhá phríomhchanúint.

Sna hainmneacha briathartha féachadh leis na foircinn iomadúla a thabhairt chun rialtachta. De ghrá na simplíochta, agus ar iarratas múinteoirí agus daoine eile, cuireadh ar ceal an mhalairt litrithe don aidiacht bhriathartha agus do ghinideach an ainm bhriathartha i gcás ainmneacha briathartha den Dara Réimniú a chríochnaíonn ar *-ú*. Coinníodh *-uite*, *áfach*, in iolra na n-ainmneacha briathartha.

Séimhiú agus Urú

Measadh nach bhfuil an t-ionú ann fós chun an choimhlint idir séimhiú agus urú ar lorg réamhfhocail lena ngabhann an t-alt a shocrú go cinnte. Má tá fairsinge ag nós acu de bhreis ar an nós eile tá sé ródheoranta faoi láthair ag an líon mór Gaeilgeoirí arb é an nós eile is dúchas dóibh, nó is cleachtadh leo, chun go mbeifí ag súil go ngéillfidís dó. Níorbh fhéidir dul níos faide le comhréiteach eatarthu ná *d* agus *t* a fhágáil lom, gan *t* a chur roimh *s* ná aidiacht a shéimhiú mura mbeadh sin le déanamh san ainmneach, agus glacadh le séimhiú i ndiaidh *den*, *don*, *san*.

Ina lán cásanna ina mbeadh súil le séimhiú ar ainmfhocal ar lorg ainmfhocail eile tá an neamhshéimhiú coitianta sa Ghaeltacht. Rinneadh iarracht ar rialacha a leagan amach a mhíneodh an neamhshéimhiú sin ach níl sé le tuiscint go bhfuil míniú tugtha iontu ar gach aon chás díobh. Níor mhór chuige sin gramadach thuarascálach do gach ceann de na canúintí.

Faightear séimhiú, neamhshéimhiú, agus *t* roimh *s*, sa dara cuid de chomhfhocail nuair a thagann *d*, *n*, *t*, *l*, *s* le chéile. Is é is rialta agus is simplí an neamhshéimhiú a bheith mar chaighdeán.

Féachadh le simplíocht agus slacht a lorg sna rialacha i dtaobh *h* a chur roimh fhocail. Socraíodh gan *h* a scríobh i ndiaidh *ní* ach amháin roimh na forainmneacha *é*, *í*, *iad*, *ea*.

San aimsir chaite den Saorbhriathar tá, e.g., *Hardaíodh*, (nó *hArdaíodh*), *Do hardaíodh* agus *ardaíodh* le fáil sa chaint. Measadh gurb é an ceann deiridh is slachtmhaire sa scríobh.

Rinneadh tagairt do chúrsaí comhréire i gcásanna áirithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an deilbhíocht.

Rannóg an Aistriúcháin,
Oifig Thithe an Oireachtais,
Teach Laighean,
Iúil, 1958.

CAIBIDIL 1 / AN tALT

1.1 GINEARÁLTA

Níl ach alt amháin sa Ghaeilge — an t-alt cinnte. Níl aon alt éiginnte ann.

Ós rud é go bhfuil alt cinnte agus alt éiginnte i roinnt teangacha, an Béarla mar shampla, is minic an t-alt cinnte á fhágáil ar lár i gcás teidil, gan dochar don bhrí: mar shampla, *Finance Minister*. Tuigtear gurb ionann *Finance Minister* agus *the Finance Minister*; *Department of Education* agus *The Department of Education*. Sa Ghaeilge, áfach, toisc nach bhfuil aon alt éiginnte ann, ní mór an t-alt a úsáid i gcásanna den sórt sin: *An tAire Airgeadais*; *An Roinn Oideachais*; *An Oifig um Rialú Tobac*; *An Phríomh-Oifig Staidrimh* (ach, ar ndóigh, *Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann*).

Ní mór an t-alt a úsáid i gcónaí nuair a dhéantar tagairt do dhátaí: *an 12 Aibreán nó an 12ú lá d'Aibreán*. Is féidir an réamhfhocal *ar* a fhágáil ar lár: *pósfaidh siad an 26 Feabhra* nó *pósfaidh siad ar an 26 Feabhra*.

Ní mór an t-alt a úsáid i dteideal duine roimh ainm dílis: *An tAthair Peadar Ua Laoghaire*, *An Captaen Ó Murchú*, *An tUachtarán Ó Cinnéide*, *An Múinteoir Pól*. Tá sé thar a bheith tábhachtach an t-alt a úsáid i gcás den sórt sin, go háirithe i gcás ainmneacha gallda agus ainmneacha Gaeilge nach n-athraítear sa tuiseal ginideach. Cuir i gcás na habairtí *múinteoir Kate* agus *múinteoir Ailbhe* — ciallaíonn siad sin *an múinteoir atá ag Kate* agus *an múinteoir atá ag Ailbhe*, faoi seach. Mar sin, is iad na teidil chearta ar na múinteoirí Kate agus Ailbhe *An Múinteoir Kate* agus *An Múinteoir Ailbhe*, más múinteoirí iad Kate agus Ailbhe.

Nuair atá brí theibí, nó brí ghinearálta, leis an ainmfhocal, is iondúil an t-alt a úsáid:

*an grá agus an ghruaim
ní maith í an fhearg
nuair a bhíonn an fion istigh, bíonn an chiall amuigh
tugadh isteach an colscaradh in Éirinn roinnt blianta ó shin
taiscéaladh sa spás
taisteal san am
inseoidh an aimsir
an bhruittíneach*

*forbairt na tuaithe
is maith an t-anlann an t-ocras.*

FOIRM

Tá dhá fhoirm den alt ann: *an* agus *na*. Is le hinscne, tuiseal, uimhir agus túslitir an ainmfhocail a bhaineann foirm an ailt agus an tionchar a bhíonn aige ar thús ainmfhocail.

1.2 AN TUISEAL AINMNEACH AGUS AN TUISEAL CUSPÓIREACH UATHA

		Túslitir an Ainmfhocail	An Tionchar ar an Túslitir	Foirm an Ailt	Samplaí
FIRINSCNEACH	CONSAIN	consan	gan aon athrú	an	an cnoc an diabhal an fear an saol an Seapánach an teach
	GUTAÍ	guta	<i>t</i> roimhe	an	an t-íochtar an t-uisce an t-alt an tAcht an tAlbanach
BAININSCNEACH	CONSAIN	consan inséimhithe (<i>seachas d, s nó t</i>)	séimhiú	an	an fhuinneog an chaibidil
		<i>d</i> nó <i>t</i>	gan aon athrú	an	an deoch an teanga
		<i>s</i>	<i>t</i> roimhe	an	an tsráid an tSeapáin
	GUTAÍ	guta	gan aon athrú	an	an áit an Astráil an Iodáil an obair

1.3 AN TUISEAL TABHARTHACH UATHA

1.3.1 GINEARÁLTA

Is ceadmhach ainmfhocail uatha sa Tuiseal Tabharthach* a shéimhiú, a urú nó a fhágáil lom de réir mar atá leagtha amach sna leathanaigh ina dhiaidh seo. Dar ndóigh, tá sé inghlactha, freisin, meascán de na hathruithe tosaigh a úsáid ach patrún soiléir a leanúint ó thús go deireadh saothair scríofa. Moltar cloí le patrún dúchasach canúna faoi leith nó le córas seanbhunaithe an Chaighdeáin Oifigiúil.

Mar a léirítear sna córais thíos:

- I gcás na réamhfhocal *de, do, faoi, i* agus *ó*, déantar cumasc idir an réamhfhocal agus an t-alt san uimhir uatha: *de + an > den; do + an > don; faoi + an > faoin; i + an > (in) sal/(in)san; ó + an > ón*.
- Bíonn foirmeacha ar leith ar na réamhfhocail seo a leanas nuair a thagann siad roimh an alt san uimhir uatha: *fara > fairs; le > leis; trí > tríd*.
- Is é an tuiseal ainmneach a leanann na réamhfhocail *gan, idir* agus *mar* de ghnáth: *gan an t-uisce, idir an t-am sin agus an t-am seo, mar an t-aistriúchán*. I gcorrleagan seanbhunaithe, déantar urú ar lorg *mar* agus an t-alt: *mar an gcéanna*. I gcás cúpla leagan seanbhunaithe, ní cheadaítear ach leagan amháin, e.g., *mar an gcéanna; um an dtaca*.

* Tugtar an tuiseal tabharthach anois ar an tuiseal a thagann i ndiaidh na réamhfhocal *a, ag, ar, as, chuig, dar, de, do, faoi, fara, go, i, ionsar, le, maidir le, ó, os, roimh, thar, trí* agus *um*. Go stairiúil, ar ndóigh, leanadh an tuiseal cuspóireach agus an tuiseal tabharthach réamhfhocail ar leith; cuid acu leanadh an tuiseal cuspóireach nó an tuiseal tabharthach iad ag brath ar an gcomhthéacs. Is ón seantuiséal cuspóireach a thagann córas an uraithe agus is ón seantuiséal tabharthach a thagann córas an tséimhithe.

1.3.2 CÓRAS SEANBHUNAITHE AN CHAIGHDEÁIN OIFIGIÚIL

- (a) Ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús consan (seachas *d*, *t* agus *s*) — séimhiú i ndiaidh *den*, *don*, *sa(n)* agus urú i ngach cás eile.

AN CÓRAS SEANBHUNAITHE FIRINSNEACH AGUS BAININSNEACH AINMFHOCAIL DAR TÚS CONSAN SEACHAS <i>d</i>, <i>t</i> AGUS <i>s</i>	ag an bhfear	ag an gcuideachta
	ar an mballa	ar an mbean
	as an ngnách	as an bpáirc
	chuiġ an gCoimisiún	chuiġ an mbean, chuiġ an nGearmáin
	den chrann	den bhean
	don fhear	don chuideachta
	fairis an ngarda	fairis an mbean
	faoin bhfógra	faoin ngrian
	sa bhosca, sa fhraoch <i>ACH</i> i gcás ‘f’ roimh ghuta: san fhéar	sa Fhrainc, sa pháirc <i>ACH</i> i gcás ‘f’ roimh ghuta: san fharraige
	leis an bhfasach	leis an mbáisteach
	ón gcrann	ón gcos
	roimh an gcruinniú	roimh an mbainis
	thar an gcnoc	thar an bhfarraige
	tríd an ngairdín	tríd an bhfuinneog
um an mbaile	um an ngníomhaireacht	

(b) Ainmfhocail fhirinsneacha agus bhaininsneacha dar tús *d* nó *t* — gan athrú.

AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH AINMFHOCAIL DAR TÚS <i>d</i> NÓ <i>t</i>	ag an duine, ag an teas	ag an deirfiúr, ag an tine
		ar an díon, ar an teastas	ar an dóigh, ar an tionóisc
		as an dorchadas, as an talamh	as an drochíde, as an Tulach
		chuig an dochtúir, chuig an tórramh	chuig an Danmhairg, chuig an Téalainn
		den diosca, den Teachta	den diúscairt, den toimhde
		don dinnéar, don tráchtas	don dordveidhil, don teanga
		fairis an dochtúir, fairis an taidhleoir	fairis an drong, fairis an tagairt
		faoin dréimire, faoin taighde	faoin deacracht, faoin tréith
		sa droim, sa teaghlach	sa dramhaíl, sa tír
		leis an druma, leis an téarma	leis an deoch, leis an tallann
		ón deartháir, ón taobh	ón deacracht, ón taithí
		roimh an dola, roimh an tarbh	roimh an deighilt, roimh an tréimhse
		thar an droichead, thar an teach	thar an diallait, thar an tairseach
		tríd an duine, tríd an tangant	tríd an drochaimsir, tríd an tuile
		um an Dlí Coiriúil, um an toghchán	um an Dáil, um an teaghlaim

(c) Ainmfhocail fhirinsneacha dar tús s — gan athrú.

AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AINMFHOCAIL FHIRINSCNEACHA DAR TÚS s	ag an Seapánach
		ar an saol
		as an salachar
		chuing an Seanad
		den sochar
		don Seanadóir
		fairis an sagart
		faoin sonrasc
		sa soitheach
		leis an salann
		roimh an samhradh
		thar an seol
		tríd an sorcóir
		um an séarachas

- (d) Ainmfhocail bhaininsneacha dar tús *s* — cuirtear *t* roimh an *s*, seachas ainmfhocail dar tús *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-*, nó *sv*.

AN CÓRAS SEANBHUNAITHE	AINMFHOCAIL BHAININSCNEACHA DAR TÚS <i>s</i>	ag an tseanmháthair
		ar an tsráid
		as an tSeapáin
		chuig an tSicil
		den tslándáil
		don tsaoirse
		fairis an tseanbhean
		faoin tslí
		sa tseile
		leis an tslat
		ón tsochaí
		roimh an tseachtain
		thar an tSabhrainn
		tríd an tseift
um an tseirbhís		

1.3.3 CÓRAS AN URAITHE

CÓRAS AN URAITHE FIRINSNEACH AGUS BAININSNEACH AINMFHOCAIL DAR TÚS CONSAN INURAITHE	ag an nduine, ag an bhfear, ag an dteas	ag an gcuideachta, ag an ndeirfúr, ag an dtairiscint
	ar an mballa, ar an ndíon, ar an dtráidire	ar an mbean, ar an ndruid, ar an dtreoir
	as an ndorchadas, as an ngnách, as an dteach	as an ndrochíde, as an bpáirc, as an dtine
	chuíg an gCoimisiún, chuíg an ndoras, chuíg an dTaoiseach	chuíg an mbean, chuíg an nGearmáin, chuíg an dTéalainn
	den gcrann, den ndosaen, den dtalamh	den mbean, den ndoineann, den dtuismeá
	don ndochtúir, don bhfear, don dteach	don gcuideachta, don ndordveidhil, don dteanga
	fairis an ndochtúir, fairis an ngarda, fairis an dtaidhleoir	fairis an mbean, fairis an ndrong, fairis an dtagairt
	faoin ndrémire, faoin bhfógra, faoin dtéarma	faoin ndeacracht, faoin ngrian, faoin dtarraingt
	insan/(in)sa mbosca, insan/(in)sa bhféar, insan/(in)sa bhfraoch	insan/(in)sa bhfarraige, insan/(in)sa bhFrainc, insan/(in)sa bpáirc
	leis an ndruma, leis an bhfasach, leis an dteastas	leis an mbáisteach, leis an ndeoch, leis an dtallann
	ón gcrann, ón ndeartháir, ón dtaobh	ón gcos, ón ndeacracht, ón dtaití
	roimh an gcruinniú, roimh an ndola, roimh an dtarbh	roimh an mbainis, roimh an ndeighilt, roimh an dtréimhse
	thar an genoc, thar an ndroichead, thar an dteach	thar an ndiallait, thar an bhfarraige, thar an dtairseach
tríd an nduine, tríd an ngairdín, tríd an dtangant	tríd an ndrochaimsir, tríd an bhfuinneog, tríd an dtuille	
um an mbaile, um an ndlí, um an dtoghchán	um an nDáil, um an ngníomhaireacht, um an dteaghlaim	

1.3.4 CÓRAS AN tSÉIMHITHE

Chun críocha chóras seo an tséimhithe, glactar leis gur séimhiú ar *s* an *t*, ach ní shéimhítear ainmfhocail dar tús *sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-* ná *sv-*.

CÓRAS AN tSÉIMHITHE FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH AINMFHOCAIL DAR TÚS CONSAIN INSEIMHITHE SEACHAS <i>d</i> AGUS <i>t</i>	ag an fhear, ag an tsáile	ag an chuideachta, ag an tseanmháthair
	ar an bhalla, ar an tsaol	ar an ghé, ar an tsráid
	as an ghnách, as an tsalachar	as an pháirc, as an tSeapáin
	chuing an Choimisiún, chuing an tSeanad	chuing an Ghearmáin, chuing an tSicil
	den chrann, den tsuíochán	den bhean, den tslándáil
	don fhear, don tslabhra	don chuideachta, don tsaoirse
	fairis an gharda, fairis an tsagart	fairis an bhean, fairis an tseanbhean
	faoin fhógra, faoin tsonrasc	faoin mhoill, faoin tslí
	insan/(in)sa bhosca, insan/(in)sa fhraoch, insan/(in)sa tsamhradh <i>ACH</i> i gcás 'f' roimh ghuta: (in)san fhéar	insan/(in)sa Fhrainc, insan/(in)sa pháirc, insan/(in)sa tseile <i>ACH</i> i gcás 'f' roimh ghuta: (in)san fharraige
	leis an fhasach, leis an tsalann	leis an bháisteach, leis an tslat
	ón chrann, ón tsliogán	ón chos, ón tsochaí
	roimh an chruinniú, roimh an tsamhradh	roimh an bhainis, roimh an tseachtain
	thar an chnoc, thar an tsruth	thar an fharraige, thar an tSabhrainn
	fríd /tríd an ghairdín, fríd /tríd an tsneachta	fríd /tríd an fhuinneog, fríd /tríd an tseift
um an bhaile, um an tséasúr	um an ghníomhaireacht, um an tseirbhís	

1.3.5 GAN ATHRÚ TOSAIGH – GACH CÓRAS

GAN ATHRÚ TOSAIGH FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH AINMFHOCAIL DAR TÚS GUTA	ag an Albanach	ag an aois
	ar an asal	ar an olann
	as an uisce	as an iris
	chuig an Aire	chuig an Ostair
	den alt	den uimhir
	don údarás	don obair
	fairis an oifigeach	fairis an ógbhean
	faoin ionchúiseamh	faoin eachtra
	insan/san aer	insan/san Astráil
	leis an ocras	leis an oiliúint
	ón ionad	ón ithir
	roimh an earrach	roimh an oíche
	thar an am	thar an Iorua
	tríd an ospidéal	tríd an áit
um an Acht	um an eagraíocht	

1.4 AN TUISEAL GINIDEACH UATHA

		Túslitir an Ainmfhocail	An Tionchar ar an Túslitir	Foirm an Ailt	Samplaí	
FIRINSCNEACH	CONSAIN	consan inséimhithe (seachas <i>d, s</i> agus <i>t</i>)	séimhiú	an	barr an chnoic hata an fhir	
		<i>d</i> agus <i>t</i>	gan aon athrú	an	chun an diabhail doras an tí	
		<i>s</i>	<i>t</i> roimhe	an	tús an tsaoil pas an tSeapánaigh	
	GUTAÍ	guta	gan aon athrú	an	droim an asail de réir an ailt faoi réir an Achta pas an Albanaigh	
	BAININSCNEACH	CONSAIN	consan	gan aon athrú	na	leac na fuinneoige deireadh na caibidle bun na sráide muintir na Téalainne
		GUTAÍ	guta	<i>b</i> roimhe	na	timpeall na háite foireann na hÍsiltíre

1.5 AN tIOLRA

Foirm an ailt: *na*

Is ionann foirm an ailt don dá inscne agus sna tuisil go léir san uimhir iolra.

1.5.1 AN TUISEAL AINMNEACH AGUS AN TUISEAL CUSPÓIREACH IOLRA

		Túslitir an Ainmfhocail	An Tionchar ar an Túslitir	Foirm an Ailt	Samplaí
FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH	CONSAIN	consan	gan aon athrú	na	na cnoic na fuinneoga na Seapánaigh na sráideanna
	GUTAÍ	guta	<i>b</i> roimhe	na	na hasail na hAlbanaigh na hÉireannaigh na hAchtanna na hÍomhánna na háiteanna

1.5.2 AN TUISEAL TABHARTHACH IOLRA

Déantar cumasc idir an réamhfhocail *i* agus an t-alt san uimhir iolra: *i + na > sna*.

Tá foirm ar leith ar na réamhfhocail seo a leanas roimh an alt san uimhir iolra: *fara > fairis; le > leis*.

		Túslitir an Ainmfhocail	An Tionchar ar an Túslitir	Foirm an Ailt	Samplaí
FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH	CONSAIN	consan	gan aon athrú	na	ag na fir ar na mná as na seirbhísí chuig na mic léinn de na crainn do na Teachtaí faoi na daoine fairis na Gardaí leis na fasaigh ó na múinteoirí roimh na cait sna boscaí thar na farraigí trí na gairdíní um na coillte
	GUTAÍ	guta	<i>b</i> roimhe	na	ag na hiníonacha ar na hoileáin as na hirísí chuig na hoifigigh de na huimhreacha do na hoibreacha faoi na heachtraí fairis na hógmhna leis na heochracha ó na hÉireannaigh roimh na héin sna heitleáin thar na háiteanna trí na haistriúcháin um na hAchtanna

1.5.3 AN TUISEAL GINIDEACH IOLRA

		Túslitir an Ainmfhocail	An Tionchar ar an Túslitir	Foirm an Ailt	Samplaí
FIRINSCNEACH AGUS BAININSCNEACH	CONSAIN	consan	urú	na	trasna na gcnoc leaca na bhfuinneog trasna na dtonnnta
	GUTAÍ	guta	urú	na	cosa na n-asal líon na n-áiteanna costas na n-oibreacha líon na nAlbanach

CAIBIDIL 2 / AN tAINMFHOCAL

2.1 GINEARÁLTA

2.1.1 NA DÍOCHLAONTAÍ

Roinntear na hainmfhocail i gcúig dhíochlaonadh, de réir fhoirm a dtuiscil ghinidigh, mar a léirítear sna táblaí ar leathanaigh 32-33.

2.1.2 NA TUISIL

An t-ainmneach agus an cuspóireach. Is ionann foirm don dá thuiséal seo anois, san uatha agus san iolra, agus uime sin áirítear iad araon faoin teideal *Ainmneach* anois i ndíochlaonadh na n-ainmfhocail.

An tabharthach. Sa teanga oifigiúil, is ionann foirm freisin don tabharthach agus don ainmneach, uatha agus iolra (ach féach 2.3.3) agus áirítear an tuiséal sin freisin faoin teideal *Ainmneach*.

An ginideach. Tugtar foirm an ghinidigh sna díochlaontaí éagsúla sna táblaí thall agus sa trácht ar na díochlaontaí ar leithligh.

An gairmeach. Sa tuiséal gairmeach, cuirtear an mhír *a* roimh an ainmfhocail agus séimhítear túschonsan an ainmfhocail ar a lorg. Is ionann foirm don ghairmeach agus don ainmneach ach amháin sa Chéad Díochlaonadh agus ní gá an gairmeach a shonrú ar leithligh taobh amuigh den díochlaonadh sin.

2.1.3 AN tIOLRA

Is féidir iolraí na n-ainmfhocail a roinnt ina dhá bpríomhaicme:—

Lagiolraí

Tugtar lagiolra ar iolra ainmfhocail i gcás nach ionann foirm an ghinidigh iolra agus foirm na dtuiséal eile san iolra.

Leis an aicme sin, baineann:—

- (a) ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan san ainmneach, uatha agus iolra, e.g., *fír, fear; eitleáin, eitleán*. Sa Chéad Díochlaonadh amháin atá na hainmfhocail sin;
- (b) ainmfhocail a ghabhann *-a* gan coimriú ná malartú guta nó gutaí ná leathnú ar an mbunfhoirm — cailleann siad an *-a* sa ghinideach iolra. Is sa Dara Díochlaonadh is mó atá na hiolraí sin;
- (c) dornán ainmfhocail sa Dara Díochlaonadh (e.g., *dúil, glúin, súil*) agus dornán sa Chúigiú Díochlaonadh (e.g., *caora, faocha, lacha*) agus corr-ainmfhocail neamhrialta (e.g., *bó, bean*) a bhfuil foirm leithleach orthu sa ghinideach.

Tréaniolraí

Tugtar tréaniolra ar iolra ainmfhocail i gcás gurb ionann foirm do na tuisil ar fad san iolra. Baineann gach iolra nach bhfuil luaite faoi (a), (b) nó (c) thuas leis an aicme sin.

Tá méadú ag teacht ar líon na dtréaniolraí sa chaint le blianta beaga anuas e.g., *Sathairn, Sathairntí; costais, costaisí; ticéid, ticéidí; páipéir, páipéirí; méara, méireanta; punanna, punannacha; deora, deoracha; leibhéil, leibhéalacha; úlla, úllai; sioba, siobanna; suímh, suíomhanna; éin, éanacha; gadhair, gadhracha; leabhair, leabharthaí; leaca, leacacha; báid, báidai; fuinneoga, fuinneogai; bainc, bancanna; ailt, altanna; naisc, nascanna; radhairc, radharcanna*, etc. Is ceadmhach tréaniolraí den sórt sin a úsáid i gcáipéisí neamhoifigiúla ach, de bhrí go bhfuil an-éagsúlacht idir na leaganacha a bhíonn in úsáid sna canúintí éagsúla, moltar cloí leis na lagiolraí caighdeánacha i gcáipéisí oifigiúla.

2.1.4 CAOLÚ

Is é is caolú ann i ndíochlaonadh ainmfhocail consan leathan — is é sin, consan a bhfuil *a, o* nó *u* roimhe — a dhéanamh caol. Caolaítear é de ghnáth trí *-i-* a chur roimhe, e.g., *cnoc, cnoic*.

Is iondúil go n-athraítear gutaí áirithe mar a leanas nuair a chaolaítear an consan ina ndiaidh:—

- (a) *-ea-* agus *-io->-i-*. e.g., *ceann, cinn; fionn, finn* (ach in ainmfhocail aonsiollacha áirithe *-ea->-ei-*, e.g., *each, eich*);
- (b) *-éa-* agus *-ia->-éi-*, e.g., *béal, béil; iasc, éisc*;

(c) *-ío->-í-*, e.g., *siol, síl*;

(d) in ainmfhocail ilsíollacha, *-ach>-aigh*, *-each>-igh*, *-íoch>-ígh*, e.g., *bithiúnach, bithiúnaigh*; *cléireach, cléirigh*; *gaiscíoch, gaiscigh*. Baineann an t-athrú sin leis na hainmfhocail aonsíollacha seo a leanas a scríobhtaí tráth mar fhocail dhá shíolla: *dúch, dúigh*; *fiach, faigh*; agus le corr-ainmfhocail aonsíollach eile, e.g., *fraoch, fraoigh*.

2.1.5 LEATHNÚ

Is ionann leathnú i ndíochlaonadh ainmfhocail agus malairt an ní is caolú ann. Déantar an leathnú de ghnáth tríd an *-i-* roimh an gconsan deiridh a ligean ar lár, e.g., *athair, athar*; *droim, droma*.

Athraítear gutaí áirithe, go hiondúil, mar a leanas nuair a leathnaítear iad:—

(a) *-ei-, -i-, >-ea-*, e.g., *greim, greama*; *mil, meala*;

(b) *-éi->-éa-*, e.g., *úinéir, úinéara*;

(c) *-ui->-o-*, e.g., *fuil, fola*.

2.1.6 COIMRIÚ

Is é is coimriú ann guta nó gutaí atá gairid neamhaiceanta a ligean ar lár as focal nuair a dhéantar infhillleadh gramadaí air, e.g., *obair, oibre*; *cathair, cathrach*.

2.1.7 GEARRLÉIRIÚ AR NA DÍOCHLAONTAÍ

DÍOCHLAONADH	UATHA		IOLRA		INSCNE
	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	
An Chéad Díochlaonadh	Críochnataonn ar chonsan leathan, e.g., <i>báid, marcach, ceol, cáis</i> .	Caolaitear an consan deiridh, e.g., <i>báid, marcáigh, ceoil, cáis</i> .	Ar aon fhoirm de ghnáth leis an nginideach uatha, e.g., <i>báid, marcáigh</i> .	Ar aon fhoirm de ghnáth leis an ainmneach uatha, e.g., <i>báid, marcach</i> .	Firinscneach
			I gcás tréaniolraí, is ionann foirm do na tuisil go léir; e.g., <i>ceolba, cásanna</i> .		
An Dara Díochlaonadh	Críochnataonn ar chonsan (leathan nó caol), e.g., <i>bróg, áit, aisling, foirm, pian, tír, coill, scornach, baintréach</i> .	Críochnataonn ar - <i>e</i> , e.g., <i>bróige, áite, aislinge, foirme, péine, tíre, coille</i> ; nó ar -(<i>o</i>)/ <i>i</i> , e.g., <i>scormaí, baintrí</i> .	- <i>a</i> , e.g., - <i>bróga, scornacha, baintréacha</i> .	Cailltear an - <i>a</i> , e.g., <i>bróg, scornach, baintréach</i> .	Baininscneach ach corrfhocal, e.g., <i>im, siabhbh</i> .
			Na leaganacha -(<i>e</i>)/ <i>anna</i> , - <i>i</i> , (<i>e</i>)/ <i>acha</i> , -(<i>t</i>)/ <i>ta</i> , - <i>te</i> , agus an fhoirm chéanna do na tuisil go léir; e.g., <i>áiteanna, aislingí, foirmeacha, pianna, tíortha, coillte</i> .		

DÍOCHLAONADH	UATHA		IOLRA		INSCNE
	<i>Ainmeach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmeach</i>	<i>Ginideach</i>	
An Tríú Díochlaonadh	Críochnaíonn ar chionsan (leathan nó caol), e.g., <i>báidóir, éacht, lus, fórtáil, gleann, feadaí, tain.</i>	Críochnaíonn ar <i>-a</i> , e.g., <i>báidóra, éachta, lusa, fórtála, gleanna, feadaíola, táina.</i>	Na leaganacha <i>-(a)l, -anna, -acha, -ta, -te</i> , agus an fhoirm chéanna do na tuisil go léir, e.g., <i>báidóirí, éachtaí, lusaanna, fórtálacha, gleanna, táinte.</i>		Firinsneach agus Baininsneach.
An Ceathrú Díochlaonadh	Críochnaíonn ar ghuta nó ar <i>acra, oibrí, trí, asailín</i> . Ní athraíonn sa ghinideach.	Críochnaíonn ar <i>-ín</i> , e.g., <i>acra, oibrí, trí, asailín</i> . Ní athraíonn sa ghinideach.	Na leaganacha <i>-í, -(i)be, -nna</i> , agus an fhoirm chéanna do na tuisil go léir, e.g., <i>acraí, asailíní, oibríthe, tríanna.</i>		Firinsneach agus Baininsneach.
An Cúigú Díochlaonadh	Críochnaíonn ar <i>-il, -in, -ir</i> , nó ar ghuta, e.g., <i>cabhail, cáin, athair, combarsa, fiche.</i>	Críochnaíonn ar chionsan leathan, e.g., <i>cabhail, cáin, athair, combarsan, fichead.</i>	Na leaganacha <i>-cha, -na, -í</i> , agus an fhoirm chéanna do na tuisil go léir, e.g., <i>cabhlaicha, cáinacha, aithreacha, combarsana, fichid.</i>		Baininsneach, ach roinnt bheag Firinsneach.

2.2 AN CHÉAD DÍOCHLAONADH

2.2.1 GINEARÁLTA

- Is leis an díochlaonadh seo a bhaineann formhór na n-ainmfhocal firinsneach a chríochnaíonn ar chonsan leathan san ainmneach uatha.
- Sa ghinideach uatha, caolaítear an consan deiridh, e.g., *bord, boird; nuachtán, nuachtáin*.
- Gabhann na hathruithe a luaitear faoi 2.1.4 leis an gcaolú ach ní athraíonn *-ia-* go *-éi-* sna hainmfhocail seo:— *Brian, Briain; fiach, fiaigh; rian, riain; srian, sriain; trian, triain; cliant, cliaint; fiar, fiar agus gear, gear*.
- Athraíonn *mac* go *mic* sa ghinideach uatha agus san ainmneach iolra.
- Is ionann foirm de ghnáth don ghairmeach uatha agus don ghinideach uatha, e.g., *a mhic, a Sheáin, a liúdramáin*.
- Ní gnách, áfach, infhilleadh sa ghairmeach uatha:—

(a) ar shlua-ainmneacha, e.g., *a phobal, a chombhthionól*;

(b) ar ainmfhocail a úsáidtear le brí mheafarach, nó mar théarmaí ceana, nó i gcomhleagan, e.g., *a cheann cipín, a chumann, a rún, a stór, a ghrá geal, a rós geal, a scáthán an chirt, a shólás na ndobrónach, a Cheann Comhairle*.

2.2.2 AN tIOLRA

Is lagiolraí iad na hainmfhocail a chaolaítear san ainmneach iolra. Tréaniolraí is ea na hainmfhocail eile, seachas corrcheann - *úll, úlla; nod, noda*.

An Gairmeach Iolra

Is ionann foirm don ghairmeach iolra agus don ainmneach iolra ach amháin i gcás na lagiolraí. Is gnách *-a* a chur le foirm an ainmnigh uatha de na hainmfhocail sin chun an gairmeach iolra a dhéanamh, e.g., *fear, a fheara; Gael, a Ghaela; éan, a éana*.

Lagiolraí

(a) Ainmfhocail a chaolaítear san ainmneach iolra, mar a leanas:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
amhrán	amhráin	amhráin	amhrán
bacach	acaigh	acaigh	bacach
bád	báid	báid	bád
beithíoch	beithígh	beithígh	beithíoch
bronntanas	bronntanais	bronntanais	bronntanas
coileach	coiligh	coiligh	coileach
dualgas	dualgais	dualgais	dualgas
éan	éin	éin	éan
eitleán	eitleáin	eitleáin	eitleán
focal	focail	focail	focal
foirgneamh	foirgnimh	foirgnimh	foirgneamh
Gael	Gaeil	Gaeil	Gael
garsún	garsúin	garsúin	garsún
gasúr	gasúir	gasúir	gasúr
iasc	éisc	éisc	iasc
inneall	innill	innill	inneall
leon	leoin	leoin	leon
maor	maoir	maoir	maor
nóiméad	nóiméid	nóiméid	nóiméad
ospidéal	ospidéil	ospidéil	ospidéal
páipéar	páipéir	páipéir	páipéar
peann	pinn	pinn	peann
pinsean	pinsin	pinsin	pinsean
roc	roic	roic	roc
Satharn	Sathairn	Sathairn	Satharn
síntiús	síntiúis	síntiúis	síntiús
tabhartas	tabhartais	tabhartais	tabhartas
uan	uain	uain	uan

Tuilleadh samplaí: **abhac, acadamb, Aifreann, alt, amadán, arm, aspal, bácús, ball, banbh, boc, botún, bonn, bord, brat, broc, buicéad, buidéal, caisleán, carn, casúr, cat, ceann, ciarsúr, clár, cléireach, clochar, clog, cnoc, colm, colún, corn, corp, costas, crann, craos, cumann, dall, daol, daor, dearmad, deontas, dinnéar, drisiúr, fathach, fód, gabhar, gadhar, gaiscíoch, galar, gás, glas, gort, ionad, lasán, leabhar,**

lipéad, liúntas, marcach, milseán, miosúr, miotal, mol, oifigeach, ord, oileán, parlús, pictiúr, pionsúr, poll, port, portús, post, punt, ráiteas, rásúr, sac, scamall, scríoptúr, seabhac, séipéal, sinsear, sionnach, sóisear, sop, sparán, stát, suipéar, tor, tinteán.

(b) Ainmfhocail a gcuirtear *-a* leo san ainmneach iolra, mar a leanas:—

UATHA		IOLRA	
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
bruas	bruais	bruasa	bruas
cág	cáig	cága	cág
ceap	cip	ceapa	ceap
ceart	cirt	cearta	ceart
cleas	clis	cleasa	cleas
cuas	cuais	cuasa	cuas
giall	géill	gialla	giall
gob	goib	goba	gob
íol	íl	íola	íol
más	máis	mása	más
nod	noid	noda	nod
úll	úill	úlla	úll

Tréaniolraí

(a) *-ta* san iolra; formhór na n-ainmfhocail aonsiollach ina bhfuil guta fada (nó défhoghar) agus a chríochnaíonn ar *-l* nó *-n* (ach ní *-ll* ná *-nn*). Tá dornán beag a chríochnaíonn ar *-r* (ach ní *-rr*) a bhfuil *-tha* san iolra orthu:—

UATHA		IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
bán	báin	bánta
braon	braoin	braonta
céad	céid	céadta
ceol	ceoil	ceolta
claon	claoín	claonta
cuan	cuain	cuanta
dán	dáin	dánta
díon	dín	díonta
dún	dúin	dúnta
fál	fáil	fálta
gaol	gaoil	gaolta
glór	glóir	glórtha

líon	lín	líonta
lón	lóin	lóna
míol	míl	míolta
múr	múir	múrtha
néal	néil	néalta
pór	póir	pórtha
raon	raoin	raonta
rian	riain	rianta
rón	róin	róna
saol	saoil	saolta
scéal	scéil	scéalta
scór	scóir	scórtha
seol	seoil	seolta
síol	síl	síolta
siúl	siúil	siúlta
sleán	sleáin	sleánta
srian	sriain	srianta
stól	stóil	stólta
stór	stóir	stórtha
tuar	tuair	tuartha

(b) *-ai* nó *-í* san iolra; ainmfhocail ilsíollacha áirithe a chríochnaíonn ar *-ch*, agus roinnt ar *-dh*, san ainmneach uatha, mar aon le dornáinín focal ar leith:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
árthach	árthaigh	árthaí
bealach	bealaigh	bealaí
cladach	cladaigh	cladaí
cogadh	cogaidh	cogaí
cuireadh	cuiridh	cuirí
cúram	cúraim	cúraimí
daichead	daichid	daichidí
deireadh	deiridh	deirí
éadach	éadaigh	éadaí
figiúr	figiúir	figiúirí
geimhreadh	geimhridh	geimhrí
ionradh	ionraidh	ionraí
leanbh	linbh	leanaí
margadh	margaidh	margaí
mullach	mullaigh	mullaí
orlach	orlaigh	orlaí

samhradh
soitheach
ualach

samhraidh
soithigh
ualaigh

samhraí
soithí
ualaí

(c) *-taí, -thaí:—*

UATHA

IOLRA

Ainmneach
aonach
toradh

Ginideach
aonaigh
toraidh

Gach Tuiseal
aontaí
torthaí

(d) *-anna:—*

UATHA

IOLRA

Ainmneach

bás
bun
carr
cás
clab
cnuas
dos
gléas
gnás
leigheas
luas
ponc
praghas
rós
saghais
sás
spás

Ginideach

báis
buin
cairr
cáis
claib
cnuais
dois
gléis
gnáis
leighis
luais
poinc
praghais
róis
saghais
sáis
spáis

Gach Tuiseal

básanna
bunanna
carranna
cásanna
clabanna
cnuasanna
dosanna
gléasanna
gnásanna
leigheasanna
luasanna
poncanna
praghsanna
rósanna
saghsanna
sásanna
spásanna

(e) *-e agus coimriú:—*

UATHA

IOLRA

Ainmneach

bóthar
cloigeann
craiceann
doras

Ginideach

bóthair
cloiginn
craicinn
dorais

Gach Tuiseal

bóithre
cloigne
craicne
doirse

éigeas
leiceann
uasal

éigis
leicinn
uasail

éigse
leicne
uaisle

(f) *-acha*:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach
cineál
coinníoll
leagan
tobar

Ginideach
cineáil
coinníll
leagain
tobair

Gach Tuiseal
cineálacha
coinníollacha
leaganacha
toibreacha

(g) *-te*:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach
claíomh
muileann
smaoineamh

Ginideach
claímh
muilinn
smaoinimh

Gach Tuiseal
claimhte
muilte
smaointe

(h) *ilghnéitheach*:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach
breitheamh
briathar
fealsamh
gníomh
laoch
ollamh
scaitheamh

Ginideach
breithimh
briathair
fealsaimh
gnímh
laoich
ollaimh
scaithimh

Gach Tuiseal
breithiúna
briathra
fealsúna
gníomhartha
laochra
ollúna
scaití

2.3 AN DARA DÍOCHLAONADH

2.3.1 GINEARÁLTA

Críochnaíonn ainmfhocail an díochlaonta seo ar chonsan, leathan nó caol, san ainmneach uatha. Is baininscneach dóibh uile ach *im*, *sliabh* agus corrfhocail eile.

2.3.2 AN GINIDEACH UATHA

- I gcás ainmfhocail seachas ilsiollaigh a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, cuirtear *-e* leis an ainmneach uatha agus más consan leathan is críoch dó caolaítear é, e.g., *bróg*, *bróige*; *coill*, *coille*.
- I gcás ainmfhocail ilsiollach a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, déantar *-(a)í* (is ó *-(a)ighe* a thagann an *-(a)í*) den *-(e)ach*, e.g., *scornach*, *scornatá*; *cailleach*, *caillí*.
- Gabhann na hathruithe a luaitear faoi 2.1.4 leis an gcaolú faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:—

(a) *-ea->-ei-*, e.g., *beach*, *beiche* (ach san ainmfhocail aonsiollach *cearc*, *circe* agus sa siolla neamhaiceanta d'ainmfhocail ilsiollacha, e.g., *bruinneall*, *bruinnille*; *ficheall*, *fichille*), agus

(b) *-ia- >-i-* san fhocal *scian>scine*.

2.3.3 AN TABHARTHACH UATHA

Is féidir go hiondúil ceachtar de dhá fhoirm a úsáid don tabharthach uatha i gcás ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan leathan:—

(1) foirm is ionann agus foirm an ainmnigh uatha;

(2) foirm leithleach is ionann agus foirm an ainmnigh uatha arna caolú, e.g., *clann* / *clainn*; *báisteach* / *báistigh*; *cos* / *cois*; *lámb* / *láimh*; *bos* / *bois*; *cluas* / *cluais*; *bróg* / *bróig*; *gealach* / *gealaigh*.

Moltar an fhoirm is ionann agus foirm an ainmnigh uatha a úsáid i gcáipéisí oifigiúla ach coinnítear an fhoirm leithleach in abairtíní seanbhunaithe, e.g., *cur i gcéill*, *cur dá chois*, *airgead ar láimh*, *bolg le gréin*, *le gealaigh*, *cur de láimh*, etc.

2.3.4 AN tIOLRA

Tá idir lagiolraí agus tréaniolraí sa díochlaonadh seo.

Lagiolraí

(a) Ainmfhocail aonsiollacha agus ilsíollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus a gcuirtear *-a* leo san iolra, gan aon athrú eile:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
amharclann	amharclainne	amharclanna	amharclann
baintreach	baintrí	baintreacha	baintreach
beach	beiche	beacha	beach
cláirseach	cláirsí	cláirseacha	cláirseach
clann	clainne	clanna	clann
curach	curáí	curacha	curach
fuinneog	fuinneoige	fuinneoga	fuinneog
géag	géige	géaga	géag
gealach	gealaí	gealacha	gealach
giolcach	giolcaí	giolcacha	giolcach
girseach	girsí	girseacha	girseach
leabharlann	leabharlainne	leabharlanna	leabharlann
long	loinge	longa	long
méar	méire	méara	méar
óinseach	óinsí	óinseacha	óinseach
pictiúrlann	pictiúrlainne	pictiúrlanna	pictiúrlann
póg	póige	póga	póg
scornach	scornaí	scornacha	scornach

Tuilleadh samplaí: **adharc, bréag, bruinneall, cealg, cliath, cloch, críoch, croch, crúb, dealbh, dealg, dias, drong, gaoth, gealt, gearb, lann, lúb, luch, mias, muc, preab, punann, sceach, sciath, scuab, slat, speal, sreang, téad.**

(b) Ainmfhocail a leathnaítear agus a gcuirtear *-a* leo:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
binn	binne	beanna	beann
deoir	deoire	deora	deor
ealaín	ealaíne	ealaíona	ealaíon
seoid	seoide	seoda	seod

(c) Roinnt bheag ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol agus a gcuirtear *-e* leo san iolra:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
ainimh	ainimhe	ainimhe	aineamh
dúil	dúile	dúile	dúl
glúin	glúine	glúine	glún
súil	súile	súile	súl

Tréaniolraí

(a) *-a* agus coimriú, leathnú nó malartú gutaí san iolra:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
cill	cille	cealla
creig	creige	creaga
dabhach	daibhche	dabhcha
rinn	rinne	reanna
roinn	roinne	ranna
scian	scine	sceana

(b) *-(e)anna* san iolra:—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
adhairt	adhairte	adhairteanna
áit	áite	áiteanna
blaosc	blaisce	blaoscanna
breab	breibe	breabanna

Tuilleadh samplaí: **ailp, aois, béim, beirt, breith, buaic, céim, coiscéim, ceird, ceist, ciumhais, clais, cleith, cóip, coir, cruimh, cuairt, cuil, cuilt, cúirt, cúis, deis, draid, duais, fadhb, feidhm, feis, gráig, léim, luibh, maidhm, maoil, mír, móid, moing, páirc, páirt, pléasc, pluais, scáil, scair, scoil, scoilt, seift, snaidhm, sprioc, sráid, sraith, stailc, suim, treibh, uaigh.**

(c) *-í* san iolra; ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

abairt

abairte

abairtí

agóid

agóide

agóidí

Tuilleadh samplaí: **aicíd, aisling, ascaill, bolgóid, cailís, cáipéis, constaic, contúirt, diallait, eaglais, earráid, fearsaid, feithid, inis (insí), ioscaid, lámhainn, léaráid, liathróid, losaid, míorúilt, neascóid, oifig, óráid, pingin, reilig, scríbhinn, seachtain, snáthaid, sochraid, teoiric, tionóisc, tuaiplis, tuairisc, uirlis.**

(d) *-(e)acha* san iolra; ainmfhocail aonsiollacha, agus ainmfhocail ilsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

bainis

bainise

bainiseacha

carraig

carraige

carraigeacha

Tuilleadh samplaí: **ainnir, ceirt, cistin, coirm, coirt, colainn, craobh, ding, dris, fáir, feirm, féith, foirm, fréamh, gairm, iall, iothlainn, ladhar (g. laidhre, iol. ladhracha), lánúin, maidin, muirín, muintir, nead (g. neide), obair (g. oibre, iol. oibreacha), paidir (g. paidre, iol. paidreacha), pailm, speir, stéig, stiall, stoirm, uaill, uain, ubh (uibheacha), uillinn, ursain, agus iníon (a chríochnaíonn ar chonsan leathan).**

(e) *-ta* san iolra; roinnt ainmfhocal aonsiollach a chríochnaíonn ar *-l, -n*, leathan:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

buíon

buíne

buíonta

grian

gréine

grianta

Tuilleadh samplaí: **bruíon, mian, pian, sian, síon, spíon, tonn, steall.**

(f) *-te* san iolra; roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-l*, nó *-n* caol:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

aill

aille

aillte

coill

coille

coillte

Tuilleadh samplaí: **bléin, broinn, cadhain** (g. **caidhne**, iol. **caidhnte**), **gin, linn, saill, scrín, slinn**.

(g) *-tha* san iolra; roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-ir*:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

gáir

gáire

gártha

spéir

spéire

spéartha

Tuilleadh samplaí: **aoir, aortha; stair, startha; tír, tíortha**.

(h) *-e* agus coimriú:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

caingean

caingne

caingne

coinneal

coinnle

coinnle

(i) ilghnéitheach:—

UATHA

IOLRA

Ainmneach

Ginideach

Gach Tuiseal

culaith

culaithe

cultacha

foireann

foirne

foirne

gréith

gréithe

gréithe

gualainn

gualainne

guaillí

sliabh

sléibhe

sléibhte

tréith

tréithe

tréithe

troigh

troighe

troithe

uair

uaire

uaireanta

2.4 AN TRÍÚ DÍOCHLAONADH

2.4.1 GINEARÁLTA

- Ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan, leathan nó caol, san ainmneach uatha, agus ar *-a*, arna leathnú, más gá, sa ghinideach uatha, e.g., *gleann, gleanna; buachaill, buachalla*.
- Is leis an díochlaonadh seo a bhaineann ainmfhocail ilsíollacha a chríochnaíonn ar *-áil, -úil, -aíl, -úint, -cht; -éir, -eoir, -ir, -úir* (seachas ainmneacha tíortha — tá siad sin sa Dara Díochlaonadh).
- Athraítear *-io-* go *-ea-* go hiondúil sa ghinideach uatha i gcás ainmfhocail aonsíollach, e.g., *crios, creasa; lios, leasa* (ach *cion* (= coir), *ciona*).
- Ligtear an *-t* ar lár sa ghinideach uatha as ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-int*, e.g., *oilíúint, oilíúna* (ach amháin san eisceacht *cosaint, cosanta*). Déantar *-th-* den *-t* i gcás ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-irt*, e.g., *imirt, imeartha*.

2.4.2 AN tIOLRA

Lagiolraí

Tá líon beag lagiolraí sa Tríú Díochlaonadh, e.g., *béas, dreas, tréad, treas*.

Tréaniolraí

(a) *-(a)í* san iolra; ainmfhocail ilsíollacha (firinsneach seachas corrcheann mar *altóir, seanmóir*) a chríochnaíonn ar *-éir, -eoir, -óir, -úir*, agus ainmfhocail ilsíollacha (baininsneach seachas cúpla ceann mar *comhlacht, complacht, gnólacht*) a chríochnaíonn ar *-cht, -úint, -irt* (ainmneacha briathartha):—

UATHA		IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
athnuachan	athnuachana	athnuachaintí
bagairt	bagartha	bagairtí
báicéir	báicéara	báicéirí
beannacht	beannachta	beannachtaí
beochan	beochana	beochaintí
cainteoir	cainteora	cainteoirí
canúint	canúna	canúintí

cosaint	cosanta	cosaintí
dlíodóir	dlíodóra	dlíodóirí
dochtúir	dochtúra	dochtúirí
eisiúint	eisiúna	eisiúintí
gluaiseacht	gluaiseachta	gluaiseachtaí
íobairt	íobartha	íobairtí
íocaíocht	íocaíochta	íocaíochtaí
taispeáint	taispeána	taispeáintí
tiomáint	tiomána	tiomáintí

Tuilleadh samplaí: **bádóir, bearbóir, cáilíocht, cainníocht, cuallacht, cúipéir, cuntasóir, cúntóir, custaiméir, feirmeoir, iarracht, iasacht, impireacht, mallacht, muilleoir, oidhreacht, péintéir, pinsinéir, rinceoir, saighdiúir, sealbhóir, siúinéir, strainséir, táilliúir, tuismitheoir, úinéir**, (agus na hainmfhocail aonsiollacha **cumhacht, dréacht** (*f*), **éacht** (*f*), **léacht, ríocht**).

(b) ilghnéitheach:—

	UATHA	IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
anacair	anacra	anacraí
buachaill	buachalla	buachaillí
conradh	conartha	conarthaí
tairiscint	tairisceana	tairiscintí

Tuilleadh samplaí: **buairt** (*b*), *g.* **buartha**, *iol.* **buarthaí**; **dáil** (*b*), *g.* **dála**, *iol.* **dálaí**; **maitheas** (*b*), *g.* **maitheasa**, *iol.* **maitheasaí**; **mionn** (*f*), *g.* **mionna**, *iol.* **mionnaí**; **rás** (*f*), *g.* **rása**, *iol.* **rásaí**; **roth** (*f*), *g.* **rotha**, *iol.* **rothaí**; **rud** (*f*), *g.* **ruda**, *iol.* **rudaí**.

(c) *-anna* san iolra (frinscneach mura gcuirtear a mhalairt in iúl); ainmfhocail aonsiollacha:—

	UATHA	IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
acht	achta	achtanna
am	ama	amanna
droim	droma	dromanna
troid (<i>b</i>)	troda	troideanna

Tuilleadh samplaí: **áth, bior, bláth, both** (*b*), **cath, ceacht, cead, cíos, cith** (*ceathanna*), **cnead** (*b*), **crios, crith** (*iol.* **creathanna**), **cruth, cuid** (*b*) (*iol.* **codanna**), **dath, dleacht**

(b), dream, drol, eas, fáth, greim (iol. greamanna), guth, leacht, léas (dlí), lios, loch, locht, luach, lus, mám (*fir.*= bearnas, *bain.*= lán doirn), racht, rang, ráth (b), reacht, scáth, scoth (b), scread (b), seal, seam, seas, snáth, sos, sruth, taom, tocht, tráth, uacht (b), uaim (b) (iol. uamanna), ucht, úth, béas, dreas, tréad, treas.

(d) -a agus coimriú, leathnú nó malartú gutaí san iolra:—

UATHA		IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
feadhain	feadhna	feadhna
gamhain	gamhna	gamhna
slios	sleasa	sleasa
flaith	flatha	flatha

(e) -acha san iolra; ainmfhocail ilsiollacha bhaininsneacha a chríochnaíonn ar -l, -n, nó -r caol:—

UATHA		IOLRA
<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
admháil	admhála	admhálacha
barúil	barúla	barúlacha
canáil	canála	canálacha
ciondáil	ciondála	ciondálacha
éagóir	éagóra	éagóracha
foghail	foghla	foghlacha
foráil	forála	forálacha
ofráil	ofrála	ofrálacha
onóir	onóra	onóracha
samhail	samhla	samhlacha

Is mar sin a dhíochlaontar freisin **anam** (*f*), *g.* **anama**, *iol.* **anamacha**; **úim** (*b*), *g.* **úma**, *iol.* **úmacha**; agus focail a chríochnaíonn ar -aíl, e.g., **feadaíl**, **sceamháil** (*g.* **feadaíola**, **sceamhaíola**).

(f) *-ta* san iolra; ainmfhocail aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-l*, *-n*, leathan (firinscneach) nó caol (baininscneach):—

UATHA

Ainmneach
bliain
cion (= coir)
feoil
fíon
gleann
goin
leann

Ginideach
bliana
ciona
feola
fíona
gleanna
gona
leanna

IOLRA

Gach Tuiseal
blianta
cionta
feolta
fíonta
gleannta
gonta
leannta

(g) *-te* san iolra:—

UATHA

Ainmneach
cluain
móin
táin

Ginideach
cluana
móna
tána

IOLRA

Gach Tuiseal
cluainte
móinte
táinte

2.5 AN CEATHRÚ DÍOCHLAONADH

2.5.1 GINEARÁLTA

- Ainmfhocail fhirinscneacha agus díspeagthaí a chríochnaíonn ar *-ín*, formhór na n-ainmfhocal a chríochnaíonn ar ghuta, agus dornán beag ainmfhocal eile.
- Ní théann aon athrú foirme sa ghinideach uatha ar ainmfhocail an díochlaonta seo.
- Is baininscneach de ghnáth don díspeagadh *-ín*, más focal baininscneach coitianta an bunfhocal, ach is mar ainmfhocal firinscneach a dhíochlaontar gach díspeagadh sa ghinideach agus sa ghairmeach uatha, e.g., *an bheainín bheag, teach an bheainín bhig, a bheainín bhig*. Tá correisceacht ann, e.g., *paidir (b) – paidrín (f); toit (b) – toitín (f)*.
- Is firinscneach freisin d'ainmneacha ceirde a chríochnaíonn ar *-(a)í* nó *-aire*, e.g., *ceannaí, cócaire*.

- Is baininsneach d’ainmfhocail theibí a chríochnaíonn ar *-e* agus a chumtar ó aidiachtaí, e.g., *airde, gile, saoirse*.

2.5.2 AN tIOLRA

Tréaniolraí

(a) *-(a)í* san iolra; ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-ín*, nó ar *-a* nó *-e*:—

UATHA	IOLRA
<i>Gach tuiséal</i>	<i>Gach tuiséal</i>
ailtire	ailtirí
altra	altraí
báidín	báidíní
balla	ballaí
banaltra	banaltraí
fáinne	fáinní
féirín	féiríní
iascaire	iascairí
lile	lilí

Tuilleadh samplaí:

Firinsneach: **asailín, bairille, báisín, baitín, bata, béile, blúire, bríste, buille, cailín, carráiste, céachta, ceirín, ciste, císte, cleite, cluiche, cnaipe, coinín, cóiste, coláiste, dalta, dílleachta, dréimire, drisín, earra, file, gairdín, gáire, garáiste, garda, gotha, ispín, lacáiste, liosta, lomra, machaire, meana, mianra, nóta, oráiste, paidrín, paiste, páiste, pasáiste, peaca, pionta, píopa, pointe, raca, ribe, ribín, ríste, seilide, sicín, siopa, slabhra, smachtín, smíste, staighre, súiste, teachta, tiarna, tionónta, toitín, tuisle, uisce, veidhlín.**

Baininsneach: **bantiarna, bearna, beatha, ceárta, comhla, cónra, cora, cuideachta, eala, easpa, láirín, lorga, ola, aicme, áirse, aiste, comhairle, cuilithe, cuisle, duáilce, eitre, faiche, fáilte, gloine, loine, muinchille, sláinte, suáilce, taibhse, táille, taoide, timpiste, tréimhse, tubaiste.**

(b) *-te* san iolra ar roinnt bheag ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-le, -ne*:—

UATHA

IOLRA

Gach tuiséal

baile

féile

fine

líne

míle

sloinne

tine

tuile

Gach tuiséal

bailte

féilte

finte

línte

mílte

sloinnnte

tinte

tuilte

(c) iolraí ar leith:—

UATHA

IOLRA

Gach tuiséal

aithne (*b*)

cine

duine

gabha

oíche

teanga

Gach tuiséal

aitheanta

ciníocha

daoine

gaibhne

oícheanta

teangacha

(d) *-(i)the* san iolra ar ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-(a)i, -aoi, -é* (ní ghiorraítear *i* sna hainmfhocail aonsiollacha, ach *ní>nithe*):—

UATHA

IOLRA

Gach tuiséal

ainmhí

baoi

bé

ceannaí

céimí

croí

daoí

dlaoi

dlí

draoi

eolaí

finné

Gach tuiséal

ainmhithe

baoithe

béithe

ceannaithe

céimithe

croíthe

daoithe

dlaoithe

dlíthe

draoithe

eolaithe

finnéithe

fostaí	fostaithe
garraí	garraithe
giúiré	giúiréithe
moncaí	moncaithe
ní	nithe
oibrí	oibrithe
rí	ríthe
rúnaí	rúnaithe
saoi	saoithe

(e) *-nna* san iolra ar roinnt ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-(a)i*, *-aoi*:—

UATHA	IOLRA
<i>Gach tuiséal</i>	<i>Gach tuiséal</i>
aoi	aíonna
brí	bríonna
caoi	caíonna
cé	céanna
gé	géanna
gráí	graíonna
ré	réanna
spré	spréanna

(f) iolraí ar leith:—

UATHA	IOLRA
<i>Gach tuiséal</i>	<i>Gach tuiséal</i>
achainí	achainíocha
claí	claíocha
slí	slite

(g) *-nna* san iolra; ainmfhocal a chríochnaíonn ar *-á*, *-eá*, *-eo*, *-ó*, *-ú*, *-ao*, *-ia*, *-ogha*, *-ua*:—

UATHA	IOLRA
<i>Gach tuiséal</i>	<i>Gach tuiséal</i>
bá	bánna
bogha	boghanna
bró	brónna
brú	brúnna

bua	buanna
ceo	ceonna
cnó	cnónna
criú	criúnna
cú	cúnna
feá	feánna
fia	fianna
fleá	fleánna
fogha	foghanna
glaó	glaonna
grua	gruanna
íomhá	íomháanna
lao	laonna
liú	liúnna
logha	loghanna
meá	meánna
nia	nianna
rogha	roghanna
scriú	scriúnna
sleá	sleánna
stua	stuanna
sú	súnna
tlú	tlúnna
trá	tránna
tua	tuanna

(b) roinnt ainmfhocal iasachta a chríochnaíonn ar chonsan:—

UATHA

Gach tuiséal

bus
club
pas
seic
téacs
tram

IOLRA

Gach tuiséal

busanna
clubanna
pasanna
seiceanna
téacsanna
tramanna

(i) *-(i)te* san iolra ar na hainmfhocail seo a leanas:—

UATHA

IOLRA

Gach tuiseal

comhrá

cró

crú

gró

rá

slua

Gach tuiseal

comhráite

cróite

crúite

gróite

ráite

sluaite

(j) iolraí ar leith:—

UATHA

IOLRA

Gach tuiseal

airí

aturnae

bó

cneá

contae

giorria

gnó

lia

Gach tuiseal

airíonna

aturnaetha

ba (g. iol. **bó**)

cneácha

contaetha

giorriacha

gnóthaí

lianna

(k) ilghnéitheach:—

ainm, ainmneacha; cliamhain, cliamhaineacha; dosaen, dosaenacha; ga, gathanna; giúistís, giúistísí; láí, lánta; máistir, máistrí; ministir, ministrí, agus baineann na cinn seo a leanas, nach dual dóibh foirm iolra a bheith orthu, leis an díochlaonadh seo freisin: **cruach** (*miotál*), **dóthain, gorta, iomad, lucht** (= daoine), **oiread, tobac**, agus ainmneacha pearsanta áirithe, e.g., **Liam, Uilleag**.

2.6 AN CÚIGIÚ DÍOCHLAONADH

2.6.1 GINEARÁLTA

- Ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol nó ar ghuta san ainmneach uatha agus ar chonsan leathan (*-ch, -d, -(n)n, -r*) sa ghinideach uatha.
- Is baininscneach d'fhormhór na n-ainmfhocail sa díochlaonadh seo.

2.6.2 AN tIOLRA

Tréaniolraí

(a) *-(e)acha* san iolra:—

(i) ainmfhocail bhaininsneacha a chríochnaíonn ar *-il, -in, -ir*. Sa ghinideach uatha, leathnaítear consan deiridh ainmfhocail aonsiollach, agus ainmfhocail eile nach ndéantar coimriú orthu, agus cuirtear *-ach* leo — eisceacht: *cathaoir, cathaoireach*. Coimrítear ainmfhocail ilsíollacha más guta gearr atá sa siolla deiridh acu agus cuirtear *-(e)ach* leo (braitheann cáilíocht na gconsan roimh *-(e)ach* ar cháilíocht an chonsain roimh an nguta a ligtear ar lár — eisceachtaí: *eiscir, eascrach; láthair, láithreach*):—

UATHA

IOLRA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>	<i>Gach Tuiseal</i>
cabhail	cabhlach	cabhlacha
cabhair	cabhrach	cabhracha
cáin	cánach	cánacha
carcair	carcrach	carcracha
cathair	cathrach	cathracha
cathaoir	cathaoireach	cathaoireacha
céir	céarach	—
coróin	corónach	corónacha
cráin	cránach	cránacha
cuingir	cuingreach	cuingreacha
draein	draenach	draenacha
eiscir	eascrach	eascracha
inneoin	inneonach	inneonacha
ithir	ithreach	ithreacha
lár	lárach	láracha
láthair	láithreach	láithreacha
litir	litreach	litreacha
loinnir	loinnreach	loinnreacha
meabhair	meabhrach	meabhracha
nathair	nathrach	nathracha
oitir	oitreach	oitreacha
riail	rialach	rialacha
saltair	saltrach	saltracha
srathair	srathrach	srathracha
stiúir	stiúrach	stiúracha
traein	traenach	traenacha
treoir	treorach	treoracha

trialail	trialach	trialacha
uimhir	uimhreach	uimhreacha

Eisceacht:—

siúr	siúrach	siúreacha
-------------	----------------	------------------

(ii) na hainmfhocail seo a leanas a chríochnaíonn ar *-ir*, *-inn* san ainmneach uatha agus a leathnaítear sa ghinideach uatha:—

UATHA

Ainmneach

abhainn
athair
deartháir
máthair
teorainn

Ginideach

abhann
athar
dearthár
máthar
teorann

IOLRA

Gach Tuiseal

aibhneacha
aithreacha
deartháireacha
máithreacha
teorainneacha

Eisceacht:—

bráthair	bráthar	bráithre
-----------------	----------------	-----------------

(b) *-na*, *-ne* san iolra; ainmfhocail bhaininscneacha a chríochnaíonn ar ghuta san ainmneach uatha agus ar *-n* sa ghinideach uatha:—

UATHA

Ainmneach

ceathrú
comharsa
deachú
dearna
ionga
leite
meanma
monarcha
pearsa

Ginideach

ceathrún
comharsan
deachún
dearnan
iongan
leitean
meanman
monarchan
pearsan

IOLRA

Gach Tuiseal

ceathrúna
comharsana
deachúna
dearnana
ingne
—
meanmna
monarchana
pearsana

Eisceachtaí:—

UATHA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
díle	díleann
ealta	ealtan
lacha	lachan

IOLRA

<i>Gach Tuiseal</i>
dílí
ealtaí
lachain
(g.iol. lachan)

(c) *-idí* san iolra; na hainmfhocail fhirinsneacha seo a leanas a chríochnaíonn ar *-d* sa ghinideach uatha:—

UATHA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
fiche	fichead (ach fichid sa tabharthach)
tríocha	tríochad
caoga	caogad
seasca	seascad
seachtó	seachtód
ochtó	ochtód
nócha	nóchad

IOLRA

<i>Gach Tuiseal</i>
fichidí
tríochaidí
caogaidí
seascaidí
seachtóidí
ochtóidí
nóchaidí

Baineann **daichead** (iol. **daichidí**) leis an gcéad díochlaonadh.

(d) ilghnéitheach:—

UATHA

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach</i>
bráid	brád
cara	carad
namhaid	namhad
Nollaig	Nollag
caora	caorach
Éire	Éireann (ach Éirinn sa tabharthach)

IOLRA

<i>Gach Tuiseal</i>
bráide
cairde
naimhde
Nollaigí
caoirigh
(ach caorach sa ghinideach)
—

2.7 AINMFHOCAIL NEAMHRIALTA

Ní fhreagraíonn infhillleadh na n-ainmfhocail seo a leanas d'aon cheann de na díochlaontaí:—

UATHA

Ainmneach

bean

deirfiúr

deoch

dia

lá

leaba

mí

olann

talamh (*f*)

teach

Ginideach

mná

deirféar

dí

dé

lae

leapa

míosa

olla

talaimh (*f*)

talún (*b*)

tí

IOLRA

Gach Tuiseal

mná (ach **ban** sa ghinideach)

deirfiúracha

deochanna

déithe

laethanta

leapacha

míonna

—

tailte

tithe

CAIBIDIL 3 / AINMFHOCAIL CHINNTE AGUS ÉIGINNTE AGUS FOIRM AN AINMNIGH IN IONAD AN GHINIDIGH

3.1 AINMFHOCAIL CHINNTE AGUS ÉIGINNTE

3.1.1

Bíonn ainmfhocal cinnte nó éiginnte. Is ainmfhocal cinnte ainmfhocal a thagraíonn do dhuine nó do rud cinnte. Is ar cheann de na slite a léirítear faoi 3.1.2 thíos a dhéantar tagairt do dhuine nó do rud cinnte. Is ainmfhocal éiginnte ainmfhocal in aon chás eile.

3.1.2

Is ainmfhocal cinnte:—

- (a) ainm dílis (ainm duine nó áite áirithe), e.g., *Fionnán, Gráinne, Leambcán* (ní áirítear ainm aicme, e.g., *Éireannach, Meiriceánach*, mar ainm cinnte);
- (b) ainmfhocal a bhfuil an t-alt roimhe, e.g., *an tAcht, an fhoráil*;
- (c) ainmfhocal a bhfuil aidiacht shealbhach roimhe, e.g., *mo mhac, a hathair, a ngluaisteán*;
- (d) ainmfhocal a bhfuil *gach, gach aon (achan)* nó *gach uile (chuile)* roimhe, e.g., *gach duine, achan lá, chuile lá, gach aon duine*;
- (e) ainmfhocal a bhfuil uimhir ar a lorg, e.g., *Cuid III, riail a sé, uimhir a ceathair, bus a sé déag (Bus 16), ceist a seacht, alt 31*;
- (f) ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg, e.g., *óráid an Aire, teach an phobail, oifig Áine, lár na páirce, tús gach bliana, camán Oisín, muintir Thamblachta; deireadh Chuid a hAon, foireann Bhus 16*.

3.1.3

Pléitear mar ainmfhocail chinnte (gan infhilleadh) le giorrúcháin ar theidil eagraíochtaí, e.g., *AE = An tAontas Eorpach*, *FSS = Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*, *NA = Na Náisiúin Aontaithe*, *SAM = Stáit Aontaithe Mheiriceá*, *COGG = An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*.

Bunúsáid

Idir AE agus SAM

Reachtaíocht AE

Tograí Reachtacha AE

Roinn Imscrúdaithe NA

Tuarascáil Bhliantúil FSS

Polasaithe COGG

Úsáid i ndiaidh Ainmfhocal Éiginnte

Gasra Imscrúdaithe de chuid NA

Ospidéal de chuid FSS

Fórsa Idirghabhála de chuid SAM

Tuarascáil de chuid COGG

Úsáid Phróis

in AE - san Aontas Eorpach

ag NA - ag na Náisiúin Aontaithe

foireann FSS - foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

polasaithe COGG - polasaithe na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

3.1.4

Bíodh nach n-úsáidtear an t-alt roimh chuid mhór ainmneacha dílse, mar atá thuas, is minic an t-alt ina chuid d'ainm dílis (go háirithe i gcás logainmneacha) agus ní mór é a úsáid sna cásanna sin (*an Ísiltír, an tSionainn, an Longfort, an Seabhac* (nuair is é an t-údar atá i gceist), *an Streoillín, an Earagail*). Ina theannta sin, úsáidtear an t-alt roimh ghinideach *Éire, Albain, Gaillimh* (*oileán na hÉireann, foireann na hAlban, cathair na Gaillimhe*). Fágtar an t-alt ar lár roimh *Éireann* i roinnt leaganacha oifigiúla, áfach (*Dáil Éireann, Seanad Éireann, Iarnród Éireann, Bus Éireann, Raidió Teilifís Éireann*), agus i roinnt seanleaganacha agus leaganacha fileata (*plúr ban Éireann, bánchnoic Éireann*).

3.1.5

Ní chuirtear an t-alt roimh ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte sa ghinideach á cháiliú. Dá bhrí sin, is roimh an ainmfhocal deireanach amháin a bhíonn an t-alt i sraith ainmfhocal sna cásanna sin, e.g., *bainisteoir an óstáin* (nuair atá óstán áirithe i gceist), *oifig bhainisteoir an óstáin*, *doras oifig bhainisteoir an óstáin* ach *an bainisteoir óstáin* (nuair atáthar ag tagairt do shaghas áirithe bainisteora), *an t-oifigeach feidhmiúcháin* (saghas áirithe oifigigh), *an tAire Rialtais* (féach 3.1.7).

3.1.6

Tá roinnt frásaí ainmfhoclacha ann a bhfuil ainmfhocal iontu a bhfuil cuma ainmfhocail chinnte air ach atá éiginnte toisc go bhfuil an frása iomlán á úsáid ina aonad amháin brí mar ainmfhocal éiginnte. Uaireanta, sna cásanna sin, úsáidtear an t-alt nuair atá an frása iomlán ag feidhmiú mar ainmfhocal cinnte (*nuair a bhí an uair an chloig caite*, *an Leabhar Eoin*, *an Choróin Mhuire* (le hais *leabhar Eoin*, *coróin Mhuire*), *ba mhór an grá Dia é*, *nach é an trua Mhuire é*).

3.1.7

Maidir le teidil a mbíonn dátaí ag gabháil leo – teidil féilte agus tuarascálacha bliantúla, mar shampla – níor cheart an t-alt a úsáid ach amháin más aonaid bhrí ar leithligh iad an dáta agus an chuid eile den teideal. Ní hionann brí *An tOireachtas, 2010* agus *Oireachtas 2010* ná *An Tuarascáil Bhliantúil, 2009* agus *Tuarascáil Bhliantúil 2009*.

3.1.8

Úsáidtear an tuiséal ginideach nuair a bhíonn ainmfhocal cinnte á cháiliú le hainmfhocal cinnte eile (*an bainisteoir + an banc = bainisteoir an bhainc*), nuair a bhíonn ainmfhocal éiginnte á cháiliú le hainmfhocal éiginnte (*bainisteoir + banc = bainisteoir bainc*, *Aire + Rialtas = Aire Rialtais*) nó nuair a bhíonn ainmfhocal cinnte á cháiliú le hainmfhocal éiginnte (*an bainisteoir + banc = an bainisteoir bainc*, *an tAire + Rialtas = an tAire Rialtais*). Ní féidir ainmfhocal éiginnte (.i. ainmfhocal a thagraíonn d'aon cheann d'aicme áirithe) a cháiliú le hainmfhocal cinnte, áfach. Ina ionad sin, úsáidtear *de* nó *de chuid*, mura n-úsáidtear réamhfhocal eile a léiríonn ciall níos beachte (e.g. *deartháir le Bríd*, *cara sa chúirt*, *fiche faoin gcéad*):—

- (a) *de* más cuid nó páirt atá i gceist (*Ballstát den Aontas Eorpach*, *gloine den bheoir gheal*, *cuid den airgead*, *daoine den phobal*),
- (b) *de chuid* i gcásanna eile (*ríomhaire de chuid na hoifige*, *iománaí de chuid na Gaillimbe*, *ambrán de chuid Enya*, *feidhmeanna áirithe de chuid an choiste*).

Is minic i gcás (*b*) thuas, áfach, gur feiliúnaí ceann de na focail ionadacha *ceann, cuid* nó *duine* a chur in ionad an chéad ainmfhocal: *ceann de ríombairí na hoifige, duine d'iománaithe na Gaillimhe*. Is féidir, freisin, an t-ainmfhocal féin a úsáid faoi dhó: *dán de dhánta Uí Bhruadair*. Úsáidtear na struchtúir chéanna uaireanta i gcás ainmfhocal cinnte: *an ghloine dheireanach den fhíon dearg, an chuid is fearr den leabhar, gach uile ríomhaire de chuid na hoifige, an ceann is fearr de na scannáin a chonaiceamar*.

3.2 FOIRM AN AINMNIGH IN IONAD AN GHINIDIGH

3.2.1

Má bhíonn ainmfhocal cinnte sa ghinideach ar lorg ainmfhocal eile, is gnách an chéad ainmfhocal a fhágáil gan infhillleadh agus a thúschonsan a shéimhiú nuair a bhíonn sé faoi réir ag focal, nó ag leagan, a leanann an ginideach é. I gcás ainmfhocal chinnnte ar ainmfhocal móide uimhir é, pléitear mar an gcéanna leis an ainmfhocal.

Samplaí:—

- (a) *mac Sheáin — cóta mhac Sheáin*
cathair Phort Láirge — pobal chathair Phort Láirge
muintir Shligigh — ag cáineadh mhuintir Shligigh.
- (b) *combaltas an bhoird — combhdhéanamh chombaltas an bhoird*
oifig an phríomhshfeidhmeannaigh — ag athchóiriú oifig an phríomhshfeidhmeannaigh
forais chreidmheasa an Stáit — cobhsaíocht fhorais chreidmheasa an Stáit.
- (c) *doras a thí — os cionn dhoras a thí*
iníon mo dhearthár — céile iníon mo dhearthár
doras a ghluaisteáin — ag dúnadh dhoras a ghluaisteáin.
- (d) *tús gach bliana — tar éis thús gach bliana*
teideal chuile leabhair — ag taifeadadh theideal chuile leabhair.
- (e) *Cuid a hAon — deireadh Chuid a hAon*
Bus 16 — tiománaí Bhus 16
alt 31 — ag leasú alt 31.
- (f) *Ollscoil na hÉireann — Oifigí Ollscoil na hÉireann*
obair na scoile tráchtála — i dteannta obair na scoile tráchtála
leasú an Achta — de thoradh leasú an Achta
Caighdeán Oifigiúil Rannóg an Aistriúcháin — ag léiriú Chaighdeán Oifigiúil
Rannóg an Aistriúcháin.

Ach, más ainm briathartha an chéad ainmfhocal, déantar athrú an ghinidigh air i ndiaidh ainmfhocail, e.g., *madra cosanta na monarchan, bean fuascailte na ceiste, beach cealgtha an pháiste, innill buailte an arbhair, seachtain bailithe na rátaí.*

3.2.2

Nuair a bhíonn ainmfhocal nó abairtín ainmfhoclach á cheangal ag an réamhfhocal *a* (<*do*) le hainm briathartha, fágтар an t-ainmfhocal san ainmneach ar lorg focail nó leagain a leanann an ginideach é:—

*chun obair an tí a dhéanamh
d'fhonn airgead a thuilleamh
tar éis an t-ordú a chomhlíonadh
ar aigne an ríombhphost a scríobh
le linn na hoibrithe a fhostú
ar tí na doirse móra a dhúnadh
i mbun an teach pobail a thógáil
ag bagairt mo chos a bhriseadh
ag moladh na hárasáin bheaga a dhiól
ag iarraidh caint a bhaint as.*

Ach, cuirtear an t-ainmfhocal sa tabharthach i ndiaidh réamhfhocail lena ngabhann an tuiseal sin, e.g., *leis an ngnó a dhéanamh, as an asal a dhiól.*

3.2.3

Nuair a bhíonn aidiacht cháilíochta, nó ainmfhocal i gcáil aidiachta, ag gabháil le hainmfhocal a thagann *go díreach* i ndiaidh ainm briathartha a bhfuil *ag* nó *do* (nó *a* <*do*) roimhe, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal ná ar an aidiacht a ghabhann leis:—

*ag déanamh obair mhaith
ag tuilleamh airgead mór
ag lorg óstán deas
ag ól buidéal fiona
ag cur péint bhán ar na ballaí
ag réiteach cupán tae
do dhéanamh leasú breise
ag casadh ceol tíre
ag coimeád taifid thábhachtacha
a mholadh ceol cláirsí.*

Is iondúil, freisin, nach ndéantar an t-athrú sin ar ainmfhocal lena ngabhann an aidiacht éiginnte *ar bith* nó an réimír threise *an-*:—

*ag fáil pingin ar bith
ag déanamh maith ar bith
ag déanamh an-obair.*

Ach, déantar athrú an ghinidigh nuair a thagann an t-alt nó aidiacht shealbhach idir an t-ainm briathartha agus an t-ainmfhocal:—

*ag ól an bhuidéil fiona
ag treabhadh a bpáirce móire.*

3.2.4

Nuair a bhíonn aidiacht cháilíochta, nó ainmfhocal i gcáil aidiachta, ag gabháil le hainmfhocal éiginnte a thagann *go díreach* i ndiaidh réamhfhocal comhshuite (nó a chomhionann), is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal ná ar an aidiacht a ghabhann leis [**NB**: Is athrú ar an gCaighdeán Oifigiúil é seo.]:—

*le haghaidh páirc mhór
i ndiaidh breac mór millteach
i gcás ceist fhorlíontach
faoi dhéin cupán tae
thar ceann rialtas áitiúil
i mbun gníomh tionscail
os comhair árasáin chomhairle
os comhair bloc árasán príobháideach
le haghaidh scéim pinsin ceirde
ar lorg ponc deachúlach.*

3.2.5

Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar ainm briathartha nuair a bhíonn forainm réamhthagrach roimhe:—

*Tá sé tar éis a rá go ndéanfaidh sé é.
Tá sé ag iarraidh a dheimhniú go mbeidh gach ní ina cheart.*

3.2.6

Má tá gnáthghinideach de réir ceann éigin de na díochlaontaí ar ainmfhocal éiginnte, a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, is iondúil go ndéantar athrú an ghinidigh air:—

*ag tabhairt léime
ag imirt iomána
ag iarraidh troda (= ag lorg troda).*

Ach, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal nuair a úsáidtear mar ainm briathartha é:—

ag iarraidh léim
ag iarraidh iomáint
ag iarraidh troid (= ag iarraidh troid a dhéanamh).

3.2.7

Mura bhfuil gnáthghinideach de réir ceann éigin de na díochlaontaí ar ainmfhocal éiginnte, a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus má tá sé ina chuspóir go díreach ag ainm briathartha a bhfuil *a (<do)*, *ag* nó *do* roimhe, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh air:—

ag déanamh leasú (athrú, marú, coigeartú)
a thabhairt bualadh (moladh, ordú, ardú)
do dhéanamh leathnú (iniúchadh, scrúdú, leasú)
ag iarraidh éirí (seasamb, suí, pósadh)
ag fáil ardú (cáiliú, breisiú, greadadh)
a dhéanamh cáineadh (múineadh, díscaoileadh, fuirseadh).

Ach, nuair atá an t-ainmfhocal cinnte, déantar athrú an ghinidigh air:—

ag déanamh an athraithe
ag dréachtú an ordaithe
ag léamb gach leasaithe
ag beannú a bpósta.

3.2.8

Mura bhfuil gnáthghinideach de réir ceann éigin de na díochlaontaí ar ainmfhocal éiginnte, a úsáidtear mar ainm briathartha freisin, agus má thagann sé go díreach i ndiaidh réamhfhocal comhshuite a ghabhann an ginideach de ghnáth nó i ndiaidh *chun*, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh air:—

ar tí pósadh
tar éis éirí
i ndiaidh suí
le haghaidh briseadh
i gcomhair ardú
faoi choinne athrú
de réir tuairisciú
chun dul abhaile
tá an lá ag dul chun síneadh
tá sé chun séideadh níos measa.

Ach, nuair atá an t-ainmfhocal cinnte, déantar athrú an ghinidigh air:—

*ar son an cholscartha
ar tí a phósta
i gcomhair gach tuairiscithe.*

3.2.9

Má tá ainm briathartha i bhfrása timchainteach tar éis *chun*, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh air:—

*chun iomáint le Corcaigh
chun troid ina choinne
chun snámh in aghaidh easa.*

Ach, i bhfrása nach bhfuil timchainteach, úsáidtear an ginideach:—

*fear maith chun iomána
chuaigh sé chun troda
cailín iontach chun snámha.*

3.2.10

Más rud é go bhfuil réamhfhocal ag teastáil chun brí thabharthach áirithe a thabhairt do chlásal ainm bhriathartha nach mbeadh leis gan an réamhfhocal, nó más rud é nach mbeadh an clásal iomlán gan an réamhfhocal, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal. [**NB:** Is athrú ar an gCaighdeán Oifigiúil é seo.]:—

*ag tabhairt cabhair do Sheán
ag tabhairt aghaidh ar an bhfoireann eile
ag baint leas as an gcóras
ag caitheamh seachtain i gCiarraí
ag déanamh obair don Rialtas
ag déanamh eagarthóireacht ar an leabhar
ag lorg obair sa Roinn Cosanta
ag cur fíon ar an mbiachlár.*

Ach, más rud é gur dlúthchuid den chlásal ainm briathartha an t-ainmfhocal, déantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal:—

*ag cur báistí i gCorcaigh
ag déanamh oibre san oifig
ag bailiú airgid ar an tsráid
ag tabhairt cabhrach in am an ghéatair
ag déanamh eagarthóireachta ar airgead*

*ag lorg oibre sa mhalartán fostaíochta
ag doirteadh fíona ar an mbiachlár.*

3.2.11

Nuair a thagann ainmfhocal éiginnte idir réamhfhocal comhshuite agus frása aidiachtach nó cásal coibhneasta, is iondúil nach ndéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal [NB: Is athrú ar an gCaighdeán Oifigiúil é seo.]:—

*le bhagbaidh aon leasú ar an mBille
d'ainneoin aon cheist eile den sórt sin
i gcás Acht ar bith
in éagmais aon airleacan a bheadh ceadaithe
de bharr scéim ar tháinig deireadh léi.*

3.2.12

Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar na focail a leanann *sórt*, *saghas* nó *cineál* nuair is tagairt do mhéid éiginnte atá i gceist:—

*tá saghas ocras orm
bhí sórt deabhadh orm
is cineál aisteoir eisean.*

Ach nuair atá brí shonrach i gceist: *cén saghas ocras é sin agus gan faic a ithe le dhá lá anuas?*

3.2.13

Ní dhéantar athrú an ghinidigh ar na focail *cuid* agus *ceann* nuair atá ginideach rannaíoch nó tabharthach rannaíoch faoina réir:—

*tar éis ceann de na cluichí ceannais
méid mo chuid oibre
ag díbirt cuid mhór acu
d'ainneoin an chuid eile den alt.*

Ach infhilltear iad nuair is gnáthainmfhocail iad.

*D'ainneoin na Coda sin, níor ritheadh an Bille.
Bhuail sé cúl a chinn.*

CAIBIDIL 4 / AN AIDIACHT

4.1 AN AIDIACHT CHÁILÍOCHTA

- Ní dhíochlaontar an aidiacht ach amháin nuair a úsáidtear mar aidiacht cháilíochta í.
- Braitheann foirm aidiachta cáilíochta ar **inscne**, **tuisseal** agus **uimhir** an ainmfhocail atá á cháiliú léi agus ar **dhíochlaonadh** na haidiachta féin.

4.2 INSCNE, TUISEAL AGUS UIMHIR

- Réitíonn an aidiacht leis an ainmfhocal ó thaobh inscne, tuisil agus uimhreach.
- San uimhir uatha:
 - (i) i gcás ainmfhocal firinscneach, ní shéimhítear an aidiacht ach amháin sa tuiséal gairmeach agus sa tuiséal ginideach*;
 - (ii) i gcás ainmfhocal baininscneach, séimhítear an aidiacht sna tuisil go léir ach amháin sa tuiséal ginideach.
- San uimhir iolra, séimhítear túschonsan aidiachta má chríochnaíonn an t-ainmfhocal iolra (firinscneach agus baininscneach) ar chonsan caol.
- Tugtar léiriú faoi 9.7 ar an aidiacht cháilíochta nuair atá uimhir roimh an ainmfhocal atá á cháiliú.

* I gcás an tuisil thabharthaigh, áfach, má tá córas an tséimhithe (féach 1.3.4) á úsáid i leith an ainmfhocail, séimhítear an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail má ghabhann an t-alt leis.

4.2.1 SÉIMHIÚ AR AIDIACHT CHÁILÍOCHTA SAN UIMHIR UATHA

Féach an plé ar dhíochlaonadh na haidiachta chun eolas a fháil faoi athrú foirme (seachas séimhiú) ar an aidiacht féin.

<i>Tuiseal</i>	<i>Ainmfhocal Firinsneach Uatha</i>	<i>Ainmfhocal Baininsneach Uatha</i>
Ainmneach agus Cuspóireach	Gan Séimhiú an fear beag	Séimhiú an bhean bheag
Gairmeach	Séimhiú a fhir bhig	Séimhiú a bhean bheag
Tabharthach	Gan Séimhiú ar an bhfear beag nó Séimhiú má tá córas an tséimhithe (féach 1.3.4) á úsáid i leith an ainmfhocail agus má ghabhann an t-alt leis ar an fhear bheag (<i>ach</i> ar fhear beag)	Séimhiú ar an mbean bheag
Ginideach	Séimhiú clann an fhir bhig	Gan Séimhiú clann na mná bigé

4.2.2 SÉIMHIÚ AR AIDIACHT CHÁILÍOCHTA SAN UIMHIR IOLRA

Féach an plé ar dhíochlaonadh na haidiachta chun eolas a fháil faoi athrú foirme (seachas séimhiú) ar an aidiacht féin.

<i>Ainmfhocal dar críoch Consan Caol san Iolra</i>	<i>Ainmfhocal dar críoch Consan Leathan nó Guta san Iolra</i>
<p>Séimhiú</p> <p>na fir bheaga na bithiúnaigh ghlice na húdair cháiliúla na goirt mhóra na báid fhada na pinn ghorma na héisc gheala na foirgnimh bhreátha na sparáin theanna na nóiméid dhoireanacha na costais shonracha</p>	<p>Gan Séimhiú</p> <p>na táilliúirí beaga na páirceanna móra na cailíní cliste na doirse móra clanna na bhfear beag clanna na mban mór líon na dtuairisceán bliantúil seirbhísí na leabharlann poiblí méid na bhfuinneog cearnach éifeacht na bhforálacha forlíontacha obair na ngaibhne dubha</p>

4.3 DÍOCHLAONADH NA HAIDIACHTA

4.3.1 GINEARÁLTA

- Is ionann foirm don aidiacht sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal cuspóireach, uatha agus iolra.
- Is iondúil gurb ionann foirm don aidiacht sa tuiseal tabharthach agus sa tuiseal ainmneach, uatha agus iolra. Má tá córas an tséimhithe á úsáid i leith an ainmfhocail, áfach, séimhítear an aidiacht i ndiaidh ainmfhocail a ngabhann an t-alt leis, e.g., *ar an fhear bheag*.
- Sa tuiseal ginideach iolra:
 - (i) má tá tréaniolra ag an ainmfhocal, úsáidtear an fhoirm chéanna den aidiacht a úsáidtear sa tuiseal ainmneach iolra, e.g., *na filí móra, dánta na bhfilí móra*;
 - (ii) má tá lagiolra ag an ainmfhocal, úsáidtear an fhoirm chéanna den aidiacht a úsáidtear sa tuiseal ainmneach uatha, e.g., *tuarascálacha na n-údarás áitiúil, mí na súl buí*.

- In abairtíní meafaracha sa tuiséal gairmeach, ní infhilltear an aidiacht nuair nach n-infhilltear an t-ainmfhocal, cé go séimhítear túslitir na haidiachta más ainmfhocal baininsneach atá roimpi, e.g., *a bhéal cumbra, a cheann dubh dílis, a stóirín bán, a thaisce mhillis*.
- Ní infhilltear an aidiacht i ndiaidh ainmneacha baiste ban, e.g., *Máire Mhór, teach Mháire Mhór*.
- Ní infhilltear aidiacht atá ag cáiliú ainmfhocail i logainm nach bhfuil an t-alt ag gabháil leis, e.g., *pobal Uachtar Ard*.
- Ní infhilltear an aidiacht ar lorg míreanna treise ar nós *sách, measartha*, etc., e.g., *fír sách ard ab ea iad; mná measartha saibhir is ea iad; páistí réasúnta ciúin is ea iad*.

4.4 AN CHÉAD DÍOCHLAONADH

Aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan, leathan nó caol, ach amháin na cinn ar *-úil* agus cúpla ceann ar *-ir*.

4.4.1 FOIRM AN GHINIDIGH UATHA

Firinsneach

- Más consan caol nó *-íoch* is críoch don aidiacht, ní théann aon athrú foirme uirthi.
- Más consan leathan is críoch di, caolaítear an consan mar a dhéantar le hainmfhocail den Chéad Díochlaonadh.

Baininsneach

- Cuirtear *-e* leis an gconsan deiridh, arna chaolú más leathan dó, e.g., *gorm, goirme; maith, maithe*.
- I gcás aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-(e)ach*, cuirtear *-(a)i* in ionad *-(e)ach*, e.g., *aisteach, aistí; iontach, iontaí*; mar a dhéantar le hainmfhocail den Dara Díochlaonadh.
- I gcás aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-íoch*, athraíonn *-íoch* go dtí *-íche*, e.g., *eacnamaíoch, eacnamaíche*.

4.4.2 FOIRM AN GHAIRMIGH UATHA

Is ionann foirm don ghairmeach uatha agus don ainmneach uatha, ach amháin i gcás aidiachtaí a bhfuil foirm leithleach orthu sa ghinideach uatha firinsneach (aidiachtaí a gcaolaítear a gconsan deiridh). I gcás na n-aidiachtaí sin, is gnách gurb ionann foirm an ghairmigh uatha fhirinscnigh agus foirm an ghinidigh uatha fhirinscnigh, e.g., *a amadáin bhoicht*.

4.4.3 FOIRM AN IOLRA — GACH TUISEAL

Cuirtear *-a* leis na haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus *-e* leis na haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol (agus féach **Coimriú** thíos).

4.4.4 COIMRIÚ SAN UATHA AGUS SAN IOLRA

Déantar coimriú sa tuiséal ginideach uatha baininsneach agus san uimhir iolra ar na haidiachtaí seo a leanas (ach ní choimrítear na foirmeacha idir lúibíní).

<i>Ainmneach</i>	<i>Ginideach Uatha Baininsneach</i>	<i>Iolra</i>
álainn	áille	áille
aoibhinn	aoibhne	aoibhne
bodhar	(bodhaire)	bodhra
daibhir	daibhre	daibhre
daingean	daingne	daingne
dílis	dílse	dílse
doilbhir	doilbhre	doilbhre
domhain	doimhne	doimhne
íseal	ísle	ísle
folamh	foilmhe	folmha
láidir	láidre	láidre
milis	milse	milse
ramhar	raimhre	ramhra
righin	righne	righne
saibhir	saibhre	saibhre
sleamhain	(sleamhaine)	sleamhna
soilbhir	soilbhre	soilbhre
uasal	uaisle	uaisle

4.5 AN DARA DÍOCHLAONADH

- Aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-úil*, mar aon le cúpla aidiacht a chríochnaíonn ar *-ir*, e.g., *cóir*, *deacair*, *socair*.

4.5.1 FOIRM AN GHINIDIGH UATHA

- Ní théann aon infhilleadh ar aidiachtaí an díochlaonta seo sa ghinideach uatha frinscneach.
- Sa ghinideach uatha baininscneach, leathnaítear an consan deiridh agus cuirtear *-a* leis.

4.5.2 FOIRM AN IOLRA

- Leathnaítear an consan deiridh agus cuirtear *-a* leis mar a dhéantar sa ghinideach uatha baininscneach.
- Coimrítear *deacair*>*deacra*, *socair*>*socra* sa ghinideach uatha baininscneach agus san uimhir iolra.

4.6 AN TRÍÚ DÍOCHLAONADH

- Aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta. Ní dhéantar infhilleadh ach ar dhá cheann díobh — *breá* > *breátha* sa ghinideach uatha baininscneach agus san uimhir iolra, agus *te* > *teo* san uimhir iolra.

4.7 ACHOIMRE

4.7.1 DÍOCHLAONTAÍ NA hAIDIACHTA: FIRINSCNEACH UATHA

	<i>An Chéad Díochlaonadh</i>	<i>An Dara Díochlaonadh</i>	<i>An Tríú Díochlaonadh</i>
a.	an fear beag an táilliúir bacach an bithiúnach ghlic an buachaill ciúin	an fear misniúil an duine cóir	an cóta buí an duine cuí
gair.	a fhir bhig a tháilliúir bhacaigh a bhithiúnaigh ghlic a bhuachaill chiúin	a fhir mhisniúil a dhuine chóir	a chóta bhuí a dhuine chuí
t.	ar an bhfear beag don táilliúir bacach ag an mbithiúnach ghlic leis an mbuachaill ciúin	don fhear misniúil ag an duine cóir	leis an gcóta buí ag an duine cuí
	<i>Córas an tSéimhithe</i> ar an fhear bheag don táilliúir bhacach ag an bhithiúnach ghlic leis an bhuachaill chiúin	<i>Córas an tSéimhithe</i> don fhear mhisniúil ag an duine chóir	<i>Córas an tSéimhithe</i> leis an chóta bhuí ag an duine chuí
g.	caipín an fhir bhig siopa an táilliúra bhacaigh cleas an bhithiúnaigh ghlic rang an bhuachalla chiúin	eachtra an fhir mhisniúil clann an duine chóir	úinéir an chóta bhuí thar ceann an duine chuí

4.7.2 DÍOCHLAONTAÍ NA hAIDIACHTA: BAININSCNEACH UATHA

	<i>An Chéad Díochlaonadh</i>	<i>An Dara Díochlaonadh</i>	<i>An Tríú Díochlaonadh</i>
a.	an bhean bheag an mháthair bhocht an chláirseach bhinn an altra chaoin	an bhean ghairmiúil an tuairisc mhíosúil	an éide ghalánta an aiste ghonta an mhí fhada
gair.	a bhean bheag a mháthair bhocht a chláirseach bhinn a altra chaoin	a bhean ghairmiúil a thuairisc mhíosúil	a éide ghalánta a aiste ghonta a mhí fhada
t.	don bhean bheag don mháthair bhocht den chláirseach bhinn don altra chaoin	don bhean ghairmiúil sa tuairisc mhíosúil	ar an éide ghalánta san aiste ghonta den mhí fhada
g.	teach na mná bigé peata na máthar boichte ceol na cláirsí binne seomra na haltra caoine	maoin na mná gairmiúla fad na tuairisce míosúla	luach na héide galánta údar na haiste gonta deireadh na míosa fada

4.7.3 DÍOCHLAONTAÍ NA HAIDIACHTA: AN tIOLRA

<i>An Chéad Díochnaonadh</i>		<i>An Dara Díochnaonadh</i>		<i>An Tríú Díochnaonadh</i>	
<i>Firinscneach</i>	<i>Baininscneach</i>	<i>Firinscneach</i>	<i>Baininscneach</i>	<i>Firinscneach</i>	<i>Baininscneach</i>
a. na fir bheaga na táillíúirí bacacha na bithiúnaigh ghlice na buachaillí ciúine	na mná beaga na máithreacha bochta na cláirseacha binne na haltraí caoine	na fir mhisniúla na daoine córa	na mná gairmiúla na tuairiscí miosúla	na cotaí buí na daoine cuí	na héidí galánta na haistí gonta na míonna fada
gair. a fheara beaga a tháillíúirí bacacha a bithiúnacha glice a buachaillí ciúine	a mhná beaga a mháithreacha bochta a chláirseacha binne a altraí caoine	a fheara misniúla a dhaoine córa	a mhná gairmiúla a thuairiscí miosúla	a chotaí buí a dhaoine cuí	a éidí galánta a aistí gonta a mhíonna fada
t. ar na fir bheaga ag na táillíúirí bacacha ag na bithiúnaigh ghlice leis na buachaillí ciúine	do na mná beaga do na máithreacha bochta de na cláirseacha binne do na haltraí caoine	do na fir mhisniúla do na daoine córa	do na mná gairmiúla sna tuairiscí miosúla	ar na cotaí buí leis na daoine cuí	leis na héidí galánta sna haistí gonta de na míonna fada
g. caipíní na bhfear beag cú na dtáillíúirí bacacha cleasa na mbithiúnach glic rang na mbuachaillí ciúine	teach na mban beag ba na máithreacha bochta ceol na gcláirseach binne bá na n-altraí caoine	bás na bhfear misniúil clann na ndaoine córa	pá na mban gairmiúil fad na dtuairiscí miosúla	úinéirí na gcotaí buí ar son na ndaoine cuí	luach na n-éidí galánta údair na n-aistí gonta tús na míonna fada

4.8 CÉIMEANNA COMPARÁIDE NA hAIDIACHTA

- Is ionann foirm de ghnáth do bhreischéim agus do shárchéim aidiachta agus don ghinideach uatha baininsneach, e.g., *ard, airde; breá, breátha; cóir, córa; dathúil, dathúla; deacair, deacra; díreach, dírí; fiáin, fiáine; fliuch, fliche; geal, gile; luath, luaithe; socair, socra.*
- Aidiachtaí a chríochnaíonn ar *-íoch*:— *buíoch, buíche; débhríoch, débhríche; imníoch, imníche; impíoch, impíche; taithíoch, taithíche; uathoibríoch, uathoibríche.*
- Foirmeacha neamhrialta: *beag, lú; dócha, dóichí; fada, faide; fogas, foisce; furasta, fusa; gearr, giorra; iomaí, lia; maith, fearr; mór, mó; olc, measa; te, teo.*

4.8.1 FOIRMEACHA AR LORG *dá* AGUS *a*

- I ndiaidh *dá* agus *a*, cibé acu feidhm réamhthagrach nó feidhm iarthagrach atá acu, úsáidtear de ghnáth foirm is ionann agus foirm na breischéime den aidiacht nó foirm a dhíorthaíonn ón mbreischéim nó ón mbunchéim agus a chríochnaíonn ar *-cht*.
- Ní úsáidtear ach foirm amháin i gcás na n-aidiachtaí seo a leanas:— *dócha (dóichí), dona (donacht), furasta (fusacht), gearr (giorracht)*, agus i gcás na leaganacha neamhrialta seo:— *beag (laghad), fada (fad), iomaí (liacht), maith (feabhas), mór (méad), olc (olcas), tiubh (tiús).*
- Úsáidtear *méid* seachas *méad* i gcásanna áirithe, e.g., *a mhéid is indéanta le réasún, a mhéid is gá, sa mhéid go.*

Samplaí:

B'aoibhinn liom ***a áille (a bhinne, a bhreátha, a chruinne, a líofa, a réidhe, a shoiléire)*** a labhair sé.

Ní chreidfeá ach ***a achbrannaí (a dhonacht, a olcas, a shleabhaine, a uaigní)*** a bhí an áit.

Fuair sé ardmholadh ***trína fheabhas*** a rinne sé an obair.

Ní beag duit ***a luaithe*** a thioctáidh an aois ort.

Níorbh fhéidir liom é a cheannach toisc ***a laghad*** airgead a bhí agam.

Dhallfadh an solas thú ***a ghile*** a bhí sé.

Dá chríonna (dá chróga, dá fheabhas, dá ghlice, dá mbisniúla, dá oilte) é, níor éirigh an gnó leis.

Dá dhonacht (dá ghránna, dá leisciúla, dá olcas, dá shuaráí) é, caithfear cur suas leis.

Dá mhéad dúil a bhí aige ann, níor cheannaigh sé sa deireadh é.

Dá dhonacht dá bhfuil an scéal againn, d'fhéadfadh sé a bheith níos measa.

*Chuir sé gach cóir dá fheabhas orm.
Dá láidre é nil aon eagla orm roimhe.
Dá fhad ó chéile iad is amhlaidh is fearr.
Mhill sé gach aon ní dá bhreátha.
Níl grá dá mbéad nach dtagann fuath dá réir.*

4.8.2 AIDIACHTAÍ SEALBHACHA

De bhrí go bhfeidhmíonn na haidiachtaí sealbhacha, *mo, do, a* (f. agus b. uatha), *ár, bhur* agus *a* (iolra) mar fhorainmneacha sa ghinideach, tráchtar orthu sa Chaibidil a bhaineann leis na forainmnigh (féach 8.3 thíos).

4.8.3 AIDIACHTAÍ TAISPEÁNTACHA

Seo, sin, siúd, úd na foirmeacha a úsáidtear i gcás na n-aidiachtaí taispeántacha, e.g.:—

*Tá an fear seo tinn.
Beidh an buachaill seo ag teacht liom.
Is liomsa iad seo.
Níl an doras sin dúnta.
Síle is ainm don chailín sin.
Is mór an cúram atá ar na daoine sin.
Díoladh a theach siúd inné.
Is aige siúd a bhí an t-airgead.
An bhfeiceann tú an pháirc úd thall?*

CAIBIDIL 5 / AN BRIATHAR

5.1 NA BRIATHRA RIALTA

- Tá dhá réimniú ar na briathra rialta.
- Baineann leis an **gCéad Réimniú**—
 - (a) briathra ó fhréamhacha aonsiollacha,
 - (b) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-áil*, agus dornán de bhriathra ilsiollacha eile,
 - (c) briathra ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-igh*.
- Baineann leis an **Dara Réimniú**—
 - (a) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-aigh/-igh*,
 - (b) briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-ail/-il, -ain/-in, -air/-ir, -ais/-is* agus a choimrítear sa réimniú,
 - (c) cúpla briathar ar leith.
- Is ionann réimniú de ghnáth do bhriathar comhshuite agus don bhriathar ónar cumadh é, e.g., *aisíocaim, comhlíonaim, léirmheasaim* sa Chéad Réimniú ar aon dul le *íocaim, líonaim, measaim; athchomhairlím, comhdhlúthaím, comhshíním* sa Dara Réimniú ar aon dul le *comhairlím, dlúthaím, síním*.
- *An Fhoirm Choibhneasta*. De ghnáth, is féidir rogha a dhéanamh idir an fhoirm leithleach choibhneasta neamhspleách agus gnáthfhoirm ghnáthláithreach nó fháistineach den bhriathar. (Úsáidtear an fhoirm leithleach choibhneasta neamhspleách i gcónaí i gcás an bhriathair *leanaim* in abairtí mar *na hairdphointí seo a leanas*).
- *An Modh Foshuiteach*. Is féidir foirm na haimsire fáistíní a úsáid thar ceann an fhoshuitigh láithrigh nuair nach feidhm ghuítheach a bhíonn aige. Is ionann foirmeacha an mhodha foshuitigh chaite agus foirmeacha na haimsire gnáthchaite spleáiche ach amháin i gcás an bhriathair *bí*. Is féidir freisin foirm an mhodha choinníollaigh a úsáid thar ceann an fhoshuitigh chaite, áfach. I gcás an bhriathair

bí is ionann foirmeacha don mhodh foshuiteach caite agus don mhodh coinníollach. Sna paraidímí thíos, léirítear an modh foshuiteach láithreach leis an mír *go*. Bíodh go leanann urú an mhír sin agus roinnt eile, ní hamhlaidh i gcás gach míre a ghabhann leis an modh foshuiteach. Séimhiú a leanann *nár*, mar shampla: *nár fhana sé i bhfad*.

- *An Fhoirm Dhiúltach*. Sna cásanna ina léirítear foirm dhiúltach, is í an mhír dhiúltach *ní* (*níor*) a thugtar thíos. Féadtar an mhír dhiúltach *cha* (*char*, *chan*) a úsáid freisin. Séimhítear *b*, *c*, *f*, *g*, *m*, *p* agus *s* tar éis *cha* agus uraítear *d* agus *t*. Déantar *chan* de *cha* roimh ghuta nó *fh-* roimh ghuta. Déantar *char* de *cha* roimh aimsir chaite na mbriathra rialta. Má úsáidtear *cha* mar mhír dhiúltach, is í foirm na haimsire gnáthláithrí a úsáidtear chun an aimsir fháistineach a chur in iúl seachas foirm ar leith na haimsire sin.
- *Foirm an Bhriathair i gcás má agus nuair*. Is í foirm na haimsire gnáthláithrí a leanann *má* chun coinníoll sa todhcháí a chur in iúl. Is í foirm na haimsire fáistíní a leanann *nuair* má táthar ag trácht ar rud atá le tarlú amach anseo.

5.1.1 AN CHÉAD RÉIMNIÚ

(a) Briathra ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan seachas *-gbh-*

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. molaim	molaimid / molann muid	brisim	brisimid / briseann muid
2. molann tú	molann sibh	briseann tú	briseann sibh
3. molann sé/sí	molann siad	briseann sé/sí	briseann siad
<i>sb. moltar</i>		<i>sb. bristear</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a mholann / a mholas

(*sb. a mholtar*)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a bhriseann / a bhriseas

(*sb. a bhristear*)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaite

1. mhol mé / mholas	mholamar / mhol muid	bhris mé / bhriseas	bhriseamar / bhris muid
2. mhol tú / mholais	mhol sibh / mholabhair	bhris tú / bhrisis	bhris sibh / bhriseabhair
3. mhol sé/sí	mhol siad / mholadar	bhris sé/sí	bhris siad / bhriseadar
<i>sb. moladh</i>		<i>sb. briseadh</i>	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. mholainn	mholaimis / mholadh muid	bhrisinn	bhrisimis / bhriseadh muid
2. mholtá	mholadh sibh	bhristeá	bhriseadh sibh
3. mholadh sé/sí	mholaidís / mholadh siad	bhriseadh sé/sí	bhrisidís / bhriseadh siad
<i>sb. mholtaí</i>		<i>sb. bhristí</i>	

An Aimsir Fháistineach

1. molfaidh mé / molfad	molfaimid / molfaidh muid	brisfidh mé / brisfead	brisfimid / brisfidh muid
2. molfaidh tú	molfaidh sibh	brisfidh tú	brisfidh sibh
3. molfaidh sé/sí	molfaidh siad	brisfidh sé/sí	brisfidh siad
<i>sb. molfar</i>		<i>sb. brisfear</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a mholfaidh / a mholfas
(sb. a mholfar)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a bhrisfidh / a bhrisfeas
(sb. a bhrisfear)

An Modh Coinníollach

1. mholfaínn	mholfaimis / mholfadh muid	bhrisfinn	bhrisfimis / bhrisfeadh muid
2. mholfá	mholfadh sibh	bhrisfeá	bhrisfeadh sibh
3. mholfadh sé/sí	mholfaidís / mholfadh siad	bhrisfeadh sé/sí	bhrisfidís / bhrisfeadh siad
<i>sb. mholfaí</i>		<i>sb. bhrisfí</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go mola mé	go molaimid / go mola muid	go mbrise mé	go mbrisimid / go mbrise muid
2. go mola tú	go mola sibh	go mbrise tú	go mbrise sibh
3. go mola sé/sí	go mola siad	go mbrise sé/sí	go mbrise siad
<i>sb.</i> go moltar		<i>sb.</i> go mbristear	

An Modh Ordaitheach

1. molaim	molaimis	brisim	brisimis
2. mol	molaigí	bris	brisigí
3. moladh sé/sí	molaidís	briseadh sé/sí	briseadís
<i>sb.</i> moltar		<i>sb.</i> bristear	

An tAinm Briathartha

moladh **briseadh**

An Aidiacht Bhriathartha

molta **briste**

TREOIR

- Is ar an gcuma chéanna le *mol* a réimnítear briathra rialta ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan, agus is ar an gcuma chéanna le *bris* a réimnítear briathra rialta ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar chonsan caol.
- Má ghabhann fréamh a chríochnaíonn ar *-t* nó *-th* (e.g., *at*, *loit*, *caith*, *leath*) foirceann dár tús *t* (e.g., *-tarl-tear*, *-tail-tí*, *-tál-teá*, *-tal-te*), déantar *-t* den *-t(h)t*:—

Mar sin:

-t + t- > -t- (e.g., *atar*, *d'ataí*, *ata*; *loitear*, *loití*, *loite*)

-th + t- > -t- (e.g., *caitear*, *chaití*, *chaitéa*, *caite*; *leatar*, *leataí*, *leatá*, *leata*)

- Má ghabhann fréamh a chríochnaíonn ar *-bh* nó *-mh* (e.g., *gabh*, *ríomh*) foirceann dar tús *th* (e.g., *-tha* san aidiacht bhriathartha), déantar *-f* den *-bhth-* nó den *-mhth-*:—

Mar sin:

-bh + th- > **-f-** (e.g., *gafa, scríofa*)

-mh + th- > **-f-** (e.g., *ríofa, profa*)

- Coinnítear *-bh*, *-mh* agus *-th* roimh *f*, e.g., *scríobhfáí, ríomhfá, chaithfeá*;
- Gabhann briathra ó fhréamhacha a chríochnaíonn ar *-b*, *-c*, *-g*, *-m*, *-p*, *-r/-rr* an foirceann *-tha* nó *-the*, de réir mar is leathan nó is caol dóibh, san aidiacht bhriathartha, e.g., *lúbtha, glactha, eiscthe, bogtha, ligthe, camtha, creimthe, craptha, scaipthe, smeartha, bearrtha, sirthe*; (eisceachtaí: *cuir / curtha; scoir / scortha*).
- Gabhann briathra ó fhréamhacha a chríochnaíonn ar *-gh* leathan *-tha*, e.g., *loghtha*, (ach is eisceacht *tofa < toghaim*).
- Gabhann bunáite na mbriathra *-(e)adh* san ainm briathartha ach tá roinnt mhaith eisceachtaí ann (féach 5.3.1).

(b) Briathra ó fhréamhacha ilsiollacha:—

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. sábhálaim	sábhálaimid / sábhálann muid	tíolacaim	tíolacaimid / tíolacann muid
2. sábhálann tú	sábhálann sibh	tíolacann tú	tíolacann sibh
3. sábhálann sé/sí	sábhálann siad	tíolacann sé/sí	tíolacann siad
<i>sb.</i> sábháiltear		<i>sb.</i> tíolactar	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a shábhálann / a shábhálas

(*sb.* **a shábháiltear**)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a thíolacann / a thíolacas

(*sb.* **a thíolactar**)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaite

1. shábháil mé / shábhálas	shábhálar / shábháil muid	thíolaic mé / tíolacas	thíolacamar / tíolaic muid
2. shábháil tú / shábhálais	shábháil sibh / shábhálabhair	thíolaic tú / tíolacais	thíolaic sibh / tíolacabhair
3. shábháil sé/sí	shábháil siad / shábháladar	thíolaic sé/sí	thíolaic siad / tíolacadar
<i>sb. sábháladh</i>		<i>sb. tíolacadh</i>	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. shábhálainn	shábhálaimis / shábháladh muid	thíolacainn	thíolacaimis / tíolacadh muid
2. shábháilteá	shábháladh sibh	thíolactá	thíolacadh sibh
3. shábháladh sé/sí	shábhálaidís / shábháladh siad	thíolacadh sé/sí	thíolacaidís / tíolacadh siad
<i>sb. shábháiltí</i>		<i>sb. thíolactaí</i>	

An Aimsir Fháistineach

1. sábhálfaidh mé / sábhálfad	sábhálfaimid / sábhálfaidh muid	tíolacfaidh mé / tíolacfad	tíolacfaimid
2. sábhálfaidh tú	sábhálfaidh sibh	tíolacfaidh tú	tíolacfaidh sibh
3. sábhálfaidh sé/sí	sábhálfaidh siad	tíolacfaidh sé/sí	tíolacfaidh siad
<i>sb. sábhálfar</i>		<i>sb. tíolacfar</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a shábhálfaidh / a shábhálfas
(sb. a shábhálfar)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a thíolacfaidh / a thíolacfas
(sb. a thíolacfar)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Coinníollach

1. shábhálfainn	shábhálfaimis / shábhálfadh muid	thíolacfainn	thíolacfaimis / thíolacfadh muid
2. shábhálfá	shábhálfadh sibh	thíolacfá	thíolacfadh sibh
3. shábhálfadh sé/sí	shábhálfaidís / shábhálfadh siad	thíolacfadh sé/sí	thíolacfaidís / thíolacfadh siad
<i>sb. shábhálfáí</i>		<i>sb. thíolacfaí</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go sábhála mé	go sábhálaimid / go sábhála muid	go dtíolaca mé	go dtíolacaimid / go dtíolaca muid
2. go sábhála tú	go sábhála sibh	go dtíolaca tú	go dtíolaca sibh
3. go sábhála sé/sí	go sábhála siad	go dtíolaca sé/sí	go dtíolaca siad
<i>sb. go sábháiltear</i>		<i>sb. go dtíolactar</i>	

An Modh Ordaitheach

1. sábhálaim	sábhálaimis	tíolacaim	tíolacaimis
2. sábháil	sábhálaigí	tíolaic	tíolacaigí
3. sábháladh sé/sí	sábhálaidís	tíolacadh sé/sí	tíolacaidís
<i>sb. sábháiltear</i>		<i>sb. tíolactar</i>	

An tAinm Briathartha

sábháil

tíolacadh

An Aidiacht Bhriathartha

sábháilte

tíolactha

Nóta:— *-t-* caol, e.g., *sábháiltear, shábháiltí, sábháilte*; *-f-* leathan, e.g., *sábhálfar, shábhálfai*).

TREOIR

- Réimniú ar nós *sábháil*:— briathra ó fhréamhacha a chríochnaíonn ar *-áil*.
- Réimniú ar nós *tíolaic* (tugtar an fhréamh, an chéad phearsa uatha, an aimsir láithreach, an t-ainm briathartha agus an aidiacht bhriathartha):—

An Fhréamb

AL-1U

*An tAinm
Briathartha*

*An Aidiacht
Bhriathartha*

**adhlaic
ceiliúir
gearáin
iomlaisc
seachaid
taispeáin
tionlaic
tionóil**

**adhlaicaim
ceiliúraim
gearánaim
iomlascaim
seachadaim
taispeánaim
tionlacaim
tionólaim**

**adhlacadh
ceiliúradh
gearán
iomlasc
seachadadh
taispeáint
tionlacan
tionól**

**adhlaicthe
ceiliúrtha
gearánta
iomlasctha
seachadta
taispeánta
tionlactha
tionólta**

- Coinnítear caol tríd síos (gan an t-ainm briathartha a áireamh) ina réimniú—

**coisric
iomáin
toirmisc
tiomáin**

**coisricim
iomáinim
toirmiscim
tiomáinim**

**coisreacadh
iomáint
toirmeasc
tiomáint**

**coisricthe
iomáinte
toirmisce
tiomáinte**

- Coinnítear leathan tríd síos ina réimniú—

coimeád

coimeádaim

coimeád

coimeáda

(c) Briathra ó fhréamhacha aonsiollacha a chríochnaíonn ar *-igh*:—

An Modh Tásca

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. cráim	cráimid / cránn muid	dóim	dóimid / dónn muid
2. cránn tú	cránn sibh	dónn tú	dónn sibh
3. cránn sé/sí	cránn siad	dónn sé/sí	dónn siad
	<i>sb. cráitear</i>		<i>sb. dóitear</i>

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a chránn / a chrás
(*sb. a chráitear*)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a dhóinn / a dhós
(*sb. a dhóitear*)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaithe

1. chráigh mé / chrás	chrámar / chráigh muid	dhóigh mé / dhós	dhómar / dhóigh muid
2. chráigh tú / chráis	chráigh sibh / chrábhair	dhóigh tú / dhóis	dhóigh sibh / dhóbhair
3. chráigh sé/sí	chráigh siad / chrádar	dhóigh sé/sí	dhóigh siad / dhódar
<i>sb. crádh</i>		<i>sb. dódh</i>	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. chráinn	chráimis / chrádh muid	dhóinn	dhóimis / dhódh muid
2. chráiteá	chrádh sibh	dhóiteá	dhódh sibh
3. chrádh sé/sí	chráidís / chrádh siad	dhódh sé/sí	dhóidís / dhódh siad
<i>sb. chráití</i>		<i>sb. dhóití</i>	

An Aimsir Fháistineach

1. cráfaidh mé / cráfad	cráfaimid / cráfaidh muid	dófaidh mé / dófad	dófaimid / dófaidh muid
2. cráfaidh tú	cráfaidh sibh	dófaidh tú	dófaidh sibh
3. cráfaidh sé/sí	cráfaidh siad	dófaidh sé/sí	dófaidh siad
<i>sb. cráfar</i>		<i>sb. dófar</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a chráfaidh / a chráfas
(sb. a chráfar)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a dhófaidh / a dhófas
(sb. a dhófar)

An Modh Coinníollach

1. chráfainn	chráfaimis / chráfadh muid	dhófainn	dhófaimis / dhófadh muid
2. chráfá	chráfadh sibh	dhófá	dhófadh sibh
3. chráfadh sé/sí	chráfaidís / chráfadh siad	dhófadh sé/sí	dhófaidís / dhófadh siad
<i>sb. chráfai</i>		<i>sb. dhófaí</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go gcrá mé	go gcráimid / go gcrá muid	go ndó mé	go ndóimid / go ndó muid
2. go gcrá tú	go gcrá sibh	go ndó tú	go ndó sibh
3. go gcrá sé/sí	go gcrá siad	go ndó sé/sí	go ndó siad
<i>sb. go gcráitear</i>		<i>sb. go ndóitear</i>	

An Modh Ordaitheach

1. cráim	cráimis	dóim	dóimis
2. cráigh	cráigí	dóigh	dóigí
3. crádh sé/sí	cráidís	dódh sé/sí	dóidís
<i>sb. cráitear</i>		<i>sb. dóitear</i>	

An tAinm Briathartha

crá dó

An Aidiacht Bhriathartha

cráite dóite

TREOIR

- Réimniú ar nós *cráigh, dóigh*—

*An Fhréambh**AL-1U**An tAinm
Briathartha**An Aidiacht
Bhriathartha*báigh
cneáigh
meáigh
sáigh
leáighbáim
cneáim
meáim
sáim
leáimbá
cneá
meá
sá
leábáite
cneáite
meáite
sáite
leáite

An Fhréamb

AL-IU

*An tAinm
Briathartha*

*An Aidiacht
Bhriathartha*

breoigh
clóigh
dreoigh
feoigh
reoigh

breoim
clóim
dreoim
feoim
reoim

breo
cló
dreo
feo
reo

breoite
clóite
dreoite
feoite
reoite

brúigh
crúigh
liúigh
súigh

brúim
crúim
liúim
súim

brú
crú
liú
sú

brúite
crúite
liúite
súite

fuaigh
iaigh
luaigh

fuaim
iaim
luaim

fuáil
iamh
lua

fuaite
iata
luaite

- Féach freisin an t-ainm briathartha a ghabhann leo seo a leanas:—

beoigh
buaigh
cruaigh

beoim
buaim
cruaim

beochan
buachan
cruachan

beoite
buaite
cruaite

- I gcás briathra a bhfuil guta gearr sa fhréamb iontu, fághtar an guta gan fadú roimh *-t*, e.g., *nitear*, *niteá*, ach *ním*, *níodh*, *nífi*, etc. Ach is guta fada a bhíonn ag *léigh*, etc., síos tríd.

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. léim

**léimid /
léann muid**

ním

**nímid /
níonn muid**

2. léann tú

léann sibh

níonn tú

níonn sibh

3. léann sé/sí

léann siad

níonn sé/sí

níonn siad

sb. léitear

sb. nitear

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a léann / a léas

(sb. a léitear)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a níonn / a níos

(sb. a nitear)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaite

1. léigh mé / léas	léamar / léigh muid	nigh mé / níos	níomar / nigh muid
2. léigh tú / léis	léigh sibh / léabhair	nigh tú / nís	nigh sibh / níobhair
3. léigh sé/sí	léigh siad / léadar	nigh sé/sí	nigh siad / níodar
<i>sb. léadh</i>		<i>sb. níodh</i>	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. léinn	léimis / léadh muid	nínn	nímis / níodh muid
2. léiteá	léadh sibh	níteá	níodh sibh
3. léadh sé/sí	léidís / léadh siad	níodh sé/sí	nídís / níodh siad
<i>sb. léiti</i>		<i>sb. nití</i>	

An Aimsir Fháistineach

1. léifidh mé / léifead	léifimid / léifidh muid	nífidh mé / nífead	nífidimid / nífidh muid
2. léifidh tú	léifidh sibh	nífidh tú	nífidh sibh
3. léifidh sé/sí	léifidh siad	nífidh sé/sí	nífidh siad
<i>sb. léifear</i>		<i>sb. nífeare</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách: An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a léifidh / a léifeas **a nífidh / a nífeas**
(sb. a léifear) *(sb. a nífeare)*

An Modh Coinníollach

1. léifinn	léifimis / léifeadh muid	nífinn	nífimis / nífeadh muid
2. léifeá	léifeadh sibh	nífeá	nífeadh sibh
3. léifeadh sé/sí	léifidís / léifeadh siad	nífeadh sé/sí	nífidís / nífeadh siad
<i>sb. léifí</i>		<i>sb. nífí</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go lé mé	go léimid / go lé muid	go ní mé	go nímid / go ní muid
2. go lé tú	go lé sibh	go ní tú	go ní sibh
3. go lé sé/sí	go lé siad	go ní sé/sí	go ní siad
	<i>sb.</i> go léitear		<i>sb.</i> go nitear

An Modh Ordaitheach

1. léim	léimis	ním	nímis
2. léigh	léigi	nigh	nígí
3. léadh sé/sí	léidís	níodh sé/sí	nídís
	<i>sb.</i> léitear		<i>sb.</i> nitear

An tAinm Briathartha

léamh ní

An Aidiacht Bhriathartha

léite nite

TREOIR

- Réimniú ar nós *léigh, nigh*:—

*An Fhréamh**AL-1U**An tAinm
Briathartha**An Aidiacht
Bhriathartha*éigh
téighéim
téiméamh
téamh—
téite

pléigh

pléim

plé

pléite

An Fhréamb

AL-IU

*An tAinm
Briathartha*

*An Aidiacht
Bhriathartha*

spréigh

spréim

spré

spréite

caígh

caím

caí

caíte

cloígh

cloím

cloí

cloíte

cnaígh

cnaím

cnaí

cnaíte

bligh

blím

bleán

blite

dligh

dlím

dlí

dlite

figh

fím

fí

fite

guigh

guím

guí

—

ligh

lím

lí

lite

luigh

luím

luí

luite

snigh

sním

sní

snite

snoigh

snoím

snoí

snoite

suigh

suím

suí

suite

- Féach freisin an t-ainm briathartha a ghabhann leis an mbriathar seo a leanas:—

buígh

buím

buíochan

buíte

5.1.2 AN DARA RÉIMNIÚ

(a) Briathra ó fhréambhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-aigh/-igh*:—

An Modh Tásach

An Aimsir Láithreach

1. beannaím	beannaímid / beannaíonn muid	cruinním	cruinnímid / cruinníonn muid
2. beannaíonn tú	beannaíonn sibh	cruinníonn tú	cruinníonn sibh
3. beannaíonn sé/sí	beannaíonn siad	cruinníonn sé/sí	cruinníonn siad
<i>sb. beannaítear</i>		<i>sb. cruinnítear</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a bheannaíonn / a bheannaíos
(*sb. a bheannaítear*)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a chruinníonn / a chruinníos
(*sb. a chruinnítear*)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaite

1. bheannaigh mé / bheannaíos	bheannaíomar / bheannaigh muid	chruinnigh mé / chruinníos	chruinníomar / chruinnigh muid
2. bheannaigh tú / bheannaís	bheannaigh sibh / bheannaíobhair	chruinnigh tú / chruinnís	chruinnigh sibh / chruinniobhair
3. bheannaigh sé/sí	bheannaigh siad / bheannaíodar	chruinnigh sé/sí	chruinníodar / chruinnigh siad
<i>sb. beannaíodh</i>		<i>sb. cruinníodh</i>	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. bheannaínn	bheannaímis / bheannaíodh muid	chruinnínn	chruinnímis / chruinníodh muid
2. bheannaíteá	bheannaíodh sibh	chruinníteá	chruinníodh sibh
3. bheannaíodh sé/sí	bheannaídís / bheannaíodh siad	chruinníodh sé/sí	chruinnídís / chruinníodh siad
<i>sb. bheannaítí</i>		<i>sb. chruinnítí</i>	

An Aimsir Fháistineach

1. beannóidh mé / beannód	beannóimid / beannóidh muid	cruinneoidh mé / cruinneod	cruinneoidh mé / cruinneoidh muid
2. beannóidh tú	beannóidh sibh	cruinneoidh tú	cruinneoidh sibh
3. beannóidh sé/sí	beannóidh siad	cruinneoidh sé/sí	cruinneoidh siad
<i>sb. beannófar</i>		<i>sb. cruinneofar</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a bheannóidh / a bheannós
(sb. a bheannófar)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a chruinneoidh / a chruinneos
(sb. a chruinneofar)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Coiníollach

1. bheannóinn	bheannóimis / bheannódh muid	chruinneoinn	chruinneoimis / chruinneodh muid
2. bheannófá	bheannódh sibh	chruinneofá	chruinneodh sibh
3. bheannódh sé/sí	bheannóidís / bheannódh siad	chruinneodh sé/sí	chruinneoidís / chruinneodh siad
<i>sb. bheannófáí</i>		<i>sb. chruinneofáí</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go mbeannaí mé	go mbeannaímid / go mbeannaí muid	go gcruinní mé	go gcruinnímid / go gcruinní muid
2. go mbeannaí tú	go mbeannaí sibh	go gcruinní tú	go gcruinní sibh
3. go mbeannaí sé/sí	go mbeannaí siad	go gcruinní sé/sí	go gcruinní siad
<i>sb. go mbeannaítear</i>		<i>sb. go gcruinnítear</i>	

An Modh Ordaitheach

1. beannaím	beannaímis	cruinním	cruinnímis
2. beannaigh	beannaígí	cruinnigh	cruinnígí
3. beannaíodh sé/sí	beannaídís	cruinníodh sé/sí	cruinnídís
<i>sb. beannaítear</i>		<i>sb. cruinnítear</i>	

An tAinm Briathartha

beannú

cruinniú

An Aidiacht Bhriathartha

beannaithe

cruinnithe

Is ar an gcuma chéanna le *beannaigh* a réimnítear briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-aigh*, agus is ar an gcuma chéanna le *cruinnigh* a réimnítear briathra ó fhréamhacha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-igh*; ach tá eisceachtaí san ainm briathartha (féach 5.3.2) agus corr-eisceacht san aidiacht bhriathartha, e.g., *daíte*, *dlúite*, *táite*, *teoranta*.

(b) Briathra ó fhréamhacha ilsíollacha a chríochnaíonn ar *-ail/-il*, *-ain/-in*, *-air/-ir*, *-ais/-is* agus a choimrítear sa réimniú:—

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. ceanglaím	ceanglaímid / ceanglaíonn muid	díbrím	díbrímid / díbríonn muid
2. ceanglaíonn tú	ceanglaíonn sibh	díbríonn tú	díbríonn sibh
3. ceanglaíonn sé/sí	ceanglaíonn siad	díbríonn sé/sí	díbríonn siad
<i>sb.</i> ceanglaítear		<i>sb.</i> díbrítear	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a cheanglaíonn / a cheanglaíos
(*sb.* a cheanglaítear)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a dhíbríonn / a dhíbríos
(*sb.* a dhíbrítear)

An Aimsir Chaite

1. cheangail mé / cheanglaíos	cheanglaíomar / cheangail muid	dhíbir mé / dhíbríos	dhíbríomar / dhíbir muid
2. cheangail tú / cheanglaís	cheangail sibh / cheanglaíobhair	dhíbir tú / dhíbrís	dhíbir sibh / dhíbríobhair
3. cheangail sé/sí	cheangail siad / cheanglaíodar	dhíbir sé/sí	dhíbir siad / dhíbríodar
<i>sb.</i> ceanglaíodh		<i>sb.</i> díbríodh	

An Aimsir Ghnáthchaite

1. cheanglaínn	cheanglaímis / cheanglaíodh muid	dhíbrínn	dhíbrímis / dhíbríodh muid
2. cheanglaíteá	cheanglaíodh sibh	dhíbríteá	dhíbríodh sibh
3. cheanglaíodh sé/sí	cheanglaídís / cheanglaíodh siad	dhíbríodh sé/sí	dhíbrídís / dhíbríodh siad
<i>sb.</i> cheanglaítí		<i>sb.</i> dhíbrítí	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Fháistineach

1. ceanglóidh mé / ceanglód	ceanglóimid / ceanglóidh muid	díbreoidh mé / díbreod	díbreoimid / díbreoidh muid
2. ceanglóidh tú	ceanglóidh sibh	díbreoidh tú	díbreoidh sibh
3. ceanglóidh sé/sí	ceanglóidh siad	díbreoidh sé/sí	díbreoidh siad
<i>sb. ceanglófar</i>		<i>sb. díbreofar</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a cheanglóidh / a cheanglós
(sb. a cheanglófar)

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a dhíbreoidh / a dhíbreos
(sb. a dhíbreofar)

An Modh Coinníollach

1. cheanglóinn	cheanglóimis / cheanglódh muid	dhíbreoinn	dhíbreoimis / dhíbreodh muid
2. cheanglófaí	cheanglódh sibh	dhíbreofaí	dhíbreodh sibh
3. cheanglódh sé/sí	cheanglóidís / cheanglódh siad	dhíbreodh sé/sí	dhíbreoidís / dhíbreodh siad
<i>sb. cheanglófaí</i>		<i>sb. dhíbreofaí</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go gceanglaí mé	go gceanglaímid/ go gceanglaí muid	go ndíbrí mé	go ndíbrímid/ go ndíbrí muid
2. go gceanglaí tú	go gceanglaí sibh	go ndíbrí tú	go ndíbrí sibh
3. go gceanglaí sé/sí	go gceanglaí siad	go ndíbrí sé/sí	go ndíbrí siad
<i>sb. go gceanglaítear</i>		<i>sb. go ndíbrítear</i>	

An Modh Ordaitheach

1. ceanglaím	ceanglaímis	díbrím	díbrímis
2. ceangail	ceanglaígí	díbir	díbrígí
3. ceanglaíodh sé/sí	ceanglaídís	díbríodh sé/sí	díbrídís
<i>sb. ceanglaítear</i>		<i>sb. díbrítear</i>	

An tAinm Briathartha

ceangal **díbirt**

An Aidiacht Bhriathartha

ceangailte **díbeartha**

Briathra Eile a Choimrítear

- Réimniú ar nós *ceangail*—

<i>An Fhréamb</i>	<i>AL-1U</i>	<i>An tAinm Briathartha</i>	<i>An Aidiacht Bhriathartha</i>
agair	agraím	agairt	agartha
bagair	bagraím	bagairt	bagartha
codail	codlaím	codladh	—
cogain	cognaím	cogaint	coganta
cosain	cosnaím	cosaint	cosanta
coscair	coscraím	coscairt	coscartha
eascair	eascraím	eascairt	eascartha
fógair	fógraím	fógairt	fógartha
freagair	freagraím	freagairt	freagartha
fuascail	fuasclaím	fuascailt	fuascailte
íobair	íobraím	íobairt	íobartha
iompair	iompraím	iompar	iompartha
labhair	labhraím	labhairt	labhartha
mungail	mungraím	mungailt	mungailte
múscail	músclaím	múscailt	múscailte
oscail	osclaím	oscailt	oscailte
rómhair	rómhraím	rómhar	romhartha
satail	satlaím	satailt	satailte
tionscain	tionscnaím	tionscnamh	tionscanta
tochail	tochlaím	tochailt	tochailte
treascair	treascraím	treascairt	treascartha

- Réimniú ar nós *díbir*—

aithin	aithním	aithint	aitheanta
cigil	ciglím	cigilt	cigilte
cuimil	cuimlím	cuimilt	cuimilte
eitil	eitlím	eitilt	eitilte
imir	imrím	imirt	imeartha
inis	insím	insint	inste

- Ní choimrítear—

aithris	aithrisím	aithris	aithriste
freastail	freastalaím	freastal	freastalta
taistil	taistealaím	taistéal	taistealta

ná briathra ó fhréamhacha a chríochnaíonn ar *-aim*, *-aingl/-ing*, e.g.,

foghlaim	foghlaimím	foghlaim	foghlamtha
fulaing	fulaingím	fulaingt	fulaingthe
tarraing	tarraingím	tarraingt	tarraingthe
tuirling	tuirlingím	tuirlingt	tuirlingthe

5.2 NA BRIATHRA NEAMHRIALTA

- Ní choinníonn na briathra neamhrialta an fhréamh chéanna tríd síos ina réimniú agus tá leaganacha ar leith ar chuid acu san fhoirm spleách.
- Is ionann fréamh an bhriathair san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir ghnáthchaite, e.g., *deirim*, *deirinn*; *tugann sí*, *thugadh sí*; *cloisimid*, *chloisimis*. Seachas i gcás an bhriathair *bí*, bíonn an fhréamh chéanna leis an modh foshuiteach láithreach freisin (*go ndeire*, *go dtuga*, *go gcloise*).
- Is ionann fréamh an bhriathair san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach, e.g., *déarfaidh mé*, *déarfainn*; *déanfaidh tú*, *dhéanfá*; *tabharfaidh siad*, *thabharfaidís*.
- **An Fhoirm Spleách**

Is í an fhoirm spleách a leanann na cónaisc, na forainmneacha coibhneasta agus na míreanna briathartha seo:—

a/ar (= an mhír choibhneasta), *a/ar* (= an méid a/ar), *an/ar*, *cálcár*, *chal/chan/char*, *dál/dár* (<*de/do+a (ar)s*) agus *dá* (coinníollach), *gol/gur*, *mura/murar*, *nach/nár*, *ní/níor*, *sula/ sular*.

- Úsáidtear na míreanna sin leis na briathra neamhrialta ar an modh céanna ar a n-úsáidtear iad leis na briathra rialta, ach amháin nach n-úsáidtear na leaganacha ar *-r* de na míreanna sin san aimsir chaite, sa mhodh táscach, leis na foirmeacha leithleacha atá ar *déanaim* agus *téim* san fhoirm spleách, ná leis na briathra *abair*, *faigh*, *feic*, *bí*, *téigh*, e.g.:—

An duine a bhfaca mé é ag dul isteach ann.
 An fear a bhfuair a mhac bás.
 An cnoc ar a raibh an crann ard ag fás.
 Thug sí cuntas ar a ndearna sí.
 An ndeachaigh tú ann?
 Cá bhfacamar cheana é?
 Gach ní dá bhfuair sibh.
 Deir sí go raibh siad ann.
 Mura ndearna.
 Nach ndeachaigh sibh abhaile fós?
 Sin rud nach bhfaca mé riamh.
 Ní bhfuair sé an t-airgead fós.
 Sula rabhamar tagtha.

- Ní shéimhítear an briathar *deirim* i ndiaidh *má* ná *ní*, e.g., *ní deirim (deirimis, dúirt sé, déarfáinn), má deir tú (deiridís)*.
- Táthaítear an mhír choibhneasta *a* leis an mbriathar *bí* san aimsir láithreach—*atáim, atá, atáimid, atáthar*. Ní tháthaítear í le *abair*—*a dúirt*. Cuirtear *ná*, in ionad *nár*, roimh fhoirmeacha an mhodha fhoshuitigh de *bí*, e.g., *ná raibh maith agat*.

BEIRIM (Beir)

An Modh Tásach

UATHA	IOLRA	UATHA	IOLRA
<i>An Aimsir Láithreach</i>		<i>An Aimsir Chaite</i>	
1. beirim	beirimid / beireann muid	rug mé / rugas	rugamar / rug muid
2. beireann tú	beireann sibh	rug tú / rugais	rug sibh / rugabhair
3. beireann sé/sí	beireann siad	rug sé/sí	rug siad / rugadar
<i>sb. beirtear</i>		<i>sb. rugadh</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a bheireann / a bheireas

(*sb. a bheirtear*)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Ghnáthchaite

An Aimsir Fháistineach

1. bheirinn	bheirimis / bheireadh muid	béarfaidh mé / béarfadh	béarfaimid / béarfaidh muid
2. bheirteá	bheireadh sibh	béarfaidh tú	béarfaidh sibh
3. bheireadh sé/sí	bheiridís / bheireadh siad	béarfaidh sé/sí	béarfaidh siad
<i>sb. bheirtí</i>		<i>sb. béarfár</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a bhéarfaidh / a bhéarfás

(sb. a bhéarfár)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. bhéarfainn	bhéarfaimis / bhéarfadh muid	beirim	beirimis
2. bhéarfá	bhéarfadh sibh	beir	beirigí
3. bhéarfadh sé/sí	bhéarfaidís / bhéarfadh siad	beireadh sé/sí	beiridís
<i>sb. bhéarfaí</i>		<i>sb. beirtear</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go mbeire mé	go mbeirimid / go mbeire muid
2. go mbeire tú	go mbeire sibh
3. go mbeire sé/sí	go mbeire siad
<i>sb. go mbeirtear</i>	

An tAinm Briathartha

breith

An Aidiacht Bhriathartha

beirthe

CLOISIM (Clois) agus CLUINIM (Cluin)

An Modh Táscach

UATHA	IOLRA	UATHA	IOLRA
<i>An Aimsir Láithreach</i>		<i>An Aimsir Chaite</i>	
1. cloisim / cluinin	cloisimid / cluininimid / cloiseann / cluineann muid	chuala mé / chuala / chualas	chualamar / chuala muid
2. cloiseann/ cluineann tú	cloiseann / cluineann sibh	chuala tú / chualais	chuala sibh / chualabhair
3. cloiseann/ cluineann sé/sí	cloiseann/ cluineann siad	chuala sé/sí	chuala siad / chualadar
<i>sb. cloistear / cluintear</i>		<i>sb. chualathas</i>	

UATHA	IOLRA	UATHA	IOLRA
<i>An Aimsir Ghnáthchaite</i>		<i>An Aimsir Fháistineach</i>	
1. chloisinn / chluininn	chloisimis / chluinimis / chloiseadh/ chluineadh muid	cloisfidh/ cluinfidh mé / cloisfead / cluinfead	cloisfimid / cluinfimid / cloisfidh/ cluinfidh muid
2. chloisteá / chluinteá	chloiseadh/ chluineadh sibh	cloisfidh/ cluinfidh tú	cloisfidh/ cluinfidh sibh
3. chloiseadh/ chluineadh sé/sí	chloisidís / chluinidís / chloiseadh/ chluineadh siad	cloisfidh/ cluinfidh sé/sí	cloisfidh/ cluinfidh siad
<i>sb. chloistí / chluintí</i>		<i>sb. cloisfear / cluinfeair</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. chloisfinn / chluinfinn	chloisfimis / chluinfimis / chloisfeadh/ chluinfeadh muid	cloisim / cluimim	cloisimis / cluimimis
2. chloisfeá / chluinfeá	chloisfeadh/ chluinfeadh sibh	clois / cluim	cloisigí / cluinigí
3. chloisfeadh/ chluinfeadh sé/sí	chloisfidís / chluinfidís / chloisfeadh/ chluinfeadh siad	cloiseadh/ cluineadh sé/sí	cloisidís / cluimidís
<i>sb.</i> chloisfí / chluinfí		<i>sb.</i> cloistear / cluintear	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go gcloise/ go gcluine mé	go gcloisimid / go gcluimimid / go gcloise/go gcluine muid
2. go gcloise/ go gcluine tú	go gcloise/ go gcluine sibh
3. go gcloise/ go gcluine sé/sí	go gcloise/ go gcluine siad
<i>sb.</i> go gcloistear / go gcluintear	

An tAinm Briathartha

cloisteáil

cluinstin

An Aidiacht Bhriathartha

cloiste

cluinte

DÉANAIM (Déan)

Is briathar rialta é seo ach amháin san aimsir chaite.

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

An Aimsir Ghnáthchaite

1. déanaim	déanaimid / déanann muid	dhéanainn	dhéanaimis / dhéanadh muid
2. déanann tú	déanann sibh	dhéantá	dhéanadh sibh
3. déanann sé/sí	déanann siad	dhéanadh sé/sí	dhéanaidís / dhéanadh siad
<i>sb. déantar</i>		<i>sb. dhéantaí</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a dhéanann / a dhéanas

(*sb. a dhéantar*)

An Aimsir Chaite

Nóta: Déantar an aimsir chaite a réimniú ar dhá bhealach éagsúla, mar atá thíos. Sa chéad cheann díobh sin, tá foirmeacha éagsúla spleácha agus neamhspleácha ar an mbriathar.

Neamhspleách

Spleách

1. rinne mé / rinneas	rinneamar / rinne muid	ní dhearna mé / ní dhearnas/	ní dhearnamar / ní dhearna muid
2. rinne tú	rinne sibh	ní dhearna tú	ní dhearna sibh
3. rinne sé/sí	rinne siad	ní dhearna sé/sí	ní dhearna siad / ní dhearnadar
<i>sb. rinneadh</i>		<i>sb. ní dhearnadh</i>	

1. dhein mé / dheineas	dheineamar	níor dhein mé / níor dheineas	níor dheineamar
2. dhein tú / dheinis	dhein sibh / dheineabhair	níor dhein tú / níor dheinis	níor dhein sibh / níor dheineabhair
3. dhein sé/sí	dheineadar	níor dhein sé/sí	níor dheineadar
<i>sb. deineadh</i>		<i>sb. níor deineadh</i>	

UATHA

IOLRA

An Aimsir Fháistineach

1. déanfaidh mé / déanfad	déanfaimid / déanfaidh muid
2. déanfaidh tú	déanfaidh sibh
3. déanfaidh sé/sí	déanfaidh siad
<i>sb. déanfar</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a dhéanfaidh / a dhéanfas

(sb. a dhéanfar)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

UATHA	IOLRA	UATHA	IOLRA
1. dhéanfainn	dhéanfaimis / dhéanfadh muid	déanaim	déanaimis
2. dhéanfá	dhéanfadh sibh	déan	déanaigí
3. dhéanfadh sé/sí	dhéanfaidís / dhéanfadh siad	déanadh sé/sí	déanaidís
<i>sb. dhéanfaí</i>		<i>sb. déantar</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go ndéana mé	go ndéanaimid / go ndéana muid
2. go ndéana tú	go ndéana sibh
3. go ndéana sé/sí	go ndéana siad
<i>sb. go ndéantar</i>	

An tAinm Briathartha

déanamh

An Aidiacht Bhriathartha

déanta

DEIRIM (Abair)

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

An Aimsir Chaite

1. deirim	deirimid / deireann muid	dúirt mé / dúras / dúrt	dúramar / dúirt muid
2. deir tú	deir sibh	dúirt tú / dúrais	dúirt sibh / dúrabhair
3. deir sé/sí	deir siad	dúirt sé/sí	dúirt siad / dúradar
	<i>sb.</i> deirtear		<i>sb.</i> dúradh

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a deir / a deireas

(*sb.* **a deirtear**)

An Aimsir Ghnáthchaite

An Aimsir Fháistineach

1. deirinn	deirimis / deireadh muid	déarfaidh mé / déarfad	déarfaimid / déarfaidh muid
2. deirteá	deireadh sibh	déarfaidh tú	déarfaidh sibh
3. deireadh sé/sí	deiridís / deireadh siad	déarfaidh sé/sí	déarfaidh siad
	<i>sb.</i> deirtí		<i>sb.</i> déarfar

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a déarfaidh / a déarfas

(*sb.* **a déarfar**)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. déarfainn	déarfaimis / déarfadh muid	abraim	abraimis
2. déarfá	déarfadh sibh	abair	abraigí
3. déarfadh sé/sí	déarfaidís / déarfadh siad	abradh sé/sí	abraidís
	<i>sb.</i> déarfáí		<i>sb.</i> abairtear

An Modh Foshuiteach Láithreach

UATHA

IOLRA

1. go ndeire mé	go ndeirimid / go ndeire muid
2. go ndeire tú	go ndeire sibh
3. go ndeire sé/sí	go ndeire siad
<i>sb.</i> go ndeirtear	

An tAinm Briathartha

rá

An Aidiacht Bhriathartha

ráite

FAIGHIM (Faigh)

An Modh Táscach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

An Aimsir Chaite

1. faighim	faighimid / faigheann muid	fuair mé / fuaires	fuairamar / fuair muid
2. faigheann tú	faigheann sibh	fuair tú / fuairis	fuair sibh / fuaireabhair
3. faigheann sé/sí	faigheann siad	fuair sé/sí	fuair siad / fuairadar
<i>sb.</i> faightear		<i>sb.</i> fuarthas	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a fhaigheann / a fhaigheas

(*sb.* a fhaightear)

UATHA

IOLRA

An Aimsir Ghnáthchaite

1. d'fhaighinn	d'fhaighimis / d'fhaigheadh muid
2. d'fhaighteá	d'fhaigheadh sibh
3. d'fhaigheadh sé/sí	d'fhaighidís / d'fhaigheadh siad
<i>sb. d'fhaightí</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

*An Aimsir Fháistineach**Neamhspleách*

1. gheobhaidh mé / gheobhad	gheobhaimid / gheobhaidh muid
2. gheobhaidh tú	gheobhaidh sibh
3. gheobhaidh sé/sí	gheobhaidh siad
<i>sb. gheofar</i>	

Spleách

ní bhfaighidh mé / ní bhfaighead	ní bhfaighimid / ní bhfaighidh muid
ní bhfaighidh tú	ní bhfaighidh sibh
ní bhfaighidh sé/sí	ní bhfaighidh siad
<i>sb. ní bhfaighfear</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a gheobhaidh/ a gheobhas

(sb. a gheofar)

An Modh Coinníollach*Neamhspleách*

1. gheobhainn	gheobhaimis / gheobhadh muid
2. gheofá	gheobhadh sibh
3. gheobhadh sé/sí	gheobhaidís / gheobhadh siad
<i>sb. gheofaí</i>	

Spleách

ní bhfaighinn	ní bhfaighimis / ní bhfaigheadh muid
ní bhfaighfeá	ní bhfaigheadh sibh
ní bhfaigheadh sé/sí	ní bhfaighidís / ní bhfaigheadh siad
<i>sb. ní bhfaighfí</i>	

An Modh Ordaitheach

UATHA

IOLRA

- | | |
|----------------------|-----------|
| 1. faighim | faighimis |
| 2. faigh | faighigí |
| 3. faigheadh sé/sí | faighidís |
| <i>sb. faightear</i> | |

An Modh Foshuiteach Láithreach

UATHA

IOLRA

- | | |
|---------------------------|--------------------------------------|
| 1. go bhfaighe mé | go bhfaighimid /
go bhfaighe muid |
| 2. go bhfaighe tú | go bhfaighe sibh |
| 3. go bhfaighe sé/sí | go bhfaighe siad |
| <i>sb. go bhfaightear</i> | |

An tAinm Briathartha

faíl

An Aidiacht Bhriathartha

faighte

FEICIM (Feic)

Is briathar rialta é seo ach amháin san aimsir chaite. Is ceadmhach na fréamhacha *tchí / tí* (san fhoirm neamhspéach) agus *chí / cí* a úsáid freisin.

An Modh Táscach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

- | | | | |
|---------------------|-----------------------------|----------------------|-----------------------------------|
| 1. feicim | feicimid /
feiceann muid | d'fheicinn | d'fheicimis /
d'fheiceadh muid |
| 2. feiceann tú | feiceann sibh | d'fheicteá | d'fheiceadh sibh |
| 3. feiceann sé/sí | feiceann siad | d'fheiceadh sé/sí | d'fheicidís /
d'fheiceadh siad |
| <i>sb. feictear</i> | | <i>sb. d'fheictí</i> | |

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a fheiceann / a fheiceas
(sb. a fheictear)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Chaité

Neamhspleách

Spleách

1. chonaic mé / chonaiceas / chonac	chonaiceamar / chonaic muid	ní fhaca mé / ní fhaca / ní fhacas	ní fhacamar / ní fhaca muid
2. chonaic tú / chonaicís	chonaic sibh / chonaiceabhair	ní fhaca tú / ní fhacaís	ní fhaca sibh / ní fhacabhair
3. chonaic sé/sí	chonaic siad / chonaiceadar	ní fhaca sé/sí	ní fhaca siad/ ní fhacadar
<i>sb. chonacthas</i>		<i>sb. ní fhacthas</i>	

An Aimsir Fháistineach

An Modh Coinníollach

1. feicfidh mé / feicfead	feicfidimid / feicfidh muid	d'fheicfinn	d'fheicfimis / d'fheicfeadh muid
2. feicfidh tú	feicfidh sibh	d'fheicfeá	d'fheicfeadh sibh
3. feicfidh sé/sí	feicfidh siad	d'fheicfeadh sé/sí	d'fheicfidís/ d'fheicfeadh siad
<i>sb. feicfear</i>		<i>sb. d'fheicfí</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a fheicfidh / a fheicfeas
(sb. a fheicfear)

UATHA

IOLRA

An Modh Ordaitheach

1. feicim	feicimis
2. feic	feicigí
3. feiceadh sé/sí	feicidís
<i>sb. feictear</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go bhfeice mé	go bhfeicimid / go bhfeice muid
2. go bhfeice tú	go bhfeice sibh
3. go bhfeice sé/sí	go bhfeice siad
<i>sb.</i> go bhfeictear	

An tAinm Briathartha

feiceáil

An Aidiacht Bhriathartha

feicthe

ITHIM (Ith)

Is briathar rialta é seo ach amháin san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

An Modh Táscach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. ithim	ithimid / itheann muid	d'ith mé / d'itheas	d'itheamar / d'ith muid
2. itheann tú	itheann sibh	d'ith tú / d'ithis	d'ith sibh / d'itheabhair
3. itheann sé/sí	itheann siad	d'ith sé/sí	d'ith siad / d'itheadar
<i>sb.</i> itear		<i>sb.</i> itheadh	

An Aimsir Chaite

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a itheann / a itheas

(*sb.* a itear)

An Aimsir Ghnáthchaite

1. d'ithinn	d'ithimis / d'itheadh muid	íosfaidh mé / íosfad	íosfaimid / íosfaidh muid
2. d'iteá	d'itheadh sibh	íosfaidh tú	íosfaidh sibh
3. d'itheadh sé/sí	d'ithidís / d'itheadh siad	íosfaidh sé/sí	íosfaidh siad
<i>sb.</i> d'ití		<i>sb.</i> íosfar	

An Aimsir Fháistineach

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:
a íosfaidh / a íosfas
(sb. a íosfar)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. d'íosfainn	d'íosfaimis / d'íosfadh muid	ithim	ithimis
2. d'íosfá	d'íosfadh sibh	ith	ithigí
3. d'íosfadh sé/sí	d'íosfaidís / d'íosfadh siad	itheadh sé/sí	ithidís
<i>sb. d'íosfaí</i>		<i>sb. itear</i>	

An Modh Foshuiteach Láithreach

UATHA

IOLRA

1. go n-ithe mé	go n-ithimid / go n-ithe muid
2. go n-ithe tú	go n-ithe sibh
3. go n-ithe sé/sí	go n-ithe siad
<i>sb. go n-itear</i>	

An tAinm Briathartha

ithe

An Aidiacht Bhriathartha

ite

TAGAIM (Tar)

An Modh Táscach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

An Aimsir Chaite

1. tagaim	tagaimid / tagann muid	tháinig mé / thánag	thángamar / tháinig muid
2. tagann tú	tagann sibh	tháinig tú / tháingís	tháinig sibh / thángabhair
3. tagann sé/sí	tagann siad	tháinig sé/sí	tháinig siad / thángadar
<i>sb. tagtar</i>		<i>sb. thángthas</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a thagann / a thagas

(*sb.* a thagtar)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Ghnáthchaite

An Aimsir Fháistineach

1. thagainn	thagaimis / thagadh muid	tiocfaidh mé / tiocfad	tiocfaimid / tiocfaidh muid
2. thagtá	thagadh sibh	tiocfaidh tú	tiocfaidh sibh
3. thagadh sé/sí	thagaidís / thagadh siad	tiocfaidh sé/sí	tiocfaidh siad
	<i>sb.</i> thagtaí		<i>sb.</i> tiocfar

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a thiochfaidh / a thiocthas

(*sb.* a thiocthas)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. thiocthas	thiocthasaimis / thiocthasadh muid	tagaim	tagaimis
2. thiocthá	thiocthasadh sibh	tar	tagaigí
3. thiocthasadh sé/sí	thiocthasaidís / thiocthasadh siad	tagadh sé/sí	tagaidís
	<i>sb.</i> thiocthasaí		<i>sb.</i> tagtar

An Modh Foshuiteach Láithreach

UATHA

IOLRA

go dtaga mé	go dtagaimid / go dtaga muid
go dtaga tú	go dtaga sibh
go dtaga sé/sí	go dtaga siad
	<i>sb.</i> go dtagtar

An tAinm Briathartha
teacht

An Aidiacht Bhriathartha
tagtha

TÉIM (Téigh)

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

1. téim	téimid / téann muid
2. téann tú	téann sibh
3. téann sé/sí	téann siad
<i>sb. téitear</i>	

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a théann / a théas

(sb. a théitear)

An Aimsir Chaite

Nóta: Ceachaítear an fhoirm neamhspleách a úsáid freisin in ionad na foirme spleáiche – *níor chuaigh mé, gur chuaigh tú, nár chuabhair ann?*

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

Neamhspleách

Spleách

1. chuaigh mé / chuas	chuamar / chuaigh muid	ní dheachaigh mé	ní dheachamar / ní dheachaigh muid
2. chuaigh tú / chuais	chuaigh sibh / chuabhair	ní dheachaigh tú	ní dheachaigh sibh
3. chuaigh sé/sí	chuaigh siad / chuadar	ní dheachaigh sé/sí	ní dheachaigh siad / ní dheachadar
<i>sb. chuathas</i>		<i>sb. ní dheachthas</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Ghnáthchaite

An Aimsir Fháistineach

1. théinn	théimis / théadh muid	rachaidh mé / rachad	rachaimid / rachaidh muid
2. théiteá	théadh sibh	rachaidh tú	rachaidh sibh
3. théadh sé/sí	théidís / théadh siad	rachaidh sé/sí	rachaidh siad
	<i>sb. théití</i>		<i>sb. rachfar</i>

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a rachaidh / a rachas

(sb. a rachfar)

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. rachainn	rachaimis / rachadh muid	téim	téimis
2. rachfá	rachadh sibh	téigh	téigí
3. rachadh sé/sí	rachaidís / rachadh siad	téadh sé/sí	téidís
	<i>sb. rachfaí</i>		<i>sb. téitear</i>

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go dté mé	go dtéimid / go dté muid
2. go dté tú	go dté sibh
3. go dté sé/sí	go dté siad
	<i>sb. go dtéitear</i>

An tAinm Briathartha

dul

An Aidiacht Bhriathartha

dulta

TUGAIM (Tabhair)

An Modh Táscach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

An Aimsir Chaite

1. tugaim	tugaimid / tugann muid	thug mé / thugas	thugamar / thug muid
2. tugann tú	tugann sibh	thug tú / thugais	thug sibh / thugabhair
3. tugann sé/sí	tugann siad	thug sé/sí	thug siad / thugadar
	<i>sb. tugtar</i>		<i>sb. tugadh</i>

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a thugann / a thugas

(*sb. a thugtar*)

An Aimsir Ghnáthchaite

An Aimsir Fháistineach

1. thugainn	thugaimis / thugadh muid	tabharfaidh mé / tabharfad	tabharfaimid / tabharfaidh muid
2. thugtá	thugadh sibh	tabharfaidh tú	tabharfaidh sibh
3. thugadh sé/sí	thugaidís / thugadh siad	tabharfaidh sé/sí	tabharfaidh siad
	<i>sb. thugtaí</i>		<i>sb. tabharfar</i>

An fhoirm choibhneasta neamhspleách:

a thabharfaidh / a thabharfas

(*sb. a thabharfar*)

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Modh Coinníollach

An Modh Ordaitheach

1. thabharfainn	thabharfaimis / thabharfadh muid	tugaim	tugaimis
2. thabharfá	thabharfadh sibh	tabhair	tugaigí
3. thabharfadh sé/sí	thabharfaidís / thabharfadh siad	tugadh sé/sí	tugaidís
	<i>sb. thabharfaí</i>		<i>sb. tugtar</i>

UATHA

IOLRA

An Modh Foshuiteach Láithreach

1. go dtuga mé	go dtugaimid / go dtuga muid
2. go dtuga tú	go dtuga sibh
3. go dtuga sé/sí	go dtuga siad
<i>sb. go dtugtar</i>	

An tAinm Briathartha

tabhairt

An Aidiacht Bhriathartha

tugtha

TÁIM (Bí)

An Modh Tásach

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

An Aimsir Láithreach

Neamhspleách dearfach

1. táim / tá mé	táimid / tá muid	nílím / níl mé	nílimid / níl muid
2. tá tú	tá sibh	níl tú	níl sibh
3. tá sé/sí	tá siad / táid / tádar	níl sé/sí	níl siad / nílid
<i>sb. táthar</i>		<i>sb. níltear</i>	

Neamhspleách diúltach

Spleách

1. go bhfuilim / go bhfuil mé	go bhfuilimid / go bhfuil muid
2. go bhfuil tú	go bhfuil sibh
3. go bhfuil sé/sí	go bhfuil siad
<i>sb. go bhfuiltear</i>	

UATHA

IOLRA

UATHA

IOLRA

*An Aimsir Ghnáthláithreach**An Aimsir Ghnáthchaite*

1. bím

bímid /
bíonn muid

bhínn

bhímis /
bhíodh muid

2. bíonn tú

bíonn sibh

bhíteá

bhíodh sibh

3. bíonn sé/sí

bíonn siad

bhíodh sé/sí

bhídís / bhíodh siad

*sb. bítear**sb. bhítí**An Aimsir Chaite**Neamhspleách**Spleách*

1. bhí mé / bhíos

bhíomar /
bhí muidní raibh mé /
ní rabhasní rabhamar /
ní raibh muid

2. bhí tú / bhís

bhí sibh /
bhíobhairní raibh tú /
ní rabhaisní raibh sibh /
ní rabhabhair

3. bhí sé/sí

bhí siad

ní raibh sé/sí

ní raibh siad/
ní rabhadar*sb. bhíothas**sb. ní rabhtas**An Aimsir Fháistineach*

1. beidh mé / bead

beimid / beidh muid

2. beidh tú

beidh sibh

3. beidh sé/sí

beidh siad

*sb. beifear***An Modh Coinníollach****An Modh Ordaitheach**

1. bheinn

bheimis /
bheadh muid

bím

bímis

2. bheifeá

bheadh sibh

bí

bígí

3. bheadh sé/sí

bheidís /
bheadh siad

bíodh sé/sí

bídí

*sb. bheifí**sb. bítear*

An Modh Foshuiteach Láithreach

UATHA

IOLRA

1. go raibh mé	go rabhaimid / go raibh muid
2. go raibh tú	go raibh sibh
3. go raibh sé/sí	go raibh siad
<i>sb. go rabhtar</i>	

An tAinm Briathartha

bheith

5.3 AINMNEACHA BRIATHARTHA

5.3.1 AN CHÉAD RÉIMNIÚ

-adh/-eadh:—

adhlcadh, adhradh, aoladh;

bacadh, barradh, bascadh, bearradh, béiceadh, bíogadh, blaiseadh, bogadh, borradh, breacadh, bréagadh, briseadh, bronnadh, brúchtadh;

cailleadh, cáineadh, cáitheadh, calcadh, camadh, canadh, caochadh, caoineadh, carnadh, casadh, cealgadh, ceapadh, céasadh, ceiliúradh, cinneadh, cíoradh, claonadh, cleachtadh, cliseadh, clogadh, cnagadh, coipeadh, comóradh, cónascadh, coradh, corbadh, craoladh, crapadh, creimeadh, crochadh, croitheadh, cromadh, crosadh, cumadh;

dáileadh, dalladh, daoradh, dearcadh, deargadh, dingeadh, díonadh, diúgadh, diúracadh, dochtadh, doirteadh, drannadh, dreapadh, driogadh, dúnadh;

eisceadh;

feannadh, filleadh, fiuchadh, fliuchadh, foirceannadh, folcadh, friochadh, fuineadh;

gealadh, gealladh, gearradh, géilleadh, glacadh, glanadh, gléasadh, gobadh, goilleadh, greadadh, gréisceadh, griogadh, gríoscadh, gróigeadh;

iniúchadh, ionnarbadh;

lasadh, lascadh, leadhbadh, léasadh, leathadh, leonadh, liathadh, líonadh, lobhadh, locadh, loghadh, loiceadh, lomadh, luascadh, lúbadh;

mealladh, meascadh, milleadh, moladh, múchadh, múineadh;

nascadh, nochtadh;

obadh, oirnéaladh;

péacadh, piocadh, plabadh, plúchadh, pógadh, polladh, pósadh, preabadh,

promhadh;
radadh, réabhadh, riaradh, rolladh, ropadh, róstadh, ruaigeadh;
sábhadh, saoradh, scagadh, scaipeadh, scairteadh, scamhadh, scaradh, scealpadh,
sceitheadh, scinneadh, scilligeadh, sciobadh, sciorradh, sciúradh, sciurdadh,
scoilteadh, scoitheadh, scríobadh, scriosadh, scuabhadh, seachadadh, séanadh,
searradh, séideadh, seoladh, sileadh, siocadh, síneadh, slaodadh, sléachtadh,
slogadh, smearadh, smoladh, snaidhmeadh, spreagadh, spríúchadh, sracadh,
staonadh, stealladh, stiúradh, stoitheadh, stolladh, stopadh, stróiceadh;
tachtadh, táirgeadh, taoscadh, teascadh, teitheadh, tíolacadh, tnáitheadh, toghadh,
tolgadh, traochadh, traoitheadh, treabhadh;
úmadh, ungadh, úscadh.

Leathnú:—

bualadh, fáscadh, loscadh, rúscadh, troscadh.

Ionann is an fhréamh:—

amharc, at; bruith; coimeád, crith, cumasc; dearmad, díol, diúl; éag; fás, fiach,
feighil; goid, goin; íoc; lámhach, leigheas, léim; meas; ól; reic, ríomh, rith; scríobh,
slad, snámh, sníomh, stad; tál, teagasc, teip, tóch, trácht, triail, triall, troid; úsáid;
briathra ó fhréamh a chríochnaíonn ar—*(e)áil*, e.g., buamáil, cardáil, ciondáil, cniotáil,
cóireáil, crústáil, druileáil, ionramháil, plánáil, plástráil, póitseáil, sóinseáil,
tairneáil, vótáil.

-áil freisin i gcás:—

fág, fágáil; féad, féadachtáil; gabh, gabháil; mair, maireachtáil; tóg, tógáil.

Leathnú ar an bhfréamh:—

brath, cosc, cur, gol, iomlasc, lot, scor, siúl, tochas, tochras, toirmeasc, tomhas.

-t leis an bhfréamh:—

adhaint, baint, ceilt, deighilt, meilt, roinnt.

-amh/-eamh:—

**buaireamh, caitheamh, comhaireamh, fónamh, iamh, léamh, maitheamh, seasamh,
téamh, tuilleamh.**

-an/-ean:—

airleacan, coisreacan, leagan, ligean, teilgean, tionlacan, tréigean.

-achan:—

athnuachan, beochan, buíochan, buachan, cruachan.

-úint:—

creidiúint, feiliúint, giniúint, leanúint, oiliúint.

Guta fada nó défhoghar (fréamb a chríochnaíonn ar -igh, -igh):—

bá, breo, brú, caí, cló, cloí, cnaí, cneá, crú, dlí, dó, dreo, feo, fí, guí, lí, liú, lua, luí, meá, ní, plé, reo, sá, sleá, sní, snoí, spré, sú, suí, trá, treá.

Ainmneacha briathartha eile:—

bligh, bleán; druid, druidim; éist, éisteacht; fair, faire; fan, fanacht; fóir, fóirithint; gluais, gluaiseacht; iarr, iarraidh; scread, screadach; seinn, seinm; tit, titim; tuig, tuiscint.

5.3.2 AN DARA RÉIMNIÚ

-iú/-ú:—

achoimriú, achtú, aclú, aerú, aibiú, aimsiú, ainmniú, airbheartú, áirithiú, aistriú, aithisiú, áitiú, altú, análú, aontú, ardú, athrú;
bailiú, bánú, bealú, bearnú, beartú, beathú, bisiú, bláthú, bochtú, bodhrú, bolú, bréagnú, breathnú, breáthú, brostú, buanú, bunú;
cabhrú, cáiliú, caolú, ceadú, ceadúnú, cealú, ceansú, ceartú, ceistiú, ciallú, ciorrú, ciúnú, claochlú, clárú, cluimhriú, clutharú, cneasú, cobhsú, coigearú, coigistiú, cóiriú, comhairliú, comharthú, comhdú, corónú, cothromú, cothú, craplú, créachtú, creathnú, criathrú, críochnú, cruinniú, cuidiú, cuingriú, cumhachtú, cumasú, cúngú;
daingniú, damnú, daoirsiú, dathú, deachtú, dealú, dearbhú, deifriú, deilbhiú, deimhniú, deisiú, deonú, dílsiú, díorthú, díothú, díriú, dísciú, diúltú, dlúthú, dochrú, doimhniú, dorchú, dréachtú, dreasú, drithliú;
eadóirsiú, éadromú, eagrú, éalú, eangú, éascú, éigniú, éilliú;
fadú, failliú, fairsingiú, feabhsú, feidhmiú, feistiú, fianú, fíorú, fiosrú, foilsíú, folmhú, fostú, fréamhú, fuaimniú, fuarú;
géarú, giorrú, gloiniú, gnáthú, gníomhú, gnóthú, goiliú, gormú, gortú, greamú,

grinniú, gríosú;
ídiú, iolrú, iomadú, iompú, íslíú;
laghdú, láidriú, láimhsiú, lárú, leasú, leathnú, léiriú, leithreasú, líniú, lochtú,
lonrú, luathú, luchtú;
maisiú, malartú, maolú, maothú, marú, maslú, meabhrú, méadú, meicniú, míniú,
mionnú, moilliú, mothú;
náiriú, naomhú, neadú, neartú, neodrú;
oibriú, oiriúnú, oirniú, onórú, ordú, ornáidiú;
páirtiú, peacú, plandú, plódú, portú;
ramhrú, rangú, ráthú, reachtú, réimniú, rialú, rianú, righniú, roghnú, ruithniú;
salú, samhlú, santú, saolú, saothrú, sárú, scanrú, scrúdú, sealbhú, séalú, síniú,
síolrú, síothlú, slachtú, slánú, smachtú, snasú, socrú, soilsíú, sollúnú, sonrú,
suimiú;
taibhsiú, tairbhiú, tanú, taobhú, tapú, tarcaisniú, táthú, teanntú, teistiú, timpeallú,
tiomnú, tiomsú, tiontú, tosú, trasnú, tréaslú, treorú, triomú, truailliú, tuirsiú,
tuislíú;
uachtú, uaisliú, ualú, údarú, uimhriú, ullmhú, umhlú, urasú, urrú, urú, úrú.

-aí/-í:—

achainí, cónaí, corraí, eachtraí, éirí, fiafraí, impí, ionsaí, taithí.

-t leis an bhfréamb:—

aifirt, agairt, aithint, bagairt, cigilt, cogaint, coigilt, cosaint, coscairt, cuimilt, díbirt,
eascairt, eitilt, fógairt, freagairt, fuascailt, fulaingt, imirt, íobairt, labhairt, mungailt,
múscailt, oscailt, satailt, seachaint, tarraingt, tochailt, treascairt, tuirlingt.

Leathnú ar an bhfréamb:—

ceangal, cogar, freastal, iompar, rómhar, soláthar, taisteal.

-amb/-eamh:—

áireamh, cuimhneamh, cúiteamh, dealramh, éileamh, foighneamh, iomramh,
machnamh, sásamh, smaoineamh, taibhreamh, táinseamh, taitneamh,
tionscnamh.

-ach/-each:—

ceannach, clúdach, cnuasach, cuardach, cumhdach, eiteach, fuadach, réiteach,
taifeach.

Ainmneacha briathartha eile:—

admhaigh, admháil; aoirigh, aoireacht; damhsaigh, damhsa; dubhaigh, dúchan; dúisigh, dúiseacht; eisigh, eisiúint; fortaigh, fortacht; imigh, imeacht; inis, insint; marcaigh, marcaíocht; tairngir, tairngreacht; teagmhaigh, teagmháil; tiubhaigh, tiúchan; tóraigh, tóraíocht.

5.3.3 DÍOCHLAONADH AN AINM BHRIATHARTHA

An Ginideach

1. Is ionann foirm de ghnáth do ghinideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha sna cásanna seo a leanas:—
 - (a) ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-(e)adh*, e.g., *cáineadh*, (*rún*) *cáinte*; *moladh*, (*dán*) *molta*; *bearradh*, (*scian*) *bhearrtha*; *folcadh*, (*dabhach*) *folctha*;
 - (b) ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar ghuta fada, e.g., *éalú*, (*bealach*) *éalaithe*; *ionsaí*, (*lucht*) *ionsaithe*; *sú*, (*páipéar*) *súite*;
 - (c) ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-ilt*, *-in(g)t* (ach amháin *-áint*, *úint*), *-irt*, e.g., *cuimilt*, (*barra*) *cuimilte*; *cosaint*, (*gléas*) *cosanta*; agus *ceilt*, *coigilt*, *deighilt*, *eitilt*, *fuascailt*, *meilt*, *múscailt*, *oscailt*, *satailt*, *tochailt*; *adhaint*, *baint*, *cogaint*, *roinnt*, *seachaint*; *tarraingt*, *tuirlingt*; *agairt*, *bagairt*, *coscairt*, *díbirt*, *eascairt*, *fógairt*, *freagairt*, *íobairt*, *labhairt*, *treascairt*;
 - (d) roinnt ainmneacha briathartha firinsneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan, e.g., *bleán*, *buaireamb*, *coimeád*, *caitheamb*, *déanamh*, *iamb*, *léamb*, *maitheamb*, *leagan*, *scríobh*, *seasamb*, *téamb*;
 - (e) corrainm briathartha eile, e.g., *bruith*, *druidim*.
2. Tá ainmneacha briathartha áirithe ann ar gnách athrú mar a théann ar ghnáthainmfhocail a dhul orthu sa ghinideach, e.g.:
 - (a) caolaítear an consan deiridh, mar a dhéantar le hainmfhocail den Chéad Díochlaonadh, sna hainmneacha briathartha seo — *gol*, (*fonn*) *goil*; *machnamh*, (*ag déanamh a*) *machnaimh*;
 - (b) cuirtear *-e* leis an gconsan deiridh, mar a dhéantar le hainmfhocail den Dara Díochlaonadh, san ainm briathartha *fóirithint*, (*foireann*) *fóirithinte*;

(c) is gnách ginideach ar *-a*, ar nós ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh, ar ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-áil, -ail, -áint, -úint, -cht*, e.g., *páipéar admhála, bean chardála, biorán cniotála, slí mhaireachtála, bád tarrhála, láthair na teagmhála, crann tógála; le teann lúbarnaíola; foireann iomána, slat tiomána; lucht leanúna, coláiste oiliúna; clog dúiseachta, cead imeachta, capall marcaíochta, lá a theachta, lucht tóraíochta; agus ar chorrainm briathartha eile, e.g., *diólaim, (fear) díolama; éag, (ar chúil) éaga; tuiscint, (bua) tuisceana.**

3. Ginideach an ainmfhocail, de réir an díochlaonta lena mbaineann, a bhíonn ar ghnáthainmfhocail a úsáidtear chun feidhmeanna de chuid ainm bhriathartha a dhéanamh ach nach dtéann réimniú briathair thairis sin orthu, e.g.:—

(a) An Chéad Díochlaonadh

ag magadh, cúis mhagaidh; ag seanchas, fear seanchais;

(b) An Dara Díochlaonadh

ag báisteach, cuma báisti; ag fearthainn, fuadar fearthainne;

(c) An Tríú Díochlaonadh

*ag bradaíl, bó bhradaíola; ag gnúsacht, le tréan gnúsachta; agus cásanna ina gcuirtear foirceann leis an mbunainmfhocal, e.g., *bádóireacht (bádóir), cneadach (cnead), peataireacht (peata), spailpínteacht (spailpín), tincéireacht (tincéir).**

4. Is mar sin a bhíonn freisin de ghnáth i gcás athleaganacha atá ar mhórán ainmneacha briathartha chun leanúnachas, minicíocht, teibíocht, torann, treise, fochiall nó beart aonair a chur in iúl, e.g., *ní, níochán; léamb, léitheoireacht; preabadh, preabarnach; liú, liúireach; srannadh, srantarnach; diúgadh, diúgaireacht; muirniú, muirnínteacht; gráú, gráinteacht; lochtú, lochtúchán; cobhsú, cobhsúchán; aistriú, aistriúchán; daingniú, daingniúchán.*

Ní bhíonn foirm don aidiacht bhriathartha ar ainmneacha briathartha de na cineálacha sin atá luaite in 3. thuas. Tá foirm na haidiachta briathartha in easnamh freisin ar ghnáthainmneacha briathartha áirithe, e.g., *achainí, uair na hachainí; fónamb, fear fónaimh; gol, racht goil, guí, faoi bhri na guí; maireachtáil, slí mhaireachtála.*

5. Tá roinnt ainmneacha briathartha ann a mbíonn, go hiondúil, dhá fhoirm orthu sa ghinideach, (i) foirm na haidiachta briathartha, agus (ii) foirm de réir ceann éigin de dhíochlaontaí na n-ainmfhocal, mar a leanas:—

(a) I bhformhór na n-ainmneacha briathartha firinscneacha a chríochnaíonn ar chonsan leathan caolaítear an consan deiridh, mar a dhéantar le hainmfhocail den Chéad Díochlaonadh, e.g., *áireamb, airleacan, áiteamb, brath, ceangal, ceannach, clúdach, cnuasach, cogar, coisreacan, comhaireamb, comhrac, cosc, cuardach, cuimhneamb, cúiteamb, cumasc, cumbdach, dealramb, dearmad, diúl, éileamb, eiteach, fiach, foighneamb, freastal, fuadach, gearán, iomlasc, iompar, lámhach, leagan, leigheas, ligean, lot, ól, réiteach, ríomb, rómhar, sásamb, scor, siúl, smaoinneamb, soláthar, taibhreamb, taifeach, táinseamb, taisteal, taitneamb, tál, teagasc, teilgean, tionól, tionlacan, tionscnamb, tobhach, tochas, tochras, toirmeasc, tomhas, tuilleamb;*

(b) Tá beagán ainmneacha briathartha baininscneacha ann a mbíonn ginideach ar *-e* orthu, ar nós ainmfhocal den Dara Díochlaonadh, e.g., *aithris (cóir aithrise), breith (lá breithe), insint (an sórt insinte), léim (ag caitheamb léime), titim (fonn titime), úsáid (easpa úsáide);*

(c) Bíonn ginideach ar *-a*, ar nós ainmfhocal den Tríú Díochlaonadh, ar ainmneacha briathartha baininscneacha a chríochnaíonn ar *-chan*, e.g., *beochan, deoch bheochana*, agus ar na hainmneacha briathartha seo — *crith, foghlaim, íoc, reic, rith, seinm, slad, snámh, sníomb, tairiscint, tál, trácht, triall, troid, tuiscint.*

6. Is í foirm na haidiachta briathartha a úsáidtear, go hiondúil, nuair a bhíonn cuspóir ag gabháil leis an ainm briathartha, e.g., *fear buaite an rása, fear ceannaithe na mbeithíoch, fear inste scéil, lucht ólta poitín, tar éis a iompartha, modh a úsáidte, fear a bhraite, lá ioctha na rátaí.*

7. Is í an fhoirm eile is gnách a úsáid nuair is feidhm ainmfhocail nó feidhm aidiachta a bhíonn ag an ainm briathartha, e.g., *crios ceangail, pota cnuasaigh, uisce coisreacain, ceann combhairimh, céile combraic, solas cuardaigh, airgead cúitimb, gamhain diúil, fear an éilimb, gadhar fiaigh, fear freastail, cúis ghearáin, gléas iompair, gunna lámhaigh, cú loirg, deoch leighis, rian loit, boladh óil, fear réitigh, píce rómhair, bean siúil, bolg an tsoláthair, lucht taistil, leabhar teagaisc, láthair tionóil, ag cur teilgin, cuaille tochais, slat tomhais, lucht tuillimb; cóir aithrise, áit bhreithe, lucht gairme, easpa úsáide; lucht braith, galar creatha, aos foghlama, fear íoca, stalla reaca, ligean reatha, lucht seanma, fearsaid sníomha, múinteoir taistil, babhta troda, brú tráchta.*

An tIolra

- Tá roinnt ainmneacha briathartha ann a úsáidtear mar ghnáthainmfhocail freisin. Bíonn foirm iolra orthu sin de réir an díochlaonta lena mbaineann siad.
- I gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-adh* (*-eadh*), is gnách *-taí* (*-tí*) a chur in ionad an *-adh* (*-eadh*) más *ch*, *d*, *n*, *t*, *l* nó *s* is críoch don fhréamh, agus *-thaí* (*-thí*), más consan eile is críoch di, e.g., *baisteadh*, *baistí*; *casadh*, *castaí*; *cinneadh*, *cinntí*; *moladh*, *moltaí*; *pósadh*, *póstaí*; *tarscaoileadh*, *tarscaoiltí*; *colscaradh*, *colscarthaí*; *loscadh*, *loscthaí*; *bloscadh*, *bloscthaí*; *scriobadh*, *scriobthaí*; *tiolacadh*, *tiolacthaí*; *madhmadh*, *madhmthaí*; *crapadh*, *crapthaí*; *speireadh*, *speirthí*.
- I gcás ainmneacha briathartha ilsiollacha a chríochnaíonn ar *-ú* (*-iú*), cuirtear *-uithe* (*-ithe*) in ionad an *-ú* (*-iú*), e.g., *athrú*, *athruithe*, *ceartú*, *ceartuithe*; *fiosrú*, *fiosruithe*; *míniú*, *mínithe*; *cruinniú*, *cruinnithe*; *toiliú*, *toilithe*; *ordú*, *orduithe*; *scrúdú*, *scrúduithe*.
- I gcás ainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-áil*, leathnaítear an *l* agus cuirtear *-acha* leis, e.g., *admháil*, *admhálacha*; *ofráil*, *ofrálacha*.
- Cuirtear *-aí* le hainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-cht*, e.g., *gluaiseacht*, *gluaiseachtaí*, agus *-í* le hainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-lt*, *-nt*, *-rt*, e.g., *oscailt*, *oscailtí*; *creidiúint*, *creidiúintí*; *tairiscint*, *tairiscintí*; *bagairt*, *bagairtí*; ach *labhairt*, *labhartha*.
- Ainmneacha briathartha aonsiollacha a chríochnaíonn ar ghuta, cuirtear *-nna* nó, corruair, *-ite* leo, *brú*, *brúnna*; *dó*, *dónna*; *rá*, *ráite*.

5.4 AN AIDIACHT BHRIATHARTHA

Úsáidtear na réimíreanna *in-*, *do-*, *so-* le foirm na haidiachta briathartha chun rangabhálacha a dhéanamh, e.g., *indéanta*, *inscrúdaithe*, *dochoiscthe*, *dofheicthe*, *doghluaiste*, *dothuigthe*, *sofheicthe*, *sofhoghlamtha*, *sophacáilte*.

CAIBIDIL 6 / AN DOBHRIATHAR

6.1 NA PRÍOMHCHINEÁLACHA

Úsáidtear an dobhriathar mar cháiliú ar bhriathar, ainm briathartha, aidiacht, réamhfocal, cónasc nó dobhriathar eile.

Seo a leanas na príomhchineálacha dobhriathra de réir feidhme:

- (a) dobhriathar modha (*go breá, go dona, go hard, os íseal, ar chor ar bith, amhlaidh, freisin*);
- (b) dobhriathar ama agus minicíochta (*inné, arís, anois, go minic, go hannamb, go míosúil, amárach, Dé Sathairn, riamh, choíche, arú inné*);
- (c) dobhriathar áite agus treo (*anseo, ann, ansin, abhaile, abhus, soir, siar, amach, amuigh, isteach, amú, ó thuaidh*);
- (d) dobhriathar ceisteach (*cá háit? cá? cad as? cathain? cén uair? conas? cad é mar? cad chuige? cén chaoi?*);
- (e) dobhriathar dearfach (*go*);
- (f) dobhriathar diúltach (*ní, níor, nach, ná, nár*);
- (g) dobhriathar breischéime (*níos, ní ba*);
- (h) dobhriathar cainníochta (*beagnach, sách, ar fad*);
- (i) dobhriathar treise (*féin*).

Samplaí:

- (a) *Shiúil sí go mall.*
- (b) *Beidh sí anseo **amárach** / is **annamb** a fheicim anois iad.*

- (c) *Ní fhaca mé **ann** í / d'imigh sé **amach**.*
- (d) ***Cá** rachaimid?*
- (e) *Gheall sé **go** ndéanfadh sé é.*
- (f) *Dúirt sí **nach** bhfillfeadh sí.*
- (g) *Tá an ceann seo **níos** mó.*
- (h) *Níl sé **sách** te fós.*
- (i) *Má bhí sé tuirseach **féin**.*

6.2 DOBHRIATHRA MODHA AGUS DOBHRIATHRA AMA AGUS MINICÍOCHTA

Maidir leis na dobhriathra modha agus na dobhriathra ama agus minicíochta atá bunaithe ar aidiacht, sna cásanna seo a leanas ní chuirtear *go* leo:

- (a) sa chéim chomparáide – *tiomáin níos cúramáí amach anseo; labhair níos airde feasta;*
- (b) má tá an dobhriathar á cháiliú ag dobhriathar eile – *níor scrúdaíodh an córas minic go leor; thiomáin sé sách sciobtha;*
- (c) má thagann dobhriathar den sórt céanna roimh an dobhriathar – *déan go deas réidh anois é;*
- (d) i ndiaidh na ndobhriathra *cuibheasach* agus *sách*, má tá siad ag cáiliú focail díreach ina ndiaidh — *d'oibrigh sé cuibheasach dian; d'imir sí sách maith;*
- (e) má tá an dobhriathar ag cáiliú aidiacht cháilíochta – *bhí scata measartha mór ann.*

6.3 DOBHRIATHRA ÁITE AGUS TREO

<i>gluaiseacht i dtreo an tsuímb</i>	<i>an suíomb</i>	<i>gluaiseacht ón suíomb i dtreo an chainteora</i>
suas	thuas	anuas
síos	thíos	aníós
soir	thoir	anoir
siar	thiar	aniar

<i>gluaiseacht i dtreo an tsuímb</i>	<i>an suíomb</i>	<i>gluaiseacht ón suíomb i dtreo an chainteora</i>
sall/anonn	thall	anall
ó thuaidh	ó thuaidh/ thuaidh	aduidh
ó dheas	ó dheas/theas	aneas
amach	amuigh	amach
isteach	istigh	isteach

CAIBIDIL 7 / AN CHOPAIL

7.1 FEIDHMEANNA NA COPAILE

Is iad príomhfheidhmeanna na copaile:—

- (a) an t-ainmní a aicmiú — *ba rothar rásaíochta é, is sáraisteoir í, is éan an spideog, strainséirí is ea iad;*
- (b) an t-ainmní a ionannú — *ba í Úna an bainisteoir, is é Baile Átha Cliath príomhchathair na hÉireann;*
- (c) an t-ainmní a cháiliú le faisnéis aidiachtach nó le frása réamhfhoclach — *nach deas é?, is fíor sin, is leor cúig euro, is as an Muileann gCearr di, is den lucht siúil é;*
- (d) ainmfhocal nó clásal a cháiliú le haidiacht, nó le hainmfhocal, móide frása réamhfhoclach — *is maith léi cispheil, ní mór dó imeacht, an féidir leis é a dhéanamh?, is leor liom an méid sin, is breá leis an gcaillín an samhradh, is dona linn an briseadh seo;*
- (e) ainmfhocal a cháiliú le breischéim aidiachta — *tabhair leat an ceann is fearr leat, bhí na milseáin ba dheise ite cheana;*
- (f) úinéireacht nó gaol idir daoine a chur in iúl trína húsáid leis an réamhfhoclach le — *ba liomsa é, ní le Sorcha an ceann sin, tóg aon cheann ar leatsa é, is iníon le Seán ise, is comhghleacaí le Cáit eisean;*
- (g) clásal a cháiliú le haidiacht i roinnt cásanna teoranta — *is gearr go mbeidh a fhios againn, is fada ó bhí sé ann, b'fhada ag teacht é;*
- (h) béim a leagan ar cheann de chomhpháirteanna na habairte — *is* inné a tháinig siad, ba* sa bhliain 1989 a tógadh an mhonarcha, ní inniu ná inné a saolaíodh eisean, is ag ceannach bainne a bhí mé, is chun na Spáinne a chuaigh sí, is é Peadar a chuir an báire, ní hí Muireann a chaill an eochair, ba í Aine a d'aistrigh é sin, níorbh é Tadhg a bhris an fhuinneog, is aici a bhí an ceart.*

* Más san aimsir chaite nó sa mhodh coinníollach atá faisnéis na habairte, ní gá aimsir na copaile agus aimsir fhaisnéis na habairte a bheith ag aontú le chéile.

7.2 FOIRMEACHA NA COPAILE AGUS ATHRUITHE TOSAIGH

Athruithe tosaigh i ndiaidh na copaile

Leanann séimhiú foirmeacha na haimsire caite agus an mhodha choinníollaigh den Chopail.

Cuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* ar na forainmneacha *é, í, iad* agus *ea*. Ní chuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* ar ainmfhocail, aidiachtaí ná dobhriathra ach amháin i gcorrchás, e.g., *ní hamhlaidh, ní haon dóithín é, ní hionann an dá charr, ní heol dom cad é.*

7.2.1 FOIRMEACHA SIMPLÍ I bPRÍOMHCHLÁSAL

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>	<i>An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach</i>		
		<i>(roimh chonsan nó roimh fh+consan)</i>	<i>(roimh ghuta nó roimh fh+guta)</i>	
			A	B
<i>Deimhneach</i>	is	ba	b'	ba
<i>Diúltach</i>	ní	níor	níorbh	
<i>Ceisteach Deimhneach</i>	an	ar	arbh	
<i>Ceisteach Diúltach</i>	nach	nár	nárbh	

Is mar a leanas a úsáidtear foirmeacha A agus B:—

A. gach cás (roimh ainmfhocal nó a chomhionann nó aidiacht) seachas na cásanna a luaitear le B.

B. roimh na forainmneacha *ea, é, í* agus *iad* (ceadaítear *ab* nó *ba* roimh *ea* i lár abairte).

A. agus B.:—

Féadtar an dá fhoirm a úsáid roimh réamhfhocal, roimh fhorainm réamhfhoclach nó roimh dhobhriathar: *Ba aici a bhí an ceart / b'aici a bhí an ceart, ba as Gaillimh é / b'as Gaillimh é, ba ann a bhí sé / b'ann a bhí sé, ba ó Bhaile Átha Cliath í / b'ó Bhaile Átha Cliath í, ba ar theacht i bhfeidhm an Achta a tharla sé / b'ar theacht i bhfeidhm an Achta a tharla sé.*

Samplaí:

An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach:

Is talamb maith anois é.

Ealaíontóir maith is ea í siúd.

Ní bia bainne is ní bainne bláthach.

An í Brid an múinteoir?

Nach (é) Seán atá ina mhúinteoir?

Ní céasta go pósta.

Téigh abhaile duit féin nó is duitse is measa.

An fada go dtiocfaidh sé?

Nach í Brid a bheidh ann amárach?

Ní ceadmhach saoire a ghlacadh Dé Céadaoin seo chugainn.

An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach:

Ba mhian liomsa labhairt.

Ba í Nóra an cathaoirleach.

Ba iad clann Shéamais iad.

Níor chuimhin léi é.

Níorbh aon dóithín é.

Ar dheacair leat é?

Ba mhaith liom dul abhaile.

Arbh fhearr é mar atá sé?

Nárbh é an diabhal é?

Níor mhaith léi go dtarlódh sé sin.

Nár dhána an mhaise dó é.

Bamadán cruthanta é.

Bálainn an pictiúr é.

Ba é an Rúnaí a cheartódh é sa chás sin.

Ceannaire maith ab ea (ba ea) í siúd.

Den lucht siúil ab ea (ba ea) iad.

7.2.2 FOIRMEACHA SIMPLÍ I dTÚS FOCHLÁSAIL, SEACHAS CLÁSAL COIBHNEASTA

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>			<i>An Aimsir Chaite agus an Modh Coinniollach</i>	
	<i>(roimb chonsan)</i>	<i>(roimb ghuta)</i>		<i>(roimb chonsan nó roimb fh+consan)</i>	<i>(roimb ghuta nó roimb fh+guta)*</i>
		A	B		
<i>Deimhneach</i>	gur	gur	gurb	gur/go mba	gurbh /go mba/ go mb'
<i>Diúltach</i>	nach	nach		nár	nárbh

* De réir *ba* agus *b'* i dTábla 7.2.1.

Is mar a leanas a úsáidtear foirmeacha A agus B:—

A.

- roimh ainmfhocal (seachas sa mhúnla a luaitear faoi B) – *ceapann siad gur amadán é*
- roimh réamhfhocal – *deir sí gur ag an rince a bheidh sí*
- roimh fhorainm réamhfhoclach – *sílim gur acu a bheidh an bua*
- roimh dhobhriathar nach dobhriathar aidiachtach (seachas *amhlaidh*) – *tá sé cinnte gur ann a bheidh sé*
- roimh na forainmneacha *é, í, iad, eisean, ise, iadsan*, más gníomhaí nó cuspóir ainm bhriathartha an forainm – *gur í a theacht is fearr, gur iad a fhoilsiú is fearr.*

B.

- roimh aidiacht – *is dóigh leis gurb álainn an lá é, ní dóigh liom gurb ionann iad*
- roimh *amhlaidh* nó roimh dhobhriathar aidiachtach – *nach maith gurb amhlaidh a tharla, ós rud é gurb annamh a fheicim í*
- roimh ainmfhocal sa mhúnla seo a leanas – *ós rud é gurb áil leo, ní foláir gurb acmhainn dóibh, más rud é gurb éigean dóibh, cloisim gurb eol dóibh*
- roimh na forainmneacha *ea, é, í, iad, eisean, ise, iadsan*, nuair nach gníomhaí ná cuspóir ainm bhriathartha an forainm – *síleann Barra gurb eisean a rinne é, ní chreideann siad gurb í ba chúis leis, deir sí gurb í a hiníon í, maíonn sé gurb é a leas é dul ann an tseachtain seo chugainn.*

Samplaí:

An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach:

Ceapann siad gur múinteoir é Seán.

Ceapann sé nach é Seán an bainisteoir.

Is dóigh liom gur tráthnóna amárach a bheidh an cruinniú ann.

Deir sé nach amárach a bheidh an cluiche ann.

Tuigimid nach é deireadh an domhain é má chaillimid an cluiche arú amárach.

An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach:

Dúirt Eoin gur cheart é a dhíol / Dúirt Eoin go mba cheart é a dhíol.

Shéan sé gurbh fhéimheach é / Shéan sé go mb'fhéimheach é.

Dúirt sise gurbh fhiú labhairt le hAnna / Dúirt sise go mb'fhiú labhairt le hAnna.

Ba léir nár dhochtúir cáilithe é.

Dheimhnigh sé nár mhór dúinn an trealamh sin a cheannach.

Dúirt sé nárbh fhusa é a rá ná a dhéanamh.

7.2.3 FOIRMEACHA SIMPLÍ I gCLÁSAL COIBHNEASTA DÍREACH

	An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach	An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach	
		(roimh chonsan nó roimh fh+consan)	(roimh ghuta nó roimh fh+guta)
Deimhneach	is	ba	ab
Diúltach	nach	nár	nárbh

San aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach, ceadaítear na foirmeacha *ab* nó *ba* a úsáid roimh an bhforainm neodrach *ea*.

Samplaí:

An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach:

Is é an bláth is deise sa ghairdín é.

Aon duine nach ball.
 Téigh abhaile duit féin nó is duitse is measa.
 Na daoine nach combaltaí an bhliain seo chugainn.

An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach:

Ba í an bbean ab áille í.
 Ba é an rud ab fhusa a dhéanamh é.
 Níor dhóigh siad aon bhreosla nár ghual.
 An Teachta nárbh Aire.
 Ba é an cluiche ba mheasa riamh é.

7.2.4 FOIRMEACHA SIMPLÍ I gCLÁSAL COIBHNEASTA INDÍREACH

	An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach		An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach	
	(roimb chonsan)	(roimb ghuta)	(roimb chonsan nó roimb fh+consan)	(roimb ghuta nó roimb fh+guta)
Deimhneach	ar	arb	ar	arbh
Diúltach	nach	nach	nár	nárbh

Samplaí:

An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach:

Sin rud ar cuma faoi.
 An duine nach féidir labhairt leis.
 An áit arb as mo dhuine.
 An té nach iriseoir a dheartháir.
 Na daoine nach mian leo leanúint ar aghaidh tar éis chruinniú na seachtaine seo chugainn, beidh cead acu éirí as.
 An áit arb ann a bheidh sí amárach.

An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach:

An bhean ar mhór aici do chabhair.

Na daoine nár mbaith leo labhairt.

Aon ní arbh fhiú trácht air.

Na páistí nárbh áil leo dul ar scoil.

7.2.5 FOIRMEACHA CUMAISC GAOLMHARA

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>		<i>An Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach</i>	
	<i>(roimb chonsan)</i>	<i>(roimb ghuta)</i>	<i>(roimb chonsan nó roimb fb+consan)</i>	<i>(roimb ghuta nó roimb fb+guta)</i>
<i>i gcumasc le</i>				
cá	cá	cárb	cár	cárbh
cé	cé	cérb	cér	cérbh
de, do	dar	darb	dar	darbh
faoi	faoinar	faoinarb	faoinar	faoinarbh
i	inar	inarb	inar	inarbh
le	lenar	lenarb	lenar	lenarbh
ó (réamhfhocal)	ónar	ónarb	ónar	ónarbh
trí	trínar	trínarb	trínar	trínarbh
má	más	más	(má ba)	(má b’)

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>		<i>An Aimsir Chaite agus an Modh Coinniollach</i>	
<i>i gcumasc le</i>	<i>(roimh chonsan)</i>	<i>(roimh ghuta)</i>	<i>(roimh chonsan nó roimh fh+consan)</i>	<i>(roimh ghuta nó roimh fh+guta)</i>
mura	mura	murab	murar	murarbh
sula	sular	sularb	sular	sularbh
ó (cónasc)	ós	ós	(ó ba)	(ó b')

Samplaí:

Cá mór duit imeacht?

Cérbh é an fear sin?

An tréimhse dar chríoch an 8 Nollaig 1998.

An tréimhse dar chríoch an 8 Nollaig 2080.

An dlí faoinar féidir í a chúiseamh.

Sularb eol dó é a bheith ann.

Ó b'ann dó.

An oifig inar mian léi a bheith ag obair.

An fhoireann lenar chúl báire é.

An dream ónarb áil leis teitheadh.

An tollán trínarbh fhéidir tiomáint.

Más mian leat imeacht.

Murab ionann agus Séamas.

Sular féidir leis.

Ós agat atá an ceart.

7.2.6 AN MODH FOSHUIITEACH

Sa tábla thíos, tugtar foirmeacha na copaire don aimsir láithreach agus don aimsir fháistineach den mhodh foshuiteach.

Ní gnách an chopail a úsáid sa mhodh foshuiteach caite.

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>	
	<i>(roimb chonsan)</i>	<i>(roimb ghuta)</i>
<i>Deimhneach</i>	gura	gurab
<i>Diúltach</i>	nára	nárab

Samplaí:

Gura fada buan tú.

Gurab amblaidh duit.

Nára fíor é.

Nárab am amú é.

CAIBIDIL 8 / NA FORAINMNIGH

8.1 GINEARÁLTA

Ar na forainmnigh áirítear na forainmneacha pearsanta, na haidiachtaí sealbhacha (a fheidhmíonn mar aidiachtaí agus mar fhorainmneacha), na forainmneacha réamhfhoclacha agus na forainmneacha ceisteacha.

8.2 NA FORAINMNEACHA PEARSANTA

Na Bunfhoirmeacha		Na Foirmeacha Treise	
Uimhir Uatha	Uimhir Iolra	Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
1. mé	sinn, muid	mise	sinne, muidne
2. tú, thú	sibh	tusa, thusa	sibhse
3. sé, é (f) sí, í (b)	siad, iad	seisean, eisean (f) sise, ise (b)	siadsan, iadsan

Tabhair faoi deara:—

- Is iondúil go séimhítear an forainm pearsanta *tú* nuair is cuspóir briathair atá ann, e.g., *báfar thú, molaim thú*, etc., agus i roinnt nathanna copailéacha, e.g., *mo ghraidhin thú*.
- Sa tríú pearsa uatha agus iolra, is iad na foirmeacha *sé (seisean), sí (sise)* agus *siad (siadsan)* a úsáidtear mar ainmní díreach ar lorg briathair (seachas an chopail), e.g., *tháinig sé (sí, siad) isteach, bíonn seisean (sise, siadsan) déanach go minic, an ndearna sé (sí, siad) an dinnéar?*
- Úsáidtear *é (eisean), í (ise)* agus *iad (iadsan)* i ngach cás eile, e.g., *leag an ghaoth é, briseadh í, buailfidh Tomás agus í isteach amárach, níl ann ach eisean, iadsan a rinne é, idir é agus an balla, bhí buaite agam murach ise, seachas iad a bhualadh, is mar sin is fearr é, chun iad a cheannach, í a phógadh is ea a rinne sé, is cuimhin liom iadsan ag caint air, cé hí an bhean sin?, an é Micheál a chaill an t-airgead?, fuair sé iad.*

8.3 NA hAIDIACHTAÍ SEALBHACHA

8.3.1 GINEARÁLTA

Sa tábla thíos léirítear na haidiachtaí sealbhacha agus na hathruithe tosaigh a leanann iad. Is iad na leaganacha treise, agus ainmfhocail ag gabháil leo, atá leagtha amach anseo thíos. Mura mbíonn treise i gceist, fágtar na hiarmhíreanna *-sa (-se)*, *-san (-sean)*, *-na (-ne)* ar lár. Is féidir na foirmeacha treise den fhorainm pearsanta, *seisean*, *sise* agus *siadsan*, a úsáid freisin chun treise a chur in iúl mar a leanas:— *a gheansaí seisean*, *a cóta sise*, *a dteach siadsan*. I gcás ina bhfuil an bhnuimhir *dhá* idir an aidiacht shealbhach agus an t-ainmfhocal, déantar na hathruithe tosaigh ar an ainmfhocal seachas ar an mbnuimhir.

	<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>	<i>Uatha</i> <i>(i ndiaidh dhá)</i>	<i>Iolra</i> <i>(i ndiaidh dhá)</i>
1	mo chapallsa m'asalsa m'fheirmse m'athairse	ár mbádna ár n-arán-na ár gceaintín-ne ár n-earraíne	mo dhá charr mo dhá asal mo dhá fheirm	ár dhá gcarr ár dhá n-asal ár dhá bhfeirm
2	do mhacsa d'ordúsa d'fheirmse d'eocharse	bhur ngeatasa bhur n-easpagsa bhur bpáircse bhur n-eaglais-se	do dhá charr do dhá asal do dhá fheirm	bhur dhá gcarr bhur dhá n-asal bhur dhá bhfeirm
3(f)	a chótasan a ualachsan a fheirmsean a aghaidhsean	a dteachsan a n-údarás-san a bpáistesean a n-eachtraísean	a dhá charr a dhá asal a dhá fheirm	a dhá gcarr a dhá n-asal a dhá bhfeirm
3(b)	a brógsa a héadansa a feirmse a haois-se		a dhá carr a dhá hasal a dhá feirm	

8.3.2 ÚSÁIDÍ ÉAGSÚLA EILE AIDIACHTAÍ SEALBHACHA

Níl aon fhorainm sealbhach sa Ghaeilge. Úsáidtear aidiacht shealbhadh arna treisiú le hiarmhír nó leis an bhfocal féin móide *ceann* nó *cuid*, de réir mar is cuí, chun feidhm forainm shealbhaigh a chomhlíonadh. Seo a leanas na foirmeacha treise:—

	<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>	<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>
1	mo cheannsa	ár gceann-na	mo chuidse	ár gcuidne
2	do cheannsa	bhur gceannsa	do chuidse	bhur gcuidse
3 (f)	a cheannsan	a gceannsan	a chuidsean	a gcuidsean
3 (b)	a ceannsa		a cuidse	

Chun aidiacht shealbhadh a úsáid mar chuspóir ainm bhriathartha, cuirtear an réamhfocal *do* roimh an gcéad agus an dara pearsa uatha agus iolra agus *á* (= *ag* + *a*) roimh ainm briathartha sa tríú pearsa uatha agus iolra, mar seo a leanas:—

	<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>	<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>
1	do m'ainmniú	dár n-ainmniú	do mo thástáil	dár dtástáil
2	do d'ainmniú	do bhur n-ainmniú	do do thástáil	do bhur dtástáil
3 (f)	á ainmniú	á n-ainmniú	á thástáil	á dtástáil
3 (b)	á hainmniú		á tástáil	

8.3.3 AIDIACHTAÍ SEALBHACHA AR LORG RÉAMHFHOCAL

- Ní tháthaítear réamhfhocal agus aidiacht shealbhach le chéile i gcásanna den sórt seo:—

<i>ag mo mháthair</i>	<i>as ár dtobar</i>
<i>do d'athair</i>	<i>de bhur dteach</i>
<i>ar a cheann (f)</i>	<i>thar a mbráid</i>
<i>ar a ceann (b)</i>	

- I gcás na réamhfhocal *de* agus *do*, táthaítear leis an aidiacht shealbhach iad sa tríú pearsa, uatha agus iolra, agus sa chéad phearsa iolra mar a leanas—

de + a	>	dá
do + a	>	dá
de + ár	>	dár
do + ár	>	dár

Bhain sé an hata dá cheann.
Bhain sí an hata dá ceann.
Bhain siad na hataí dá gceann.
Thug sé dá athair é.
Thug sí dá hathair é.
Thug siad dá n-athair é.
Scaoileamar dár ngreim.
Thugamar dár n-aintíní iad.

- I gcás réamhfhocal eile a chríochnaíonn ar ghuta (*faoi, i, le, trí, ó*) cuirtear *n* isteach idir an réamhfhocal agus an aidiacht shealbhach, e.g.:—

faoina chois / faoina cois / faoina gcosa
ina phóca / ina póca / ina bpócaí
lena iníon / lena hiníon / lena n-iníon
trína chodladh / trína codladh / trína gcodladh
óna dheartháir / óna deartháir / óna ndeartháir
faoinár gcosa
inár bpócaí / ónár ndeartháir
lenár n-iníonacha / trinár gcodladh.

- Cuirtear *n* isteach freisin i gcás *arna* (cumasc idir an réamhfhocal *ar* agus an aidiacht shealbhach *a*). Réitíonn an t-ainm briathartha le hinscne agus le huimhir an ainmfhocail a thagann roimhe sna samplaí thíos:

ráiteas arna chur faoi bhráid an Aire

*tuarascáil arna cur faoi bhráid an Aire
náitis/tuarascálacha arna gcur faoi bhráid an Aire.*

8.3.4 ÚSÁID AIDIACHTAÍ SEALBHACHA A SHEACHAINT

Is minic sa chaint a sheachnaítear an ghnáthaidiacht shealbhach trí leas a bhaint as ceann de na nathanna seo a leanas: (seo/sin) agam(sa), (seo/sin) agat(sa), (seo/sin) aige(sean), (seo/sin) aici(se), (seo/sin) againn(e), (seo/sin) agaibh(se), (seo/sin) acu(san), e.g.:—

Bhí sé sa teach agam(sa)

in ionad

Bhí sé i mo theach(sa).

Bhí sé ar an bhfeirm acu(san)

in ionad

Bhí sé ar a bhfeirm(sean).

Sa rang seo agamsa a bhí siad aréir

in ionad

Bhí siad i mo rang(sa) aréir.

An baile seo againne

in ionad

Ár mbailene.

Chaith Dónall sin againne bliain i dTír na mBascach

in ionad

Chaith ár nDónallna bliain i dTír na mBascach.

Cá bhfuair tú an gluaisteán sin agat?

in ionad

Cá bhfuair tú do ghluaisteán?

8.3.5 NA FORAINNEACHA RÉAMHFHOCLACHA

	ag	ar	as	chun (chuig)	de	do	faoi	fara	i
	1	agam	orm	agam	díom	dom	fúm	faram	ionam
	2	agat	ort	chugat	díot	duit	fút	farat	ionat
	3(f)	aige	air	chuige	de	dó	faoi	fairis	ann
	3(b)	aici	uirthi	chuici	di	di	fúithi	farae	inti
UATHA									
	1	againn	orainn	chugainn	dínn	dúinn	fúinn	farainn	ionainn
	2	agaibh	oraibh	chugaibh	díbh	daoibh	fúibh	faruibh	ionaibh
	3	acu	orthu	chucu	díobh	dóibh	fúthu	faru	iontu
IOLRA									

	idir	ionsar	le	ó	roimh	thar	trí	um
	—	ionsorm	liom	uaim	romham	tharam	tríom	umam
	—	ionsort	leat	uait	romhat	tharat	tríot	umat
3(f)	—	ionsair	leis	uaidh	roimhe	thairis	tríd	uime
3(b)	—	ionsuirthi	léi	uaithe	roimpi	thairsti	tríthi	uimpi
UATHA								
1	eadrainn	ionsorainn	linn	uainn	romhainn	tharainn	trínn	umainn
2	eadraibh	ionsoraibh	libh	uaibh	romhaibh	tharaibh	tríbh	umaibh
3	earthú	ionsorthu	leo	uathu	rompu	tharstu	tríothu	umpu
IOIRA								

Tabhair faoi deara:—

- Chun treise a chur leis na forainmneacha réamhfhoclacha, táthaítear na hiarmhíreanna *-sa (-se)*, *-san (-sean)*, *-ne* leo, e.g., *agamsa*, *agatsa*, *aigesean*, *aicise*, *againne*, *agaibhse*, *acusán*.
- Déantar *-nne* de *-nn + -ne*, e.g., *againne*, *orainne*, etc., agus cuirtear fleiscín idir dhá s, e.g., *as-san*, *leis-sean*, *thairis-sean*.

8.4 NA FORAINMNEACHA CEISTEACHA

Is iad *cá*, *cad*, *cé*, *céard* na forainmneacha ceisteacha. Ní infhilltear iad, ach déantar cumasc idir *cá/cé* agus an chopail.

cárb as tú?

cad as duit?

cárbh as é?

cá leis ar oscail tú é?

cár chuir tú é?

cad é a chuir tú ann?

cad chuige a ndearna tú sin?

cad mar gheall ar an gceann seo?

cé atá ag teacht?

cé aige a bhfuil na ticéid?

cér diobh é?

cérbh í an bhean sin?

céard faoi a bhfuil sibh ag caint?

céard é féin?

CAIBIDIL 9 / AN UIMHIR

9.1 GINEARÁLTA

Is iad na príomhleaganacha den Uimhir sa Ghaeilge an Mhaoluimhir, an Bhunuimhir, an Uimhir Phearsanta, an Orduimhir agus an Codán.

An Mhaoluimhir

Tugtar maoluimhir ar uimhir nach dtagann ainmfhocal go díreach ar a lorg. Úsáidtear an mhaoluimhir i gcomhaireamh lom nuair nach gcuirtear líon nó ord rudaí in iúl:—

a haon, a dó, a trí

An Bhunuimhir

Tugtar bunuimhir ar uimhir a chuirtear le hainmfhocal chun líon rudaí a chur in iúl:—

dhá chapall, trí leabhar, ceithre nóiméad

An Uimhir Phearsanta

Tugtar uimhir phearsanta ar uimhir a chuireann líon daoine in iúl:—

beirt bhan, triúr ban, ceathrar fear

An Orduimhir

Tugtar orduimhir ar uimhir a chuireann ionad ruda i sraith rudaí in iúl:—

an chéad fhear, an dara bean, an fichiú haois

An Codán

Cainníocht uimhriúil nach slánuimhir is ea an codán:—

ceathrú (1/4), ceithre chúigiú (4/5)

9.2 AN MHAOLUIMHIR

Tugtar maoluimhir ar uimhir nach dtagann ainmfhocal go díreach ar a lorg. Úsáidtear an mhaoluimhir i gcomhaireamh lom nuair nach gcuirtear líon nó ord rudaí in iúl.

Cé go bhfuil nósmaireacht tagtha chun cinn sa chaint na maoluimhreacha a úsáid i gcomhaireamh rudaí os cionn 10 mar rogha ar chóras na mbunuihmhreacha (*fiche a dó méadar, daichead a cúig méadar, tríocha a seacht bád* etc.), ní mholtar an córas sin a úsáid sa scríbhneoireacht oifigiúil.

9.2.1 NA MAOLUIMHREACHA 0–99

Seo mar a scríobhtar na maoluimhreacha ó 0–99. Úsáidtear an focal *ceathracha* freisin in áit *daichead*.

<i>an uimhir</i>	
0-10	náid/neamhní, a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich
11-19	a haon déag, a dó dhéag, a trí déag, a ceathair déag, a cúig déag, a sé déag, a seacht déag, a hocht déag, a naoi déag
20 - 29	fiche, fiche a haon, fiche a dó, fiche a trí, fiche a ceathair, fiche a cúig, fiche a sé, fiche a seacht, fiche a hocht, fiche a naoi
30 - 39	tríocha, tríocha a haon, tríocha a dó, tríocha a trí, tríocha a ceathair, tríocha a cúig, tríocha a sé, tríocha a seacht, tríocha a hocht, tríocha a naoi
40 - 49	daichead, daichead a haon, daichead a dó, daichead a trí, daichead a ceathair, daichead a cúig, daichead a sé, daichead a seacht, daichead a hocht, daichead a naoi
50 - 59	caoga, caoga a haon, caoga a dó, caoga a trí, caoga a ceathair, caoga a cúig, caoga a sé, caoga a seacht, caoga a hocht, caoga a naoi
60 - 69	seasca, seasca a haon, seasca a dó, seasca a trí, seasca a ceathair, seasca a cúig, seasca a sé, seasca a seacht, seasca a hocht, seasca a naoi
70 - 79	seachtó, seachtó a haon, seachtó a dó, seachtó a trí, seachtó a ceathair, seachtó a cúig, seachtó a sé, seachtó a seacht, seachtó a hocht, seachtó a naoi
80 - 89	ochtó, ochtó a haon, ochtó a dó, ochtó a trí, ochtó a ceathair, ochtó a cúig, ochtó a sé, ochtó a seacht, ochtó a hocht, ochtó a naoi
90 - 99	nócha, nócha a haon, nócha a dó, nócha a trí, nócha a ceathair, nócha a cúig, nócha a sé, nócha a seacht, nócha a hocht, nócha a naoi

9.2.2 NA MAOLUIMHREACHA 100 AGUS OS A CHIONN

Tabhair faoi deara:—

- Is ainmfhocail iad na huimhreacha *céad, míle, milliún* agus *billiún*. Dá bhrí sin, úsáidtear córas na mbunuihmhreacha má bhíonn na figiúirí 2-19 roimh shraith náideanna arb ionannas di *céad, míle, milliún, etc., e.g., ceithre chéad, trí chéad míle, naoi milliún déag*.
- Is í foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal a chuirtear i ndiaidh na ndeicheanna, e.g., *fiche míle, tríocha milliún, etc.*
- Ní chuirtear séimhiú ná urú ar an bhfocal *billiún* i ndiaidh uimhreacha. Is féidir *míle milliún* a úsáid (de rogha ar *billiún*) mar ainm ar an bhfigiúr 1,000,000,000.
- Ní chuirtear urú ar an bhfocal *euro* i ndiaidh uimhreacha.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
100	céad	9,000	naoi míle
1,000	míle	10,000,000	deich milliún
1,000,000	milliún	300	trí chéad
200	dhá chéad	11,000	aon mhíle dhéag
3,000	trí mhíle	12,000,000	dhá mhilliún déag
4,000,000	ceithre mhilliún	400	ceithre chéad
500	cúig chéad	13,000	trí mhíle dhéag
6,000	sé mhíle	14,000,000	ceithre mhilliún déag
7,000,000	seacht milliún	500	cúig chéad
800	ocht gcéad	8,000	ocht míle
1,000,000,000	billiún aon billiún amháin	17,000,000,000	seacht billiún déag

9.2.3 NA MAOLUIMHREACHA 100–999

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
120	céad fiche/céad is fiche	600	sé chéad
191	céad nócha a haon	659	sé chéad caoga a naoi
282	dhá chéad ochtó a dó	748	seacht gcéad daichead a hocht
273	dhá chéad seachtó a trí	737	seacht gcéad tríocha a seacht
364	trí chéad seasca a ceathair	826	ocht gcéad fiche a sé
355	trí chéad caoga a cúig	815	ocht gcéad a cúig déag
446	ceithre chéad daichead a sé	804	ocht gcéad a ceathair
437	ceithre chéad tríocha a seacht	993	naoi gcéad nócha a trí
528	cúig chéad fiche a hocht	982	naoi gcéad ochtó a dó
519	cúig chéad a naoi déag	999	naoi gcéad nócha a naoi

9.2.4 NA MAOLUIMHREACHA 1,000–9,999

<i>an uimhir</i>	
1,230	míle, dhá chéad tríocha/ míle, dhá chéad is tríocha
2,915	dhá mhíle, naoi gcéad a cúig déag
3,824	trí mhíle, ocht gcéad fiche a ceathair
4,733	ceithre mhíle, seacht gcéad tríocha a trí
5,642	cúig mhíle, sé chéad daichead a dó

6,551	sé mhíle, cúig chéad caoga a haon
7,460	seacht míle, ceithre chéad seasca/ seacht míle, ceithre chéad is seasca
8,379	ocht míle, trí chéad seachtó a naoi
9,288	naoi míle, dhá chéad ochtó a hocht
9,999	naoi míle, naoi gcéad nócha a naoi

9.2.5 NA MAOLUIMHREACHA OS CIONN 10,000

Tá dhá chóras ann chun na maoluimhreacha os cionn 10,000 a chur in iúl – córas na mbunuihmhreacha agus córas simplithe. Faoin gcóras simplithe, úsáidtear córas na maoluimhreacha móide an t-ainmfhocal lom gan chlaochlú (24,000 - *fiche a ceathair míle seachas ceithre mhíle is fiche*).

(a) Na Maoluimhreacha 10,000–99,999

<i>an uimhir</i>	<i>córas na mbunuihmhreacha</i>	<i>an córas simplithe</i>
29,591	naoi míle is fiche, cúig chéad nócha a haon	fiche a naoi míle, cúig chéad nócha a haon
38,482	ocht míle is tríocha, ceithre chéad ochtó a dó	tríocha a hocht míle, ceithre chéad ochtó a dó
56,264	sé mhíle is caoga, dhá chéad seasca a ceathair	caoga a sé míle, dhá chéad seasca a ceathair
65,155	cúig mhíle is seasca, céad caoga a cúig	seasca a cúig míle, céad caoga a cúig
74,048	ceithre mhíle is seachtó, daichead a hocht	seachtó a ceathair míle, daichead a hocht
83,936	trí mhíle is ochtó, naoi gcéad tríocha a sé	ochtó a trí míle, naoi gcéad tríocha a sé
92,827	dhá mhíle is nócha, ocht gcéad fiche a seacht	nócha a dó míle, ocht gcéad fiche a seacht
99,999	naoi míle is nócha, naoi gcéad nócha a naoi	nócha a naoi míle, naoi gcéad nócha a naoi

(b) Na Maoluimhreacha 100,000–999,999

<i>an uimhir</i>	<i>córas na mbunuihbreacha</i>	<i>an córas simplithe</i>
116,104	céad is sé mhíle dhéag, céad a ceathair	céad a sé déag míle, céad a ceathair
257,077	dhá chéad caoga is seacht míle, seachtó a seacht	dhá chéad caoga a seacht míle, seachtó a seacht
348,293	trí chéad daichead is ocht míle, dhá chéad nócha a trí	trí chéad daichead a hocht míle, dhá chéad nócha a trí
409,886	ceithre chéad is naoi míle, ocht gcéad ochtó a sé	ceithre chéad a naoi míle, ocht gcéad ochtó a sé
520,712	cúig chéad is fiche míle, seacht gcéad a dó dhéag	cúig chéad fiche míle, seacht gcéad a dó dhéag
611,668	sé chéad is aon mhíle dhéag, sé chéad seasca a hocht	sé chéad a haon déag míle, sé chéad seasca a hocht
702,526	seacht gcéad is dhá mhíle, cúig chéad fiche a sé	seacht gcéad a dó míle, cúig chéad fiche a sé
883,457	ocht gcéad ochtó is trí mhíle, ceithre chéad caoga a seacht	ocht gcéad ochtó a trí míle, ceithre chéad caoga a seacht
974,345	naoi gcéad seachtó is ceithre mhíle, trí chéad daichead a cúig	naoi gcéad seachtó a ceathair míle, trí chéad daichead a cúig
999,999	naoi gcéad nócha is naoi míle, naoi gcéad nócha a naoi	naoi gcéad nócha a naoi míle, naoi gcéad nócha a naoi

9.3 AN BHUNUIMHIR

Tugtar bunuimhir ar an uimhir a chuirtear le hainmfhocal chun líon rudaí a chur in iúl.

Tabhair faoi deara:—

- tagann an t-ainmfhocal ar lorg na n-aonad *aon, dhá, trí, ceithre, cúig, sé, seacht, ocht, naoi, deich*.
- ní mór an focal *amháin* a lua tar éis na bunuimhreach *aon* agus an t-ainmfhocal.
- ní hí an mhaoluimhir *dó* a úsáidtear ach an bhunuimhir *dhá*.
- ní hí an mhaoluimhir *ceathair* a úsáidtear ach an bhunuimhir *ceithre*.
- tagann an focal *déag* i ndiaidh an ainmfhocail.
- foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal a chuirtear leis na bunuimhreacha de ghnáth.
- ní shéimhítear *dhá* i ndiaidh an ailt, *aon* ná *céad*.
- cuireann na bunuimhreacha *aon, dhá, trí, ceithre, cúig* agus *sé* séimhiú ar an ainmfhocal a thagann ina ndiaidh.
- cuireann na bunuimhreacha *seacht, ocht, naoi* agus *deich* urú ar an ainmfhocal a thagann ina ndiaidh.
- séimhítear an focal *déag* má chríochnaíonn an t-ainmfhocal uatha roimhe ar ghuta.

9.3.1 NA BUNUIMHREACHA 1–19

Seo mar a scríobhtar na bunuimhreacha 1–19.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	bád/bád amháin/ aon bhád amháin	11	aon bhád déag
2	dhá bhád	12	dhá bhád déag
3	trí bhád	13	trí bhád déag
4	ceithre bhád	14	ceithre bhád déag
5	cúig bhád	15	cúig bhairille dhéag
6	sé bhád	16	sé bhairille dhéag

7	seacht mbád	17	seacht mbairille dhéag
8	ocht mbád	18	ocht mbairille dhéag
9	naoi mbád	19	naoi mbairille dhéag
10	deich mbád		

Ainmfhocail dar tús guta

Ní dhéantar aon athrú tosaigh ar ainmfhocal dar tús guta i ndiaidh na mbunúimhreacha *aon, dhá, trí, ceithre, cúig, sé* ach cuirtear urú roimh ainmfhocal dar tús guta i ndiaidh na mbunúimhreacha *seacht, ocht, naoi, deich*.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	ábhar/ábhar amháin/ aon ábhar amháin	11	aon ábhar déag
2	dhá ábhar	12	dhá ábhar déag
3	trí ábhar	13	trí ábhar déag
4	ceithre ábhar	14	ceithre ábhar déag
5	cúig ábhar	15	cúig oíche dhéag
6	sé ábhar	16	sé oíche dhéag
7	seacht n-ábhar	17	seacht n-oíche dhéag
8	ocht n-ábhar	18	ocht n-oíche dhéag
9	naoi n-ábhar	19	naoi n-oíche dhéag
10	deich n-ábhar		

9.3.2 AINMFHOCAIL SAN IOLRA I ndIAIDH NA mBUNUIMHREACHA

Tá roinnt ainmfhocal ann arb í foirm an ainmnigh iolra díobh, nó leagan iolra ar leith díobh, a úsáidtear le roinnt bunuimhreacha.

An tAinmneach Uatha

bliain
ceann
cloigeann
fiche
pingin
seachtain
trian
troigh
uair

An Leagan Iolra

bliana
cinn
cloigne
fichid
pingine
seachtaine
treana
troithe
uaire

Tabhair faoi deara:—

- foirm an ainmnigh uatha de na hainmfhocail a úsáidtear leis na bunuimhreacha *aon* agus *dhá*.
- úsáidtear an leagan iolra i ndiaidh na n-uimhreacha 3-10 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3-9.
- ní chuirtear séimhiú ar an leagan iolra i ndiaidh 3-6 ná i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3-6.
- i ndiaidh 3-6 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3-6 cuirtear *b* roimh leagan iolra a thosaíonn ar ghuta.
- cuireann na huimhreacha 7-10 agus uimhreacha a chríochnaíonn ar 7-9 urú ar an leagan iolra.
- ní chuirtear séimhiú ar *déag* i ndiaidh an leagain iolra, fiú amháin sa chás go gcríochnaíonn sé ar ghuta.
- is í foirm an ainmnigh uatha a úsáidtear i ndiaidh na ndeiceanna (seachas a deich), e.g., *fiche bliain*, *tríocha pingin*, *ochtó troigh*.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	aon bhliain amháin	11	aon uair déag
2	dhá cheann	12	dhá phingin déag
3	trí cinn	13	trí bliana déag

4	ceithre cloigne	14	ceithre cinn déag
5	cúig fichid	15	cúig seachtaine déag
6	sé huaire	16	sé cloigne déag
7	seacht bpingine	17	seacht bhfichid déag
8	ocht seachtaine	18	ocht dtroithe déag
9	naoi mbliana	19	naoi bpingine déag
10	deich dtroithe		

9.3.3 AN BHUNUIMHIR *DHÁ* AGUS ROINNT AINMFHOCAL

Tá roinnt bheag ainmfhocal ann agus tá rogha ann a dtuiseal tabharthach a úsáid i ndiaidh 2 agus uimhreacha a chríochnaíonn ar 2, e.g., 12, 22, 102, 112 etc.

<i>an t-ainmneach uatha</i>	<i>i ndiaidh dhá</i>
bos	dhá bhos/ bhois
bróg	dhá bhróg/bhróig
cluas	dhá chluas/chluais
cos	dhá chos/chois
lámh	dhá lámh/láimh

Sa tábla seo a leanas, tá roinnt samplaí de na bunuimhreacha a chríochnaíonn ar 2 leis na hainmfhocail sin.

<i>an uimhir</i>	
2	dhá bhos/bhois
12	dhá bhróg/bhróig déag
312	trí chéad is dhá chluas/chluais déag
422	ceithre chéad fiche is dhá chos/chois
592	cúig chéad nócha is dhá lámh/láimh
2,892	dhá mhíle ocht gcéad nócha is dhá bhos/bhois

9.3.4 NA BUNUIMHREACHA 20–100

NA DEICHEANNA

Is í foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal a chuirtear i ndiaidh na ndeicheanna. Ní dhéantar aon athrú tosaigh ar an ainmfhocal.

<i>an uimhir</i>	
20	fiche leabhar
30	tríocha méadar
40	daichead bád
50	caoga ábhar
60	seasca bó
70	seachtó bliain
80	ochtó cloigeann
90	nócha pingin
100	céad pingin

NA BUNUIMHREACHA EILE

Seo a leanas mar a bhíonn na bunuimhreacha 21–29:

<i>an uimhir</i>	
21	aon chapall amháin is fiche / capall is fiche
22	dhá bhád is fiche
23	trí mhéadar is fiche
24	ceithre bliana is fiche
25	cúig pingine is fiche
26	sé ábhar is fiche
27	seacht n-uaire is fiche
28	ocht n-oíche is fiche
29	naoi bhfuinneog is fiche

Seo roinnt samplaí den tslí ina scríobhtar na bunuimhreacha ó 31–99:

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
31	aon bhád amháin is tríocha / bád is tríocha	62	dhá uair is seasca
32	dhá bhliain is tríocha	63	trí cinn is seasca
33	trí oíche is tríocha	74	ceithre pingine is seachtó
44	ceithre chapall is daichead	75	cúig troithe is seachtó
45	cúig fhuinneog is daichead	76	sé dhuine is seachtó

46	sé leabhar is daichead	87	seacht dtroithe is ochtó
57	seacht méadar is caoga	88	ocht n-uaire is ochtó
58	ocht mbó is caoga	89	naoi mbó is ochtó
59	naoi n-oíche is caoga	91	aon chloigeann amháin is nócha / cloigeann is nócha
61	aon seachtain amháin is seasca / seachtain is seasca	99	naoi mbád is nócha

9.3.5 NA BUNUIMHREACHA OS CIONN 100

Os cionn 100, úsáidtear a mhalairt den chomhréir a úsáidtear faoi bhun 100, e.g., *céad fiche is aon chapall amháin, dhá mhíle, trí chéad tríocha is ceithre chapall*, etc.

<i>an uimhir</i>	
120	céad is fiche bád
191	céad nócha is aon mhéadar amháin
282	dhá chéad ochtó is dhá chat
273	dhá chéad seachtó is trí shlat
364	trí chéad seasca is ceithre chapall
355	trí chéad caoga is cúig leabhar
1,446	míle ceithre chéad daichead is sé bhó
8,437	ocht míle, ceithre chéad tríocha is seacht gcág
25,528	cúig mhíle is fiche, cúig chéad fiche is ocht leabhar

100,513	céad míle, cúig chéad is trí mhéadar déag
2,768,119	dhá mhilliún, seacht gcéad seasca is ocht míle, céad is naoi n-oíche dhéag

Nóta: I gcás na mbunimhreacha os cionn 20,000 ar iolrú ar 10 iad, chun míthuiscint a sheachaint (*ceithre mhíle euro is nócha* = €94,000 agus *ceithre mhíle is nócha euro* = €4,090) is féidir leas a bhaint as córas na maoluimhreacha, e.g., *nócha a ceathair míle euro* (= €94,000) a úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus *ceithre mhíle is nócha euro* (= €4,090).

9.3.6 NA BUNUIMHREACHA A SCRÍOBH INA bhFIGIÚIRÍ 1–19

I gcás gur i bhfigiúirí a scríobhtar na huimhreacha, moltar an t-athrú tosaigh is cuí don fhigiúr deiridh a chur i bhfeidhm ar fhoirm chuí an ainmfhocail de réir chóras na mbunimhreacha:—

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	1 bhád	11	11 chloigeann
2	2 mhéadar	12	12 phingin
3	3 leabhar	13	13 seachtaine
4	4 ábhar	14	14 pingine
5	5 bhó	15	15 ghluaisteán
6	6 oíche	16	16 huaire
7	7 gcapall	17	17 mbliana
8	8 bhfuinneog	18	18 n-uaire
9	9 mbliana	19	19 bpingine
10	10 gcinn		

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
20	20 leabhar	47	47 méadar
21	21 chapall	58	58 mbó
22	22 bhád	59	59 n-oíche
23	23 mhéadar	60	60 bó
24	24 bliana	61	61 seachtain
25	25 pingine	62	62 uair
26	26 ábhar	63	63 cinn
37	37 seachtaine	60	60 bliain
38	38 n-oíche	74	74 pingine
39	39 bhfuinneog	75	75 troithe
40	40 méadar	86	86 dhuine
41	41 bhád	99	99 gcloigne

100 agus os a chionn

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
120	120 cloigeann	815	815 fhuinneog
191	191 mhéadar	804	804 bliana
282	282 phingin	993	993 cinn
273	273 bhád	982	982 chloch
364	364 huaire	999	999 gcipín

355	355 cinn	1,230	1,230 bliain
446	446 asal	2,915	2,915 chapall
437	437 n-asal	3,824	3,824 bhád
528	528 leabhar	4,733	4,733 dhoras
519	519 méadar	5,642	5,642 chathaoir
600	600 bád	6,551	6,551 bhord
659	659 n-ábhar	7,460	7,460 asal
748	748 mbó	8,379	8,379 mbád
737	737 n-oíche	9,288	9,288 méadar
826	826 chapall	9,999	9,999 mbó

9.4 AN UIMHIR PHEARSANTA

9.4.1 ÚSÁID NA nUIMHREACHA PEARSANTA

Úsáidtear na huimhreacha pearsanta (2–12) chun daoine a chomhaireamh. Is é gnáthchóras na mbunuihreacha a úsáidtear chun líon daoine is mó ná 12 a chomhaireamh, e.g., *trí dhuine dhéag, ceithre dhuine is daichead*.

<i>an uimhir</i>	
1	duine / aon duine amháin
2	beirt
3	triúr
4	ceathrar

5	cúigear
6	seisear
7	seachtar
8	ochtar
9	naonúr
10	deichniúr
11	aon duine dhéag
12	dháréag

9.4.2 INSCNE NA nUIMHREACHA PEARSANTA

Ainmfhocal fhirinsneacha is ea na huimhreacha pearsanta go léir seachas *beirt*. Ní shéimhítear *dháréag* i ndiaidh an ailt, *aon* ná *céad*.

<i>an uimhir</i>	<i>an t-ainmneach</i>	<i>an ginideach</i>
2	an bheirt	tuairimí na beirte
3	an triúr	éadaí an triúir
4	an ceathrar	táillí an cheathrair
5	an cúigear	bád an chúigir
6	an seisear	teach an tseisir
7	an seachtar	scoil an tseachtair
8	an t-ochtar	meitheal an ochtair
9	an naonúr	foireann an naonúir

10	an deichniúr	tithe an deichniúir
12	an dáréag	airgead an dáréag

9.4.3 AINMFHOCAIL LEIS NA HUIMHREACHA PEARSANTA

Tabhair faoi deara:—

- is é an ginideach iolra den ainmfhocal a leanann an uimhir phearsanta.
- séimhítear an t-ainmfhocal i ndiaidh na huimhreach pearsanta *beirt*.

<i>an uimhir</i>	
2	beirt bhan
3	triúr bádóirí
4	ceathrar scoláirí
5	cúigear fear
6	seisear ban
7	seachtar bádóirí
8	ochtar scoláirí
9	naonúr fear
10	deichniúr ban
12	dháréag scoláirí

9.5 AN ORDUIMHIR

9.5.1 ÚSÁID NA nORDUIMHREACHA

Déanann orduimhir ionad ruda i sraith rudaí a chur in iúl.

Tabhair faoi deara:—

- taobh amuigh de na cásanna a luaitear i gCaibidil 1 maidir le hurú i ndiaidh an ailt sa tuiséal tabharthach, bíonn séimhiú ar an orduimhir *céad* i ndiaidh an ailt e.g., *an chéad leabhar, na chéad rialacha*.
- cuireann an orduimhir *céad* séimhiú ar an ainmfhocal ar a lorg i ngach tuiséal (mura *d*, *t* nó *s* a thúsleitir), e.g., *an chéad fhear, an chéad bhean, clann an chéad fhir, mac na chéad mhná, lucht na chéad bhliana, na chéad bhlianta ach na chéad daoine, an chéad turas, an chéad saighdiúir*.
- an t-alt firinsneach a bhíonn roimh na horduimhreacha eile go léir, beag beann ar inscne an ainmfhocail.
- i ndiaidh na horduimhreach *dara* agus na n-orduimhreacha go léir dar críoch *-ú*, cuirtear *h* ar ainmfhocal dar tús guta, e.g., *an dara hoíche, an tríú hurlár, an séú hóstán déag*.
- ní chuirtear séimhiú ar an bhfocal *déag*, e.g., *an tríú duine déag, an t-ochtú bosca déag, an naoú leabhar déag*.
- úsáidtear *an chéad* i gcás 1 ach i gcás na n-uimhreacha eile a chríochnaíonn ar 1, mar atá, 11, 21, 31, 101, 181, 10,001 etc., úsáidtear an focal *aonú*. Sa tuiséal ainmneach, cuirtear *t* roimh *aonú* i ndiaidh an ailt, e.g., *an t-aonú lá is tríocha*.
- i gcás na n-orduimhreacha os cionn 20, úsáidtear freisin leagan atá bunaithe ar chóras na maoluimhreacha. I gcáipéisí oifigiúla, áfach, moltar cloí leis an gcóras atá leagtha amach anseo thíos.
- cuirtear an t-alt roimh an gcéad uimhir san orduimhir de ghnáth, mura mbíonn aidiacht shealbhach nó *gach* roimpi, e.g., *an dá chéad is tríú lá ach gach dara bliain, a tríú bliain*.

9.5.2 NA hORDUIMHREACHA 1–19

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1ú	an chéad fhear	11ú	an t-aonú bean déag
2ú	an dara/dóu bean	12ú	an dara/dóu bosca déag
3ú	an tríú leabhar	13ú	an tríú méadar déag
4ú	an ceathrú méadar	14ú	an ceathrú bád déag
5ú	an cúigiú bád	15ú	an cúigiú hábhar déag

6ú	an séú hábhar	16ú	an séú bó déag
7ú	an seachtú fuinneog	17ú	an seachtú fuinneog déag
8ú	an t-ochtú bó	18ú	an t-ochtú hoíche déag
9ú	an naoú hoíche	19ú	an naoú capall déag
10ú	an deichiú capall		

9.5.3 NA hORDUIMHREACHA OS CIONN 20

Na Deiceanna

<i>an uimhir</i>	
20ú	an fichiú capall
30ú	an tríochadú bean
40ú	an daicheadú bó
50ú	an caogadú bliain
60ú	an seascadú bád
70ú	an seachtódú comhdháil
80ú	an t-ochtódú hoíche
90ú	an nóchadú leabhar
100ú	an céadú custaiméir
1,000ú	an míliú heitilt
10,000ú	an deich míliú lá
1,000,000ú	an milliúnú huair

21–99

<i>an uimhir</i>	
21ú	an t-aonú capall is fiche
22ú	an dara/dóu bean is fiche
23ú	an tríú leabhar is fiche
24ú	an ceathrú méadar is fiche
25ú	an cúigiú bád is fiche
26ú	an séú hábhar is fiche
27ú	an seachtú fuinneog is fiche
28ú	an t-ochtú bó is fiche
29ú	an naoú hoíche is fiche
30ú	an tríochadú capall
39ú	an naoú hoíche is tríocha
48ú	an t-ochtú bó is daichead
57ú	an seachtú fuinneog is caoga
66ú	an séú hábhar is seasca
75ú	an cúigiú bád is seachtó
84ú	an ceathrú méadar is ochtó
93ú	an tríú leabhar is nócha

<i>an uimhir</i>	
104ú	an céad is ceathrú feirmeoir
116ú	an céad is séú babhta déag
131ú	an céad tríocha is aonú capall
132ú	an céad tríocha is dóú hasal
211ú	an dá chéad is aonú bád déag
1007ú	an míle is seachtú bliain
7219ú	an seacht míle, dhá chéad is naoú méadar déag
223,413ú	an dá chéad fiche is trí mhíle, ceithre chéad is tríú cloigeann déag
613,564ú	an sé chéad is trí mhíle dhéag, cúig chéad seasca is ceathrú bó
4,444,444ú	an ceithre mhíliúin, ceithre chéad daichead is ceithre mhíle, ceithre chéad daichead is ceathrú hasal

9.6 AN CODÁN

9.6.1 COMHDHÉANAMH AN CHODÁIN

Bíonn dhá chuid sa ghnáthchodán, mar atá, **an t-uimhreoir** agus **an t-ainmneoir**. Cuirtear an t-uimhreoir os cionn na líne agus an t-ainmneoir faoi bhun na líne, e.g., 6/7 (is é 6 an t-uimhreoir agus is é 7 an t-ainmneoir).

Tabhair faoi deara:—

- seachas i gcás na bhfocal *leath* agus *trian*, baintear leas as na horduimhreacha chun na codáin a chur in iúl.
- úsáidtear an fhoirm speisialta iolra *treana* den ainmfhocal *trian* ar lorg na n-uimhreacha 3-10. Fágтар an t-ainmfhocal lom i ndiaidh *trí*, *ceithre*, *cúig*, *sé* agus uraítear é i ndiaidh *seacht*, *ocht*, *naoi*, *deich*, e.g., *trí treana*, *deich dtreana*.

- is gnáthainmfhocail iad na codáin agus leantar gnáthrialacha na mbunúimhreacha chun iad a chomhaireamh.
- is féidir, freisin, an focal *cuid* a úsáid leis na horduimhreacha chun codáin a chur in iúl nuair is é 1 an t-uimhreoír. Is minice a úsáidtear an leagan le *cuid* nuair is uimhir os cionn 20 an t-ainmneoir. I gcás na ndeicheanna, áfach, is túisce a déarfai *tríochadú* etc. ná *an tríochadú cuid*.

9.6.2 AN tAINMNEOIR: 2–10

<i>an codán</i>	<i>an t-ainmneoir</i>	<i>an leagan le cuid</i>
1/2	leath	an leathchuid
1/3	trian	an tríú cuid
1/4	ceathrú	an ceathrú cuid
1/5	cúigiú	an cúigiú cuid
1/6	séú	an séú cuid
1/7	seachtú	an seachtú cuid
1/8	ochtú	an t-ochtú cuid
1/9	naoú	an naoú cuid
1/10	deichiú	an deichiú cuid

9.6.3 AN tAINMNEOIR: 11–19

- Nuair is uimhir idir 11–19 an t-ainmneoir, úsáidtear leagan a dhíorthaítear ón orduimhir.
- Is féidir *cuid* a úsáid leis na hainmneoirí díorthaithe 11-19 freisin.

<i>an codán</i>	<i>an t-ainmneoir díorthaithe</i>	<i>an leagan le 'cuid'</i>
1/11	aondéagú	an t-aondéagú cuid
1/12	dódhéagú	an dódhéagú cuid
1/13	trídéagú	an trídéagú cuid
1/14	ceathairdéagú	an ceathairdéagú cuid
1/15	cúigdéagú	an cúigdéagú cuid
1/16	sédéagú	an sédéagú cuid
1/17	seachtdéagú	an seachtdéagú cuid
1/18	ochtdéagú	an t-ochtdéagú cuid
1/19	naoidéagú	an naoidéagú cuid

9.6.4 AN tAINMNEOIR — 20 AGUS OS A CHIONN

Na Deiceanna

I gcás na ndeiceanna, úsáidtear an orduimhir, e.g., *fichiú, céadú, míliú*, etc.

Ainmneoirí Eile

Tugtar samplaí sa tábla seo a leanas ar an tslí a ndéileáiltear le hainmneoirí os cionn 20 seachas na deiceanna. Tabhair faoi deara gurb ionann an t-ord focal agus na maoluimhreacha ach orduimhir in ionad na maoluimhreach ag an deireadh:

<i>an mbaoluimhir</i>		<i>an codán</i>	
21	fiche a haon	1/21	an fiche aonú cuid
32	tríocha a dó	1/32	an tríocha dóú cuid
43	daichead a trí	1/43	an daichead tríú cuid
54	caoga a ceathair	1/54	an caoga ceathrú cuid
65	seasca a cúig	1/65	an seasca cúigiú cuid
76	seachtó a sé	1/76	an seachtó séú cuid
87	ochtó a seacht	1/87	an t-ochtó seachtú cuid
98	nócha a hocht	1/98	an nócha ochtú cuid
156	céad caoga a sé	1/156	an céad caoga séú cuid
2,987	dhá mhíle, naoi gcéad ochtó a seacht	1/2,987	an dá mhíle naoi gcéad ochtó seachtú cuid
3,234,567	trí mhiliún, dhá chéad tríocha is ceithre mhíle, cúig chéad seasca a seacht	1/3,234,567	an trí mhiliún, dhá chéad tríocha is ceithre mhíle, cúig chéad seasca seachtú cuid

9.6.5 AN tUIMHREOIR

Gnáthainmfhocail is ea na hainmneoirí agus leantar córas na mbunuumhreacha nuair is mó ná 1 an t-uimhreoír (eisceacht: ní shéimhítear fichiú, e.g., trí fichiú).

2–10

Tugtar samplaí sa tábla seo a leanas de chodáin nuair is uimhir idir 2 agus 10 an t-uimhreoír:

<i>an codán</i>	
3/2	trí leath
2/3	dhá thrian
5/4	cúig cheathrú
2/5	dhá chúigiú
5/6	cúig shéú
4/7	ceithre sheachtú
7/8	seacht n-ochtú
8/9	ocht naoú
9/10	naoi ndeichiú
10/3	deich dtreana
2/11	dhá aondéagú
3/12	trí dhóhdéagú
4/13	ceithre thrídéagú
5/14	cúig cheathairdéagú
6/15	sé chúigdéagú
7/16	seacht sédéagú
8/17	ocht seachtdeagú
9/18	naoi n-ochtdéagú
6/19	sé naoidéagú
3/20	trí fichiú

4/30	ceithre thríochadú
5/40	cúig dhaicheadú
6/50	sé chaogadú
7/60	seacht seascadú
8/70	ocht seachtódú
9/80	naoi n-ochtódú
10/90	deich nóchadú
9/100	naoi gcéadú
3/1,000	trí mhíliú
5/1,000,000	cúig mhilliúnú

De rogha air sin, is féidir an t-ainmfhocal *ceann/cinn* a úsáid i dteannta an réamhfhocail *de* agus an leagain iolra den ainmneoir:—

<i>an codán</i>	<i>an leagan le ceann/cinn</i>
2/21	dhá cheann d'fhiche aonuithe
3/32	trí cinn de thríocha dóithe
4/43	ceithre cinn de dhaichead tríthe
5/54	cúig cinn de chaoga ceathruithe
6/65	sé cinn de sheasca cúigithe
7/76	seacht gcinn de sheachtó séithe
8/87	ocht gcinn d'ochtó seachtuithe

9/98	naoi gcinn de nócha ochtuithe
10/156	deich gcinn de chéad caoga séithe
2/2,987	dhá cheann de dhá mhíle, naoi gcéad ochtó seachtuithe
3/3,234,567	trí cinn de thrí mhilliún, dhá chéad tríocha is ceithre mhíle, cúig chéad seasca seachtuithe

9.6.6 NA CODÁIN NUAIR IS MÓ NÁ 10 AN tUIMHREOIR

Nuair is mó ná 10 an t-uimhreoír, is féidir córas na mbunúimhreacha a úsáid nó, de rogha air sin, maoluimhreacha a úsáid mar seo a leanas:

an t-uimhreoír (á lua mar mhaoluimhir) + **de** + iolra an ainmneora

Léirítear roinnt codán anseo agus iad á gcur in iúl de réir chóras na mbunúimhreacha le hais maoluimhreacha móide *de* agus iolra an ainmneora:

<i>an codán</i>	<i>an leagan le bunúimhreacha</i>	<i>maoluimhreacha móide de</i>
11/2	aon leath déag	a haon déag de leatha
12/3	dhá thrian déag	a dó dhéag de thrianta
13/4	trí cheathrú dhéag	a trí déag de cheathrúna
14/5	ceithre chúigiú dhéag	a ceathair déag de chúigithe
15/6	cúig shéú dhéag	a cúig déag de shéithe
16/7	sé sheachtú dhéag	a sé déag de sheachtuithe
17/8	seacht n-ochtú dhéag	a seacht déag d'ochtuithe
18/9	naoi n-ochtú dhéag	a hocht déag de naoithe
19/12	naoi ndóhdhéagú dhéag	a naoi déag de dhóhdhéaguithe

9.6.7 AN tUIMHREOIR: 20 AGUS OS A CHIONN

<i>an codán</i>	<i>an leagan le bunuimbreacha</i>	<i>maoluimbreacha móide de</i>
20/19	fiche naoidéagú	fiche de naoidéaguithe
23/19	trí naoidéagú is fiche	fiche a trí de naoidéaguithe
32/18	dhá ochtdéagú is tríocha	tríocha a dó d'ochtdéaguithe
45/17	cúig sheachtdéagú is daichead	daichead a cúig de sheachtdéaguithe
52/16	dhá shédéagú is caoga	caoga a dó de shédéaguithe
65/15	cúig chúigdéagú is seasca	seasca a cúig de chúigdéaguithe
74/14	ceithre cheathairdéagú is seachtó	seachtó a ceathair de cheathairdéaguithe
87/13	seacht dtrídéagú is ochtú	ochtó a seacht de thrídéaguithe
98/12	ocht ndóhdéagú is nócha	nócha a hocht de dhóhdéaguithe
29/15	naoi gcúigdéagú is fiche	fiche a naoi de chúigdéaguithe
123/12	céad fiche is trí dhóhdéagú	céad fiche a trí de dhóhdéaguithe
9,753/17	naoi míle, seacht gcéad, caoga is trí sheachtdéagú	naoi míle, seacht gcéad, caoga a trí de sheachtdéaguithe
2,987,654/13	dhá mhilliún, naoi gcéad ochtó seacht míle, sé chéad caoga is ceithre thrídéagú	dhá mhilliún, naoi gcéad ochtó seacht míle, sé chéad caoga a ceathair de thrídéaguithe

9.6.8 UIMHREOIRÍ AGUS/NÓ AINMNEOIRÍ MÓRA

- Nuair is mó ná 10 an t-uimhreoir agus nuair is mó ná 20 an t-ainmneoir, is fearr an leagan le maoluimhreacha móide an réamhfhocal *de* agus iolra an ainmneora a úsáid.
- Is féidir freisin leas a bhaint as dhá mhaoluimhir agus an réamhfhocal *ar* eatarthu chun codán a chur in iúl, e.g., *a haon ar a deich (1/10), a trí ar a cúig (3/5), a ceathair ar a naoi déag (4/19), ceithre chéad tríocha a seacht ar chúig chéad míle daichead a trí (437/500,043).*

<i>an codán</i>	<i>maoluimhreacha móide de</i>	<i>maoluimhreacha móide ar</i>
23/29	fiche a trí d'fhiche naoithe	fiche a trí ar fhiche a naoi
13/30	a trí déag de thríochaduithe	a trí déag ar thríocha
61/66	seasca a haon de sheasca séithe	seasca a haon ar sheasca a sé
32/81	tríocha a dó d'ochtó aonuithe	tríocha a dó ar ochtó a haon
74/83	seachtó a ceathair d'ochtó tríthe	seachtó a ceathair ar ochtó a trí
81/84	ochtó a haon d'ochtó ceathruithe	ochtó a haon ar ochtó a ceathair
87/97	ochtó a seacht de nócha seachtuithe	ochtó a seacht ar nócha a seacht
847,563/1,128,497	ocht gcéad daichead a seacht míle, cúig chéad seasca a trí de mhilliún, céad fiche is a hocht míle, ceithre chéad nócha seachtuithe	ocht gcéad daichead a seacht míle, cúig chéad seasca a trí ar mhilliún, céad fiche a hocht míle, ceithre chéad nócha a seacht

9.7 AIDIACHTAÍ LEIS NA hUIMHREACHA

9.7.1 AN BHUNUIMHIR

Tabhair faoi deara:—

- ar lorg na bunuimhreach 1, uimhreacha eile a chríochnaíonn ar 1 (seachas 11), agus iolruithe ar 10 ó 20 ar aghaidh, is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal (sa tuiseal ainmneach, cuspóireach agus tabharthach) agus í ar aon inscne leis an ainmfhocal.
- ar lorg na n-uimhreacha eile go léir san ainmneach, bíonn an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í.
- sa tuiseal ginideach, téann athrú foirme de réir inscne ar aidiacht atá ag cáiliú ainmfhocail sa ghinideach i ndiaidh 1 agus uimhreacha faoi bhun 100 a chríochnaíonn ar 1 (seachas 11), e.g. *ag oscailt aon leabhair mhóir amháin/ aon fhuinneoige móire amháin, ag oscailt aon leabhair mhóir amháin is fiche/ aon fhuinneoige móire amháin is fiche*, etc. ach *ag oscailt aon leabhar déag mhóra/ag oscailt aon fhuinneog déag mhóra*.
- i ngach cás eile, leantar an córas thíos sa tuiseal ginideach freisin.
- leantar na rialacha céanna i gcás gur ina figiúr nó ina figiúir a scríobhtar an uimhir.
- ó thaobh comhréire de, is é an nós atá ann an focal *déag* a chur roimh aon aidiacht/ aidiachtaí atá ag gabháil leis an ainmfhocal.

1–20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	aon leabhar mór amháin/ aon fhuinneog mhór amháin	11	aon leabhar déag mhóra
2	dhá leabhar mhóra	12	dhá leabhar déag mhóra
3	trí leabhar mhóra	13	trí leabhar déag mhóra
4	ceithre leabhar mhóra	14	ceithre leabhar déag mhóra

5	cúig leabhar mhóra	15	cúig leabhar déag mhóra
6	sé fhuinneog mhóra	16	sé fhuinneog déag mhóra
7	seacht bhfuinneog mhóra	17	seacht bhfuinneog déag mhóra
8	ocht bhfuinneog mhóra	18	ocht bhfuinneog déag mhóra
9	naoi bhfuinneog mhóra	19	naoi bhfuinneog déag mhóra
10	deich bhfuinneog mhóra	20	fiche fuinneog mhór

Os cionn 20

Tugtar roinnt samplaí sa tábla seo a leanas de na huimhreacha os cionn 20:

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
21	aon leabhar mór amháin is fiche/ aon fhuinneog mhór amháin is fiche	576	cúig chéad, seachtó is sé leabhar mhóra
32	dhá leabhar mhóra is tríocha	789	seacht gcéad, ochtó is naoi leabhar mhóra
43	trí leabhar mhóra is daichead	1,000	míle leabhar mór
54	ceithre leabhar mhóra is caoga	6,301	sé mhíle, trí chéad is aon fhuinneog mhór amháin
65	cúig leabhar mhóra is seasca	10,000	deich míle fuinneog mhór
76	sé fhuinneog mhóra is seachtó	15,712	cúig mhíle dhéag, seacht gcéad is dhá fhuinneog déag mhóra
87	seacht bhfuinneog mhóra is ochtó	200,326	dhá chéad míle, trí chéad fiche is sé fhuinneog mhóra
98	ocht bhfuinneog mhóra is nócha	500,000	cúig chéad míle fuinneog mhór
100	céad fuinneog mhór	1,000,000	milliún leabhar mór

123	céad fiche is trí fhuinneog mhóra	2,305,617	dhá mhilliún, trí chéad is cúig mhíle, sé chéad is seacht bhfuinneog déag mhóra
-----	-----------------------------------	-----------	---

9.7.2 AIDIACHTAÍ LEIS NA LEAGANACHA IOLRA

Tabhair faoi deara:—

- ar lorg na bunuimhreach 1, uimhreacha eile a chríochnaíonn ar 1 (seachas 11), agus iolruithe ar 10 ó 20 ar aghaidh, is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal (sa tuiseal ainmneach, cuspóireach agus tabharthach) agus í ar aon inscne leis an ainmfhocal.
- cuirtear an aidiacht san uimhir iolra i ndiaidh an leagain iolra ach ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht sa chás go gcríochnaíonn an leagan iolra sin ar ghuta nó ar chonsan leathan.
- séimhítear an aidiacht i ndiaidh na leaganacha iolra *cinn* agus *fichid*.
- sa tuiseal ginideach, téann athrú foirme de réir inscne ar aidiacht atá ag cáiliú ainmfhocail sa ghinideach i ndiaidh 1 agus uimhreacha faoi bhun 100 a chríochnaíonn ar 1 (seachas 11).
- ní dhéantar infhillleadh an ghinidigh ar aidiachtaí a ghabhann le huimhreacha in aon chás eile.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	aon bhliain mhaith amháin bliain mhaith amháin aon bhád mór amháin bád mór amháin	11	aon uair déag chiúine
2	dhá cheann bhána	12	dhá chloigeann déag mhaola
3	trí cinn dhubha	13	trí bliana déag maithe
4	ceithre cloigne maola	14	ceithre cinn déag bhána
5	cúig cinn mhóra	15	cúig pingine déag salacha
6	sé troithe dearga	16	sé cloigne déag maola
7	seacht bpingine beaga	17	seacht gcinn déag mhóra
8	ocht seachtaine fada	18	ocht dtroithe déag dearga
9	naoi mbliana fada	19	naoi bpingine déag beaga

10	deich dtroithe buí	20	fiche bliain fhada
----	--------------------	----	--------------------

Tugtar roinnt samplaí sa tábla seo a leanas de na huimhreacha os cionn 20:

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
21	aon bhliain mhaith amháin is fiche	576	cúig chéad, seachtó is sé seachtaine fada
32	dhá cheann bhána is tríocha	789	seacht gcéad, ochtó is naoi gcloigne maola
43	trí cinn dhubha is daichead	1,000	míle bliain fhada
54	ceithre cloigne maola is caoga	6,301	sé mhíle, trí chéad is aon troigh dhearg amháin
65	cúig cinn mhóra is seasca	10,000	deich míle troigh bhuí
76	sé troithe dearga is seachtó	15,712	cúig mhíle dhéag, seacht gcéad is dhá chloigeann déag mhaola
87	seacht bpingine beaga is ochtó	200, 326	dhá chéad míle, trí chéad fiche is sé pingine salacha
98	ocht seachtaine fada is nócha	500,000	cúig chéad míle ceann mór
100	céad troigh bhuí	1,000,000	milliún bliain fhada
123	céad fiche is trí bliana maithe	2,305,617	dhá mhilliún, trí chéad is cúig mhíle, sé chéad is seacht mbliana déag fada

ROGHA

Nuair a bhíonn aidiacht ag gabháil le bunuimhir sna déaga, is minic a bhaintear úsáid as leagan iolra an ainmfhocail *ceann (cinn)* i dteannta an réamhfhocail *de* in ionad an chórais atá leagtha amach thuas. Is féidir feidhm a bhaint as an múnla seo i gcás bunuimhreacha eile freisin, e.g., *seacht gcinn de bháid mhóra, trí cinn is tríocha de bháid mhóra*.

Rogha eile atá ann ná an mhaoluimhir móide an réamhfhocail *de* móide gnáthuimhir iolra an ainmfhocail agus na haidiachta a ghabhann leis, e.g., *a haon déag de bhlianta fada, tríocha a trí de bháid mhóra*.

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	aon oíche chiúin amháin	11	aon cheann déag d'oícheanta ciúine
2	dhá cheann d'oícheanta ciúine	12	dhá cheann déag d'oícheanta ciúine
3	trí cinn d'oícheanta ciúine	13	trí cinn déag d'oícheanta ciúine
4	ceithre cinn d'oícheanta ciúine	14	ceithre cinn déag d'oícheanta ciúine
5	cúig cinn d'oícheanta ciúine	15	cúig cinn déag d'oícheanta ciúine
6	sé cinn d'oícheanta ciúine	16	sé cinn déag d'oícheanta ciúine
7	seacht gcinn d'oícheanta ciúine	17	seacht gcinn déag d'oícheanta ciúine
8	ocht gcinn d'oícheanta ciúine	18	ocht gcinn déag d'oícheanta ciúine
9	naoi gcinn d'oícheanta ciúine	19	naoi gcinn déag d'oícheanta ciúine
10	deich gcinn d'oícheanta ciúine		

9.7.3 AIDIACHTAÍ I nDIAIDH NA nUIMHREACHA PEARSANTA

Tabhair faoi deara:—

- ar lorg na huimhreach pearsanta *beirt*, is san ainmneach iolra a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal. Fágtar lom í i gcás tréaniolraí, séimhítear í i gcás lagiolraí.
- má cháilíonn aidiacht an focal *beirt* féin, is san ainmneach iolra a bhíonn an aidiacht agus í séimhithe, e.g., *beirt óga*, *beirt mhisniúla*.
- ar lorg *triúr* ... *dháréag*, is sa ghinideach iolra a bhíonn an aidiacht a ghabhann leis an ainmfhocal, ach ní shéimhítear í.

<i>an uimhir</i>	
1	fear ciallmhar
2	beirt bhan mhisniúla beirt fhear chróga beirt scoláirí cumasacha
3	triúr fear mór triúr girseach galánta triúr bádóirí tuirseacha
4	ceathrar scoláirí maithe
5	cúigear fear inniúil
6	seisear ban cumasach
7	seachtar bádóirí óga
8	ochtar scoláirí díograiseacha
9	naonúr fear ocrach
10	deichniúr ban bríomhar
12	dháréag scoláirí borba

9.7.4 AIDIACHTAÍ LEIS NA hORDUIMHREACHA

Díochlaontar an aidiacht de réir an ainmfhocail, e.g., *an chéad bhean mhór, an chéad fhear mór, na chéad scoláirí maithe, an tríú fear mór is tríocha, an daicheadú bean mhór.*

9.8 AN tALT

9.8.1 AN tALT LEIS NA BUNUIMHREACHA

Tabhair faoi deara:—

- foirm uatha fhirinsneach an ailt a chuirtear roimh an mbunuimhir 1, uimhreacha a chríochnaíonn ar 1, agus iolraithe ar 10 ó 20 ar aghaidh, beag beann ar inscne an ainmfhocail.
- cuirtear *t* roimh an mbunuimhir *aon* ar lorg an ailt:- *an t-aon leabhar amháin*. Baintear an *t* i ndiaidh réamhfocail, e.g., *san aon leabhar amháin*.
- foirm uatha fhirinsneach an ailt freisin a chuirtear roimh an mbunuimhir *dhá* ach déantar *dá* den bhunuimhir *dhá*:- *an dá chapall*.
- is í foirm iolra an ailt a chuirtear roimh na bunuimhreacha *trí* go *naoi* agus *trí déag* go *naoi déag*.
- cuirtear *h* roimh bhunuimhir dar tús guta i ndiaidh fhoirm iolra an ailt:- *na hocht gcapall*.
- leantar an patrún céanna i gcás na n-ainmfhocail a n-úsáidtear leagan iolra díobh i ndiaidh na n-uimhreacha, e.g., *an t-aon bhliain amháin*, *an dá cheann mhóra*, *na hocht dtroithe déag*, etc.
- ní dhéanann an t-alt aon difear d'aidiacht ar lorg bunuimhreacha agus ainmfhocail.

1–20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	an t-aon chapall amháin/ an t-aon fhuinneog amháin	11	an t-aon chapall déag/ an t-aon fhuinneog déag
2	an dá chapall	12	an dá chapall déag
3	na trí chapall	13	na trí chapall déag
4	na ceithre chapall	14	na ceithre chapall déag
5	na cúig chapall	15	na cúig chapall déag
6	na sé fhuinneog	16	na sé fhuinneog déag
7	na seacht bhfuinneog	17	na seacht bhfuinneog déag

8	na hocht bhfuinneog	18	na hocht bhfuinneog déag
9	na naoi bhfuinneog	19	na naoi bhfuinneog déag
10	na deich bhfuinneog	20	an fiche fuinneog

Os cionn 20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
31	an t-aon bhád amháin is tríocha	100	an céad fuinneog
32	an dá bhliain is tríocha	122	an céad fiche is dhá fhuinneog
33	na trí oíche is tríocha	563	na cúig chéad seasca is trí bhád
44	na ceithre chapall is daichead	7,500	na seacht míle, is cúig chéad capall
45	na cúig fhuinneog is daichead	16,176	na sé mhíle dhéag, céad seachtó is sé dhuine
46	na sé leabhar is daichead	87,432	na seacht míle is ochtó, ceithre chéad tríocha is dhá sheachtain
57	na seacht méadar is caoga	257,967	an dá chéad caoga is seacht míle, naoi gcéad seasca is seacht n-úll
58	na hocht mbó is caoga	500,000	na cúig chéad míle bó
59	na naoi n-oíche is caoga	1,000,000	an milliún duine
61	an t-aon seachtain is seasca	2,437,689	an dá mhilliún, ceithre chéad tríocha is seacht míle, sé chéad ochtó is naoi mbád

9.8.2 AN tALT LEIS NA hUIMHREACHA PEARSANTA

Is é an t-alt uatha a úsáidtear roimh na huimhreacha pearsanta. Is frinsneach dóibh go léir ach amháin *beirt*.

<i>an uimhir</i>	
1	an t-aon fhear amháin /an t-aon bhean amháin
2	an bheirt bhan
3	an triúr bádóirí
4	an ceathrar scoláirí
5	an cúigear fear
6	an seisear ban
7	an seachtar bádóirí
8	an t-ochtar scoláirí
9	an naonúr fear
10	an deichniúr ban
11	an t-aon fhear déag
12	an dáréag scoláirí

9.9 AN GINIDEACH

9.9.1 NA BUNUIMHREACHA AGUS AN GINIDEACH

Tabhair faoi deara:—

- téann athrú foirme ar ainmfhocal sa ghinideach i ndiaidh *aon*, nuair nach mbíonn *déag* ag gabháil leis, e.g., *ualach aon chapaill amháin*.
- i gcás na n-uimhreacha eile, ní théann aon athrú foirme sa ghinideach ar an ainmfhocal ná ar an mbunuiimhir.

1–20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	fad aon mhéadair amháin	11	fad aon mhéadar déag
2	fad dhá mhéadar	12	fad dhá mhéadar déag
3	fad trí mhéadar	13	fad trí mhéadar déag
4	fad ceithre mhéadar	14	fad ceithre mhéadar déag
5	fad cúig mhéadar	15	fad cúig mhéadar déag
6	tréimhse sé oíche	16	tréimhse sé oíche dhéag
7	tréimhse seacht n-oíche	17	tréimhse seacht n-oíche dhéag
8	tréimhse ocht n-oíche	18	tréimhse ocht n-oíche dhéag
9	tréimhse naoi n-oíche	19	tréimhse naoi n-oíche dhéag
10	tréimhse deich n-oíche	20	tréimhse fiche oíche

Na Deiceanna

<i>an uimhir</i>	
20	meáchan fiche leabhar
30	achar tríocha méadar
40	lastas daichead bád
50	ag staidéar caoga ábhar
60	bainne seasca bó
70	tréimhse seachtó bliain
80	gaois ochtó cloigeann
90	luach nócha pingin

Os cionn 20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
31	fad aon bháid amháin is tríocha	100	stáblaí céad capall
32	tréimhse dhá bhliain is tríocha	122	costas céad fiche is dhá fhuinneog
33	fad trí oíche is tríocha	563	seolta cúig chéad seasca is trí bhád
44	stáblaí ceithre chapall is daichead	7500	cosa seacht míle cúig chéad capall
45	ag dúnadh cúig fhuinneog is daichead	16,176	glórtha sé mhíle dhéag, céad seachtó is sé dhuine
46	leathanaigh sé leabhar is daichead	87,432	fad seacht míle is ochtó, ceithre chéad tríocha is dhá sheachtain

57	ag tomhas seacht méadar is caoga	257,967	meáchan dhá chéad caoga is seacht míle, naoi gcéad seasca is seacht n-úll
58	ag ceannach ocht mbó is caoga	500,000	cosa cúig chéad míle bó
59	fad naoi n-oíche is caoga	1,000,000	glórtha milliún duine
60	fad seasca oíche	2,437,689	seolta dhá mhilliún, ceithre chéad tríocha is seacht míle, sé chéad ochtó naoi mbád

9.9.2 TUISEAL GINIDEACH NA mBUNUIMHREACHA I ndIAIDH AN AILT

Tabhair faoi deara:—

- de réir inscne an ainmfhocail, úsáidtear *an* nó *na* sa tuiséal ginideach roimh an mbunúimhir *aon* nuair nach mbíonn *déag* ag gabháil leis.
- más ainmfhocal baininscneach atá i gceist, ní foláir *b* a chur roimh an mbunúimhir *aon*, e.g.: *i gcaitheamb na haon oíche amháin sin.*
- más ainmfhocal firinscneach atá i gceist, baintear an *t* roimh an mbunúimhir *aon*, e.g.: *ar feadh an aon lae amháin sin.*
- déantar *dá* de *dhá* i ndiaidh *an*.
- i gcás na mbunúimhreacha *trí* go *deich*, uraítear na bunúimhreacha inuraithe (*trí*, *ceithre*, *cúig*, *ocht*, *deich*) sa tuiséal ginideach i ndiaidh an ailt (*na*).
- i gcás na n-uimhreacha eile, imríonn an t-alt ar thúsleitir na huimhreach mar a d'ímreodh ar ainmfhocal firinscneach ach ní shéimhítear *f* ná *s*.

1–20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
1	tréimhse na haon bhliana amháin/ualach an aon chapail amháin	11	stábla an aon chapall déag/ag oscailt na haon fhuinneog déag
2	luach an dá theach	12	tréimhse an dá bhliain déag
3	meáchan na dtrí bhó	13	innill na dtrí ghluaisteán déag

4	gaois na gceithre cloigne	14	leathanaigh na gceithre leabhar déag
5	ag dúnadh na gcúig fhuinneog	15	fad na gcúig oíche dhéag
6	fad na sé bliana	16	gaois na sé cloigne déag
7	ualach na seacht gcapall	17	géaga na seacht gcrann déag
8	seolta na n-ocht mbád	18	talamh na n-ocht bhfeirmeoir déag
9	leithead na naoi gcinn	19	deireadh na naoi seachtaine déag
10	achar na ndeich ngairdín	20	ag oscailt an fiche fuinneog

Na Deiceanna

<i>an uimhir</i>	
20	meáchan an fiche leabhar mór
30	achar an tríocha méadar glas
40	lastas an daichead bád beag
50	ag staidéar an caoga ábhar suimiúil
60	bainne an seasca bó bhán
70	tréimhse an seachtó bliain fhada
80	gaois an ochtó cloigeann maol
90	luach an nócha pingin beag

Os cionn 20

<i>an uimhir</i>		<i>an uimhir</i>	
31	fad an aon bháid amháin is tríocha	100	stáblaí an chéad capall
32	tréimhse an dá bhliain is tríocha	122	costas an chéad fiche is dhá fhuinneog
33	fad na dtrí oíche is tríocha	563	seolta na gcúig chéad seasca is trí bhád
44	stáblaí na gceithre chapall is daichead	7,500	cosa na seacht míle is cúig chéad capall
45	ag dúnadh na gcúig fhuinneog is daichead	16,176	glórtha na sé mhíle dhéag, céad seachtó is sé duine
46	leathanaigh na sé leabhar is daichead	87,432	fad na seacht míle is ochtó, ceithre chéad tríocha is dhá sheachtain
57	ag tomhas na seacht méadar is caoga	257,967	meáchan an dá chéad caoga is seacht míle, naoi gcéad seasca is seacht n-úll
58	ag ceannach na n-ocht mbó is caoga	500,000	cosa na gcúig chéad míle bó
59	fad na naoi n-oíche is caoga	1,000,000	glórtha an mhilliún duine
60	fad an seasca oíche	2,437,689	seolta an dá mhilliún, ceithre chéad tríocha is seacht míle, sé chéad ochtó naoi mbád

9.9.3 NA hUIMHREACHA PEARSANTA SA TUISEAL GINIDEACH

<i>an uimhir</i>	
1	hata fir
2	páistí beirt bhan

3	báid triúr bádóirí
4	torthaí ceathrar scoláirí
5	gaolta cúigear fear
6	páistí seisear ban
7	long seachtar bádóirí
8	torthaí ochtar scoláirí
9	talamh naonúr fear
10	airgead deichniúr ban
12	soitheach dháréag bádóirí

9.9.4 NA hUIMHREACHA PEARSANTA SA TUISEAL GINIDEACH I nDIAIDH AN AILT

Ní théann athrú foirme sa ghinideach ar an uimhir phearsanta ná ar an ainmfhocal ar a lorg ach san áit a mbíonn an t-alt roimh an uimhir phearsanta *beirt*, e.g., *clann na beirte deartháireacha*.

Nuair a bhíonn ainmfhocal ar lorg na n-uimhreacha pearsanta, imríonn an t-alt ar thúsleitir na n-uimhreacha pearsanta mar a d'imreodh ar ghinideach aon ainmfhocail uatha eile:—

<i>an uimhir</i>	
1	hata an fhir
2	páistí na beirte ban
3	báid an triúr bádóirí
4	torthaí an cheathrar scoláirí

5	gaolta an chúigear fear
6	páistí an tseisear ban
7	long an tseachtar bádóirí
8	torthaí an ochtar scoláirí
9	talamh an naonúr fear
10	airgead an deichniúr ban
12	soitheach an dáréag bádóirí

9.9.5 NA hORDUIMHREACHA SA TUISEAL GINIDEACH

- i gcás an fhocail *céad*, díochlaontar an t-ainmfhocal ina dhiaidh agus géilleann an t-alt d'uimhir agus d'inscne an ainmfhocail, e.g., *an chéad fhear, clann an chéad fhir; an chéad bhean, clann na chéad mhná*.
- i gcás na n-orduimhreacha eile go léir, ní dhéantar díochlaonadh riamh ar an ainmfhocal, e.g., *mac an dara bean, mac an dara fear*.
- cailltear an *t* roimh *aonú* agus *ochtú*, e.g., *an t-aonú bliain déag, tús an aonú bliain déag, an t-ochtú haois déag, tús an ochtú haois déag*.
- ní dhéantar aon athrú tosaigh ar na horduimhreacha i ndiaidh an ailt, e.g., *bróga an cúigiú girseach, lucht an seachtú hoifig*.
- i gcás uimhreacha arda, séimhítear an chéad uimhir sa tsraith, e.g., *tús an mhilliún, cúig chéad seachtó is cúigiú bliain*.

CAIBIDIL 10 / NA hATHRUITHE TOSAIGH

10.1 SÉIMHIÚ

Scríobhtar séimhiú ar na consain go léir ach amháin *h, l, n, r, v* (agus, dar ndóigh, *j, k, q, w, x, y, z*) agus *s* roimh *c, f, m, p, t, v*.

10.1.1 SÉIMHIÚ AR AINMFHOCAIL

A. I nDIAIDH AN AILT (mura *d, t, s* an túsconsan):—

(a) san ainmneach uatha baininsneach, e.g., *an bhean*;

(b) sa ghinideach uatha firinsneach, e.g., *mac an fhir*;

(c) sa tabharthach uatha, i roinnt cásanna nuair a ghabhann réamhfhocal leis an alt de réir chóras an tséimhithe nó an chórais sheanbhunaithe (féach Caibidil 1).

B. I nDIAIDH NA MÍRE GAIRMÍ — san uatha agus san iolra, firinsneach agus baininsneach, e.g., *a dhuine chóir; a chailleach chrón!; a Ghaela!*

C. I nDIAIDH AIDIACHTA:—

(a) na haidiachtaí sealbhacha *mo, do, a* (firinsneach uatha), e.g., *mo mhac, do theach, a pheann*;

(b) an aidiacht rannach *uile*, e.g., *an uile fhocal, gach uile sheachtain*;

(c) na huimhreacha *aon* agus *chéad*, mura *d, t, s*, an túsconsan; *dhá* mura mbíonn ceann de na haidiachtaí sealbhacha *ár, bhur, a* (3 p. *uath., b.,* agus *iol.*) roimhe (féach Caibidil 8); agus *trí, ceithre, cúig, sé*, mura bhfuil an t-ainmfhocal san iolra e.g., *aon chailín amháin, an chéad bhróg, dhá chapall, trí bhád, ceithre bhó, cúig mhála, sé theach*.

D. I nDIAIDH RÉAMHFHOCAL SIMPLÍ:—

(a) *de, do* (agus *a > do*, e.g. *obair a dhéanamh*), *faoi, ionsar, mar, ó, roimh, trí, um*, e.g., *de Sheán, do bhuaicailí, faoi bhord, ionsar Sheán, mar dhuine, ó bhéal, roimh mbaidín, trí chalaois, um Shambain*.

Ciorraítear na réamhfhocail *do* agus *de* go dtí *d'* roimh ainmfhocail dar tús guta nó *f* + guta, e.g., *d'athair Sheáin, d'fhoghlaimoírí Gaeilge*; ach ní dhéantar sin i gcás *f* + consan — *do Fhraincigh*.

Ní shéimhítear *b, m* ná *p* tar éis *um*, e.g., *an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta*.

(b) *ar*, e.g., *ar bhád, ar charraig, ar dhaoine*; ach ní shéimhítear i gcás abairtíní dobhriathartha ná ainmneacha briathartha a chuireann staid nó suíomh i gcéill, e.g., *ar ball, ar bord (loinge), ar deireadh, ar fad, ar meisce, ar muir agus ar tír, ar tiús, ar bogadh, ar crochadh, ar fáil, ar siúl*—ach *ar fheabhas, ar shiúl* (= imithe).

(c) *gan*, ar an bhfocal aonair mura *d, t, s* nó *f* an túsconsan, e.g., *gan chuid, gan chiall, gan mhaithe, gan mheabhair, gan bhréag*, ach *gan dearmad, gan sagart, gan tine, gan feoirling* (eisceacht: *gan fhios*).

Ní chuirtear séimhiú ar an bhfo-rá ná ar ainmfhocal a bhfuil aidiacht nó fochlásal ag gabháil leis, e.g., *gan pingín rua, gan ciall linbh, gan brí ar bith, gan corraí as an áit, gan misneach a chailleadh*.

(d) *idir*:—

(i) séimhiú nuair is é araon atá i gceist, e.g., *idir bheag agus mhór, idir chailíní agus bhuaicailí, idir fhocail agus phictiúir* (ach ní shéimhítear an dara hainmfhocal i gcás gur le *d, t, s* a thosaíonn sé, e.g., *idir shúgradh is dáiríre, idir mhmá rialta agus sagairt*),

ach

(ii) *gan* séimhiú nuair is eatarthu atá i gceist, e.g., *idir Corcaigh agus Gaillimh, idir breith agus baisteadh, idir meán oíche agus breacadh an lae, troid idir beirt fhear, idir tithe, idir béilí*.

(e) *thar*, e.g., *léim sé amach thar gheata ard, ní raibh thar chúigear acu ann, ní fíú thar phingín é, níor fhan sé thar bhliain ann* — ach ní shéimhítear i gcás abairtíní dobhriathartha, e.g., *thar bráid, thar sáile, thar tír, thar toinn*.

Nóta:— ní bhíonn séimhiú ar lorg *ag, ambail, as, chuig, dar, go (dtí), i, le, os, seachas*.

E. I ndIAIDH RÉAMHFHOCAL COMHSHUITE — séimhítear ainmfhocal cinnte (féach an míniú ar ainmfhocal cinnte i gCaibidil 3) agus ainmfhocal dílis i ndiaidh réamhfhocal comhshuite a leanann an ghinideach é, e.g., *ar aghaidh dhoras an tséipéil, os comhair Sheáin, in aice Bhaile Átha Cliath, i láthair bhean an tí* (ach ní shéimhítear iad i ndiaidh *chun, e.g., chun Seáin*). Ní shéimhítear ainmfhocal éiginnte ach i gcorrabairt sheanbhunaithe, e.g., *tar éis bháis*.

F. SÉIMHIÚ AR AINMFHOCAL ÉIGINNTE I ndIAIDH AINMFHOCAL EILE:—

- Má tá ainmfhocal (nach ainm dílis) sa ghinideach ag brath ar ainmfhocal baininsneach uatha (nach bhfuil sa ghinideach), nó ar ainmfhocal firinsneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol, cuirtear séimhiú air nó fágtar é gan séimhiú faoi réir na rialacha atá leagtha amach anseo thíos.
- Bíonn dhá phríomhfheidhm leis an tuiseal ginideach i gcásanna den sórt sin: mar ghinideach aidiachtach agus mar ghinideach comhbhainte. Tugtar treoir ghinearálta sa bhosca thíos (leathanach 200) maidir leis an dá phríomhfheidhm sin. Sna leathanaigh a leanas, tugtar mionsonraí ina dtaobh dóibh siúd a dteastaíonn tuilleadh eolais uathu.
- **Riail maidir le *d, n, t, l* agus *s* agus *f*:** ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús na litreacha *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*; ná ní iondúil ainmfhocail éiginnte dar tús *f* a shéimhiú tar éis ainmfhocal eile:—

báid seoil, capaill seilge, turais taighde, caighdeáin tástála, saighead draíochta, saotharlann taighde, téad tíre, bean tí, cúirt dúiche, beirt dochtúirí (eisceachtaí: *áit dhúchais, maidin shamhraidh*); *searraigh foláiochta, beithigh feirme, botháin freastail, bean feasa, oíche filíochta, sochaí faisnéise, teicneolaíocht faisnéise*.

- Ní shéimhítear ainmfhocal i ndiaidh ainmfhocal firinsneach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol sa ghinideach, e.g., *bord údarais creidiúnúcháin, feidhmiú an achtacháin cánachais sin, síniú an choinbhinsiúin cóipchirt*.

TREOIR

Ginideach Aidiachtach: Séimhiú

Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar cháiliú simplí ar an gcéad ainmfhocal mar a dhéanfadh aidiacht, e.g., *oíche ghaoithe* (oíche ghaofar), *bileog pháipéir* (bileog atá déanta as páipéar), *bean chéile*, *culaith chadáis*, *gaoth mhara*, *saoire bhreiteachta*, *uimhir theileafóin*.

Ní bhíonn séimhiú ar an dara hainmfhocal má dhéantar an dara hainmfhocal a cháiliú le ginideach cáilíochta eile nó le haidiacht, e.g., *oíche gaoithe móire*, *culaith cadáis Éigiptigh*.

Ginideach Combhainte: Gan Séimhiú

Léiríonn an dara hainmfhocal cad leis a mbaineann an chéad ainmfhocal, nó cén earnáil lena mbaineann sé, nó cad chuige é, etc. Feidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú, e.g., *cos cathaoireach*, *foinse solais*, *scéim teanga*, *baill coiste*, *duáin cailín*, *cumais combhairleora*.

1. Ginideach Aidiachtach — Séimhiú

(a) ginideach aidiachtach simplí

- (i) má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc shimplí ar chineál, ar bhunús nó ar fhoinse an chéad ainmfhocail*:

bean ghnó, *bean chabhartha*, *lámh chúnta*, *mí ghealaí*, *bliain chánach*, *bliain bhisigh*, *gairm bheatha*, *bean chéile*, *obair bhaile*, *obair pholaitíochta*, *obair thalmhaíochta*, *uimhir theileafóin*, *foinse bhéil*, *cáis ghabhair*, *ubh chirce*, *ubh ghé*, *feoil chapaill*, *ola mbianra*, *tír dhúchais*, *eitinn bhólachta*, *bó bhainne*, *méar thosaigh*, *méar thánaiste*, *gloine bheorach* (= gloine le haghaidh beorach), *uirlis cheoil*, *gaoth mhara*, *culaith gharda* (= culaith le haghaidh garda), *saoire mháithreachais*, *saoire bhreiteachta*, *cáin chorparáide*, *aicme cheannais*, *leabhair ghramádaí*, *éin chlóis*, *dualgais bhreise*, *portaigh mhóna*;

nó

- (ii) má léiríonn sé ábhar an chéad ainmfhocail:

cathaoir shúgáin, *suil ghloine*, *culaith bhréidín*, *coinneal chéarach*, *cos chrainn* (= cos adhmaid) (féach 2(b)(i) thíos), *cloch shneachta*, *monarcha bhrící* (= monarcha atá déanta as brící), *bileog pháipéir*, *mias chré-umba*, *braillín chadáis*, *foirgnimh bhrící* (= foirgnimh atá déanta as brící).

* Ní shéimhítear an focal *sí* riamh, e.g., *bó sí*, *fir sí*.

(b) ginideach comhaisnéise i gcás ainmhithe nó nithe

más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocal agus más ainmhí nó ní atá i gceist, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc ar chineál an chéad ainmfhocail:—

cráin mhuice, stail chapaill, púróg chloiche, cabaireacht chainte;

(ach ní shéimhítear ginideach comhaisnéise nuair is daoine atá i gceist: *baintreach fir, óinseach mná* (féach 2(i) thíos).

(c) ginideach cainníochta cinnte

má tá brí cainníochta cinnte leis an gcéad ainmfhocal, glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal mar thuirisc ar an gcéad ainmfhocal:—

cloch mhine, deoir dhrúchta, deoir bhainne, glac mhine;

(ach ní shéimhítear ginideach cainníochta más aonad cainníochta fisiciúla de dhéantús an duine atá i gceist: *gloine beorach* (= gloine de bheoir), *mias cáise* (féach 2 (e) (ii) thíos).

(d) *beirt* agus *dís*

glactar leis go bhfeidhmíonn an dara hainmfhocal a chuirtear leis an dá ainmfhocal seo mar cháiliú orthu:—

beirt bhan, beirt chigirí, dís fhear, dís bhreithiúna.

Tabhair faoi deara:—

- Chun gach ceann de na leaganacha thuas a dhéanamh cinnte, cuirtear an t-alt roimh an gcéad ainmfhocal.
- Má chuirtear ginideach aidiachtach eile nó aidiacht mar cháiliú leis an dara hainmfhocal, ní ginideach aidiachtach a thuilleadh é agus, mar sin, ní shéimhítear é, e.g., *oíche gaoithe móire* (oíche ar shéid gaoth láidir lena linn), *bileog páipéir dúigh* (bileog atá déanta as páipéar dúigh).
- Is féidir an chéad ainmfhocal a cháiliú gan difear a dhéanamh don bhrí, e.g., *dleacht mháil* agus *dleacht mháil tíre iasachta, súil ghloine* agus *súil ghloine Thaidhbh*.

2. Ginideach Comhbhainte — Gan Séimhiú

(a) ginideach comhbhainte simplí

má fheidhmíonn an dara hainmfhocal mar chomhlánú ar an gcéad ainmfhocal trí chomhbhaint a léiriú:—

aicme ceadúnais, foínse béaloidis, foínse solais, feidhm dlí, faí cloig, sábháilteacht ceirde, deirfiúr céile, rialacháin breosla, ceadúnais móna, baill coiste, oifigigh sábháilteachta.

(b) seilbh dhílis

(i) más ball beatha de chuid ainmhí nó duine, nó más páirt de rud, atá i gceist:—

adharc bó, aghaidh mná, cos capaill, lámh cailín, súil buachalla, iall bróige, tairseach bus, stiúir báid, ciumbais coille, cos cathaoireach, crúb cait, fóir poirt, slis ciste, cos crainn (= bun crainn), imill bóthair, duáin cailín, lánais cláir;

(Eisceachtaí: nuair is ábhar bia nó úsáid mheafarach in ainmneacha ainmhithe nó plandaí, etc. atá i gceist, séimhítear an dara hainmfhocal, e.g., saill mhúice, leis chirce, cos ghe, cluas chait);

(ii) más gaol idir daoine (gaol clainne nó teaghlaigh) atá i gceist:—

iníon mná, máthair buachalla, bean cócaire, mic mná.

(c) úinéireacht

má tá úinéireacht nó seilbh nach seilbh dhílis i gceist:—

deoch madra, casóg páiste, culaith garda (= culaith ar le garda í), feidhm gníomhaireachta, buidéal páiste, leabhair buachalla, cleachtais cuideachta, dualgais gníomhaireachta, capaill monarchan.

(d) tréith

más ainmfhocal teibí é an chéad ainmfhocal agus má léiríonn sé tréith de chuid an dara hainmfhocal:—

breáthacht mná, finne maidine, laige páiste, airde cailín, nirt mná, cumais combhairleora;

ach más ginideach ainm bhriathartha nó ginideach comhaisnéise é an dara hainmfhocal, glactar leis gur cáiliú é ar an gcéad ainmfhocal agus séimhítear é:—

cúis mhagaidh, pusail ghoil;

Nóta: má tá brí nithiúil agus brí theibí leis an ainmfhocal céanna, pléitear leis an ainmfhocal de réir na brí atá i gceist — *fadhb chloiche* (faoi 1(a)(ii) thuas) ach *fadhb taighde*.

(e) ginideach cainníochta éiginnte

(i) má tá brí cainníochta éiginnte leis an gcéad ainmfhocal:—

ailp feola, barraíocht plámáis, breis bainne, a chuid cabaireachta, díth céille, easpa tobac, iomarca cainte, roinnt blianta, aistir móna, taoscáin branda;

(ii) má tá brí aonaid cainníochta de dhéantús an duine leis an gcéad ainmfhocal:—

gloine ceirtlise (= gloine de cheirtlis), *mias cáise, umair bainne, tancaeir peitрил, buicéid coincréite*.

(f) cnuasainmneacha

más cnuasainm nó ainmfhocal a chuireann grúpa in iúl é an chéad ainmfhocal agus más ginideach iolra é an dara hainmfhocal a chuireann in iúl cé dóibh nó cad dóibh a bhfuiltear ag tagairt:—

sáithe beach, scuaine gasúr, sealbh caorach, táin bó, foireann peileadóirí, nead bithiúnach, corróg bláthanna, buíon gadaithe, meitheal ban, (eisceacht: clann mhac), pobail cainteoirí.

(g) aonaid ama

(i) más aonad ama an chéad ainmfhocal agus é in úsáid mar aonad tomhais:—

mí saoire, ráithe tuairiscithe; nóiméid breisama;

(ii) más aonad ama an dara hainmfhocal:—

saoire míosa, tréimhse bliana, tréimhse seachtaine; tuarastail míosa, tuairisceáin bliana;

(ach is iondúil go séimhítear an dara hainmfhocal nuair is ginideach aidiachtach simplí atá i gceist: *láireog bhliana; uain bhliana*).

(b) ainmneacha briathartha

(i) ainmní nó gníomhaí

ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocal an t-ainmní nó an gníomhaí:—

géimneach bó, gáir cailli, mallacht mná, eascaine baintrí, léim capaill, ide béil, coiscéim coiligh, obair polaiteoirí, clamhsáin custaiméara, luaidreáin margaidh;

(ii) cuspóir

ar lorg ainm briathartha nó ainmfhocail a chuireann gníomh in iúl, sa chás gurb é an dara hainmfhocal an cuspóir, cibé acu atá réamhfhocal roimh an ainm briathartha nó nach bhfuil:—

oiliúint múinteoirí, tástáil páirteanna, eisiúint preasráiteas, giniúint cumhachta, ag tógáil potaí, ceartúcháin profa, réitigh conspóide;

(ach i gcorleagan seanbhunaithe i gcás ainm briathartha a bhfuil réamhfhocal roimhe, séimhítear an dara hainmfhocal, e.g., *ag fáil bháis*);

(iii) idirdhealú

más ainm briathartha an dara hainmfhocal agus más ionann foirm do thuiséal ginideach an ainm bhriathartha agus don aidiacht bhriathartha:—

áis caomhnaithe (= áis chun caomhnú a dhéanamh) ach *áis chaomhnaithe* (= áis atá caomhnaithe), *cuideachta glactha*, *buíon cosanta*, *caisleáin cosanta* (= caisleáin chun cosaint a dhéanamh) ach *caisleáin chosanta* (= caisleáin atá cosanta), *caighdeáin forbartha* (= caighdeáin chun forbairt a dhéanamh) ach *caighdeáin fhorbartha* (= caighdeáin atá forbartha).

(i) ginideach comhaisnéise i gcás daoine

más ginideach comhaisnéise an dara hainmfhocal agus más duine atá i gceist:—

baintreach fir, óinseach mná (féach 1(b) thuas).

(j) aonaid riaracháin agus gnó

más teideal aonaid riaracháin nó gnó atá i gceist:—

An Roinn Comhshaoil, an rannóg pearsanra, seirbhís comhairleoireachta, comhairle baile, comhairle contae, comhairle cathrach, scéim pinsean, scéim séarachais, scéim teanga, scoil breisoideachais, monarcha bríci (monarcha a tháirgeann bríci), monarcha gáis, cuideachta margaióchta, feirm capall, aonaid clárúcháin, údaráis cúige, rannáin ceantair.

(k) ainmfhocail iolra

má tá an dara hainmfhocal san iolra:—

glac tairní, traein paisinéirí, scoil cailíní; umair capall, fiosrúcháin custaiméirí.

G. I gCÁS AINMFHOCAL DÍLIS AGUS AINMFHOCAL CINNTE—

cuirtear séimhiú ar ainmfhocal dílis agus ainmfhocal cinnte sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocail, e.g., *foireann Dhoire, muintir Sheáin, Coláiste Cholmáin, cuan Bhaile Átha Cliath, oibríthe Bhéal Feirste, mac fhear an tábhairne, obair bhean an tí, díon shiopa an bhúistéara*, ach:—

(a) ní shéimhítear:—

(i) *Dé*, e.g., *lámh Dé, trócaire Dé*;

(ii) *San*, e.g., *Lá San Svaitín, Ord San Proinsias*;

(b) ní bhíonn séimhiú ar lorg:—

(i) *Féile* sa ghinideach, e.g., *Lá Fhéile Pádraig, Samhradh beag na Féile Michíl*;

(ii) *Naomh*, e.g., *litreacha Naomh Pól, cuimhneachán Naomh Peadar*;

(c) ní shéimhítear *Dé* ná an t-ainmfhocal ar a lorg in ainmneacha na laethanta, e.g., *oíche Dé Máirt*.

H. I nDIAIDH *Mhic, Mhig, Ní, Nic, Uí* i sloinntes, e.g., *Siobhán Ní Chonchubhair, Úna Nic Shuibhne, Isibéal Nig Fhloinn, Bean Mháirtín Uí Bhroin*, agus *Mac (Mag)* i sloinntes áirithe, e.g., *Mac Pháidín, Mag Fhinn* — ach ní iondúil *c* ná *g* a shéimhiú ar lorg *Mhic* ná *Nic*, e.g., *teach Sheáin Mhic Cárthaigh*.

- I. I nDIAIDH** *agus, is (= agus), nó* — nuair a cheanglaíonn siad le chéile dhá ainmfhocal atá faoi réir ag an bhfocal céanna agus go bhfuil séimhiú ar an gcéad ainmfhocal díobh, e.g., *idir fhir is mhná, asal Sheáin nó Mháire*. (féach **D** (*d*), leathanach 198 thuas)
- J. SA CHOMHFHOCAL** — ar lorg réimíre nó aon fhocail eile ach amháin nuair a thagann *d, n, t, l, s* le chéile, nó nuair a thagann dhá mhír iasachta le chéile, e.g., *grianghraf, sárdhuine, deargbhuile, róschrann*, ach *antráth, seansaighdiúir, catsúil, cúldoras, galltrumpa, ilsiolla, leasdeartháir, clostrácht, cuas-súileach, fótagraf*.
- (Urú i ndiaidh *éa-, éi-*, e.g., *éagóir, éigeart*, agus tá roinnt comhfhocal seanbhunaithe gan séimhiú, e.g., *fardoras, foirceann, coiscéim, eascara*).
- K. I nDIAIDH NA COPAILE** — sa mhodh tásach, aimsir chaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *ba dhuine mór é, ní leis ab fhailli é, ar shagart é?, níor dhochtúir é, nár chapall maith é?, is dóigh leis gur ghadaí a bhí ann, deir sé nár dhochar é, cэр chás é, dá mba chailín í, fear dar shloinne Ó Murchú, má ba bhithiúnach é, murar bhacach é*.

10.1.2 SÉIMHIÚ AR AIDIACHTAÍ

- A. I nDIAIDH AINMFHOCAIL** — séimhítear túschonsan aidiachta cáilfochta:—
- (a) san ainmneach, tabharthach agus gairmeach uatha baininsneach, e.g., *bean mhór, don bhean mhór, a bhean mhór*;
- (b) sa ghinideach agus sa ghairmeach uatha firinsneach, e.g., *mac fir mhóir, a fhir mhóir*;
- (c) san ainmneach agus sa tabharthach iolra, má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan caol, e.g., *fir mhóra, do na fir mhóra* (eisceacht: *caoirigh beaga bána, móra*, etc.);
- (d) i ndiaidh ainmfhocail a bhfuil *d(h)á* roimhe, e.g., *dhá bhó bhána, luach an dá bhó bhána*;
- (e) má tá an t-ainmfhocal san uatha agus uimhir ó trí go *deich* roimhe, e.g., *trí (ceithre, cúig, sé) bhád mhóra, seacht (ocht, naoi, deich) gcapall mhóra, lucht na dtrí (gceithre, etc.) bhád mhóra, ainmneacha na seacht (n-ocht, etc.) gcapall mhóra*;
- (f) sa tabharthach uatha firinsneach, má tá Córas an tSéimhithe (féach Caibidil 1) á úsáid.

B. SÉIMHÍTEAR AIDIACHT (nach aidiacht shealbhach) roimh ainmfhocal ar an gcuma chéanna ar a séimhítear an t-ainmfhocal, e.g., *do dhrochdhuine, de ghlanmheabhair*, ach—

(a) ní shéimhítear *cibé* ná *gach*,

(b) ní shéimhítear an aidiacht orduimhreach ach amháin *céad* (féach Caibidil 9) i ndiaidh an ailt, e.g., *an cúigiú bean*.

C. BÍONN SÉIMHIÚ ar *dhá* i gcónaí ach amháin i ndiaidh an ailt uatha (*an, don*, etc.), i ndiaidh *aon* agus *chéad*, e.g., *an dá áit, gach aon dá uair an chloig, an chéad dá bhliain*.

D. SÉIMHÍTEAR déag i ndiaidh *dó* agus ainmfhocal uatha a chríochnaíonn ar ghuta, e.g., *trí bhó dhéag, cúig lá dhéag, seacht mí dhéag*. Séimhítear *fichead* i ndiaidh ainmfhocail a bhfuil iolra caol air, e.g., *trí cinn fhichead*.

E. SA CHOMHFHOCAL — ar lorg réimíre nó aon fhocail eile ach amháin nuair a thagann *d, t* nó *s* i ndiaidh *d, n, t, l* nó *s*, nó nuair a thagann dhá mhír iasachta le chéile, e.g., *beagmhaith, fiordheas*, ach *fadsaolach, ildánach, ilteangach, caolsrónach, bándearg, antrom, lánsásta, casdubh, glas-snaidhm, costriomach, leictreamaighnéadach*.

F. I nDIAIDH NA COPAILE — sa mhodh táscach, aimsir chaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *Ba dheas uait é. Ar mhaith leat é? Níor bheag an gaisce é. Nár dhona an lá é? Dúirt sé gur mhór an leas dó é. B'fhéidir nár chneasta uaim é. Dá mba mhaith leat teacht. Má ba shaibhir an fear é. Murarbh fhíor é, níor cheart é a rá.*

Nóta:— ach amháin i gcomhfhocail agus i leaganacha seargtha, déantar na gnáthrialacha faoi shéimhiú ar aidiachtaí a chur i bhfeidhm ar *d, t, s* i ndiaidh *d, n, t, l, s*:—

*na báid dhubha
an bhean dhílis
áit dhorcha
na poill dhoimhne
na poirt dhúbailte*

*an tsúil thinn
an áit shalach
an chos thinn
maoin shaolta.*

10.1.3 SÉIMHIÚ AR AN mBRIATHAR

A. SÉIMHÍTEAR AN BRIATHAR NEAMHSPLEÁCH, seachas i gcás na n-eisceachtaí thíos:—

(a) sa mhodh tásach, aimsir chaite agus aimsir ghnáthchaite, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *mhol mé (mhol tú, etc.), mholainn (mholtá, etc.), mholfaínn, (mholfá, etc.), mholtaí, mholfaí.*

(b) i ndiaidh *a*, coibhneas díreach, agus na gcónasc *má* agus *ó*, e.g.:—

*An bhean a ghlanfaidh an áit
An gluaisteán a thiomáineann sé
Cad (Céard/Caidé) a bhainfeadh dó?
Cathain (Cén uair) a thioctfaidh sé
Cé a mholfaidh é?
Conas a mbaródh sé é?
Má bhíonn sé ann
De réir mar a thitfidh amach
Nuair a thioctfaidh sé
Ó chuir tú i mo cheann é.*

(c) san fhoclásal dearfach atá mar ainmní ag an gcopail i leaganacha mar *is ann a chonaic mé é, is leis a bheidh mé.*

Eisceachtaí:

Taobh amuigh de bhriathra neamhrialta áirithe, e.g., *bhíothas, chonacthas, chualathas, chuathas, thángthas*, ní shéimhítear an saorbhriathar san aimsir chaite, e.g., *buailleadh go dona iad, an geall a briseadh, má fuarthas ciontach é, ba leis a cailleadh é.*

Ní shéimhítear an briathar *deirim* in aon chás.

Uraítear an briathar *faighim* sa leagan spleách san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach, e.g., *ní bhfuair mé (tú, etc.), ní bhfaighidh mé (tú, etc.), ní bhfaighinn (bhfaighféa, etc.).*

B. SÉIMHÍTEAR AN BRIATHAR SPLEÁCH i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha seo — *ar, cár, dár, gur, murar, nár, ní, níor, sular*; e.g.:—

*Ar chuir sé i bhfolach é?
An bhfuil a fhios agat ar tháinig sé abhaile fós?
An fear ar chuir sí an litir chuige.
Cad é an áit ar chaill tú é?
Cár ghortaigh sé é féin?
Gach duine dár chuir tú in aithne dom.
Silim gur thuig sé mé.
Murar mbaraigh sé é chuaigh sé gairid dó.
Nár phós sé riamh?
Nár phósa!
An fear nár chreid an scéal.
Ní fhaca sé mé.
Níor fhéad mé é a dhéanamh.
Bhí mise anseo sular tháinig Seán.*

Nóta:— cuirtear séimhiú ar an saorbhriathar sna cásanna ina séimhítear na foirmeacha eile, ach ní chuirtear séimhiú ar an saorbhriathar san aimsir chaite (seachas ar *chualathas, chuathas* agus *thángthas*).

10.2 URÚ

Scríobhtar urú ar na consain go léir ach amháin *h, l, m, n, r, s* agus *v* (agus, dar ndóigh, *j, k, q, w, x, y, z*). Cuirtear *n*- roimh ghuta san áit a ndéanfaí urú a chur ar chonsan, ach amháin ar lorg focail a chríochnaíonn ar *-n*, e.g., *ar an uisce*. Cuirtear fleiscín idir an t-urú *n* agus guta, ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., *líon na n-ospidéal, meon na nAlbanach*.

10.2.1 URÚ AR AINMFHOCAIL

A. I nDIAIDH AN AILT:—

- (a) san uimhir uatha, nuair a bhíonn réamhfhocal ag gabháil leis an alt i roinnt cásanna (féach Caibidil 1). San abairt *mar an gcéanna* bíonn urú ann i gcónaí;
- (b) sa tuiséal ginideach iolra, firinscneach agus baininscneach, e.g., *seolta na mbád beag, scoil na gcailíní óga, ceol na n-éan, ag maisiú na dtithe*.

B. I nDIAIDH NA nAIDIACHTAÍ SEALBHACHA SAN IOLRA, e.g., *ár n-athair, bhur bpáistí, a ngluasteáin*. Déantar urú i ndiaidh *dhá* má bhíonn aidiacht shealbhach san uimhir iolra roimhe, e.g., *ár dhá gcapall, bhur dhá dteach, a dhá mbó*.

C. I nDIAIDH NA nUIMHREACHA *seacht go deich*, e.g., *seacht ndícheall, ocht gcinn, naoi mbliana, deich n-asal*.

D. I nDIAIDH:—

(a) an réamhfhocail *i*, e.g., *i mbaile, i bpáirc* (scríobhtar *in* in ionad *i n-* roimh fhocail a thosaíonn ar ghuta, e.g., *in Éirinn*. Scríobhtar *in* freisin roimh *dhá*, e.g., *in dhá áit* agus roimh logainmneacha iasachta nach bhfuil gaearithe, roimh theidil leabhar, irisí nó scannán etc. agus roimh ghiorrúcháin ar theidil eagraíochtaí e.g., *in Birmingham, in Bhopal, in An tOileánach, in Comhar, in Feasta, in Mise Éire, in AE, in FSS*);

(b) an réamhfhocail *ar* i gcorrléagan, e.g., *ar gcúl*, agus *go*, (nuair nach *go dtí* is ciall leis) e.g., *go bhfios dom*.

E. I LÍON BEAG CÁSANNA, uraítear an dara focal i gcomhfhocal – i ndiaidh *éa-*, *éi-*, e.g., *éagóir, éigeart*.

10.2.2 URÚ AR AIDIACHTAÍ

Cuirtear urú ar aidiacht cháilíochta a thagann roimh ainmfhocal mar a dhéanfaí ar ainmfhocal, e.g., *seolta na dtrí bhád, i gcaitheamh na gcúig oíche*.

Ní dhéantar urú ar aidiacht ar lorg ainmfhocail, e.g., *cumann na bhfear óg*.

10.2.3 URÚ AR AN mBRIATHAR

A. SAN FHOCHLÁSAL COIBHNEASTA I nDIAIDH:—

(a) *a*, coibhneas indíreach, agus *nach*, e.g., *an bainne nach n-óltar, an duine a (nach) gcáinteas é, an bhean a (nach) dtagann a páistí ar scoil, an fear a (nach) gcuirtear cúram air*;

(b) réamhfhocal agus *a*, coibhneas indíreach, e.g. *an tAcht dá (<do+a) dtagraítear, an Bille lena (<le+a) ndéantar leasú* (féach Caibidil 11);

(c) *a* (= *gach a*) agus *dá* (<*de, do+a*), e.g., *d'ólfaidh sé a bhfeiceadh sé, gach aon duine dá dtagann ann.*

B. I ndIAIDH NA MÍREANNA BRIATHARTHA AGUS NA gCÓNASC SEO:—

- *an, cá, dá* (coinníollach), *go, mura, nach, sula*:

An bhfuil an ceart agam?

Cá dtéann an bóthar seo?

Dá mbeadh an t-airgead aige, chaithfeadh sé é.

Abair leis go bhféadfaidh sé imeacht.

Go dtuga Dia ciall duit.

Fan go bhfeicfidh tú.

Mura n-iarrfaidh tú é ní bhfaighidh tú é.

Nach n-ólann sé bainne?

Deir sé nach bhfillfidh sé.

Sula dtiocfaidh sé.

- Uraítear an briathar *faighim* sa leagan spleách san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach, e.g., *ní bhfuair mé (tú, etc.), ní bhfaighidh mé (tú, etc.), ní bhfaighinn (bhfaighfeá, etc.).*

10.3 *t* ROIMH GHUTA AGUS ROIMH *s*

- I ndiaidh an ailt cuirtear *t*, san ainmneach uatha, roimh ainmfhocal frinscneach más guta atá ina thús (eisceachtaí — *euro, iomad, oiread*), roimh *aon, aonú, ochtó, ochtóidú, ochtú*, i ngach cás, e.g., *an t-asal, an t-aon bhean déag, an t-aonú háit déag, an t-ochtó bliain, an t-ochtú huair.*
- Cuirtear fleiscín idir an réamhlitir *t* agus guta, ach amháin nuair is ceannlitir an guta, e.g., *an t-ospidéal, an tAlbanach.*
- Cuirtear *t* roimh *s* más guta nó *l, n, r* atá ar a lorg, i gcásanna áirithe i ndiaidh an ailt de réir Chaibidil 1.
- Ní chuirtear *t* roimh *s*:—

(a) i gcomhfhocail, e.g., *an-sásta, seansaighdiúir*;

(b) in uimhreacha, e.g., *deireadh an seachtú lá* (ach amháin uimhreacha pearsanta sa ghinideach, e.g., *ainmneacha an tseisir*)

(c) i ndiaidh *aon* agus *céad*, e.g., *aon salann, aon seanmóir, an chéad sagart*.

- Ní chuirtear fleiscín riamh idir an réamhlitir *t* agus *s*.

10.4 *h* ROIMH GHUTA

- Ní chuirtear fleiscín riamh idir an réamhlitir *h* agus *guta*, e.g., *le háthas, go hÉirinn*.
- Ní chuirtear *h*- roimh ainmfhocal i ndiaidh *ní* (an fhoirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail) ach amháin i gcorrchás, e.g., *ní amadán é, ní Eoin is ainm dom, ní iontas é, ní eolas oideachas* ach *ní heol dom*.

10.4.1 ROIMH AN AINMFHOCAL

A. I ndiaidh an ailt *na*:—

(a) sa ghinideach uatha baininsneach, e.g., *ainm na háite*;

(b) san ainmneach agus sa tabharthach iolra, e.g., *na hainmneacha, sna bionaid sin*.

B. I ndiaidh na n-orduimhreacha, ach amháin *céad*, e.g., *an dara (tríú, etc.) heochair*.

C. I ndiaidh *trí, ceithre, cúig, sé*, ar ainm iolra, e.g., *trí (ceithre, sé) huaire*.

D. I ndiaidh na réamhfhocal *go* agus *le*, e.g., *ó mbaidín go hoíche, le hintinn mbaith, le hÁine*.

E. I ndiaidh *cá*, e.g., *cá hiontas?*

F. I ndiaidh *Ó* i sloinnte, e.g., *Éamonn Ó hÓgáin, do Sheán Ó hAodha*.

G. I ndiaidh *Dé* in *Dé hAoine*.

H. I ndiaidh *a*, aidiacht shealbhach, sa 3ú pearsa uatha baininsneach, e.g., *a hathair*.

10.4.2 ROIMH AN AIDIACHT

- A. I ndiaidh *chomb, go, le*, e.g., *chomb hard le haon chapall, tá sé go hálainn.*
- B. I ndiaidh *a, na*, sna huimhreacha, e.g., *ceacht a haon, na hocht gcinn.*
- C. I ndiaidh *ní* (an fhoirm dhiúltach, aimsir láithreach den chopail), ní chuirtear *h* roimh ghuta san aidiacht ná sa dobhriathar ach amháin i gcorrchás, e.g., *ní haon iontas é, ní bionann, ní hamhlaidh.*

10.4.3 ROIMH AN bhFORAINM

I ndiaidh *cé* agus *ní*, sna forainmneacha *é, í, iad, ea*, e.g., *ní hé, ní hí, ní hiad, ní hea, cé hé? cé hí? cé hiad?*

10.4.4 ROIMH AN mBRIATHAR

I ndiaidh *ná* leis an Modh Ordaitheach, e.g., *ná himigh.*

(**Nóta.** Ní chuirtear *h-* roimh an saorbhriathar san aimsir chaite, e.g., *ordaitodh, níor ordaitodh, gur ordaitodh, má ordaitodh*).

10.5 *d'* ROIMH BHRIATHAR

Cuirtear *d'* roimh ghuta nó *fh-* san áit a mbeadh séimhiú ar chonsan san aimsir chaite agus san aimsir ghnáthchaite, modh táscach, agus sa mhodh coinníollach, e.g., *d'ól sé, d'fhágamar, d'ithinn, d'fhanadh sibh, d'imeoinn, d'fhreagróinn; an té a d'imigh, an cheist a d'fhreagair sé; nuair a d'fhágaidís an áit, an méid a d'iosfadh sé; má d'fhág sé, má d'imríomar, má d'fheiceadh sé, má d'aithnídís.*

CAIBIDIL 11 / AN CLÁSAL COIBHNEASTA

11.1 GINEARÁLTA

Úsáidtear cónasc ar a dtugtar **an mhír choibhneasta** (deimhneach: *a, ar*; diúltach: *nach, nár*) chun príomhchlásal agus fochlásal coibhneasta a nascadh le chéile. Is roimh an mbriathar san fhochlásal a chuirtear an mhír choibhneasta. Más í an chopail briathar an fhochlásail, ní úsáidtear mír choibhneasta chun an príomhchlásal agus an fochlásal a nascadh le chéile ach bíonn foirm ar leith ar an gcopail féin (féach 11.6). Déantar idirdhealú idir **clásal coibhneasta díreach** agus **clásal coibhneasta indíreach**.

Tugtar **réamhtheachtaí** ar an bhfocal nó ar an bhfrása sa phríomhchlásal a thagann go díreach roimh an mír choibhneasta. Is **iartheachtaí** a thugtar ar fhorainm (lena n-áirítear aidiacht shealbhach) lena dtagraítear siar don réamhtheachtaí i gclásail coibhneasta indíreacha.

11.2 AN CLÁSAL COIBHNEASTA DÍREACH

Clásal coibhneasta díreach a bhíonn i gceist sna cásanna seo a leanas. Ní bhíonn iartheachtaí i gclásal coibhneasta díreach:

(a) más ainmní don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

- (i) *Sin í an bhean + bhí sí ar an teilifís aréir = sin í an bhean **a bhí** ar an teilifís aréir;*
- (ii) *Sin í an bhean + phóg sí Seán = sin í an bhean **a phóg** Seán;*
- (iii) *Sin é an fear + bhuaíl sé an sliotar = sin é an fear **a bhuaíl** an sliotar;*

(b) más cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

- (i) *Sin é an dán + chum an fear é = sin é an dán **a chum** an fear;*
- (ii) *Sin í an bhean + phóg Seán í = sin í an bhean **a phóg** Seán;*
- (iii) *Sin é an fear + bhuaíl an sliotar é = sin é an fear **a bhuaíl** an sliotar;*

- (iv) *Ba charr úrnua an carr + bhuaíl an leoraí é = ba charr úrnua an carr a bhuaíl an leoraí;*

NB: mar is léir ó (a)(ii) agus (iii) agus (b)(ii) agus (iii) thuas, tá na habairtí *sin í an bhean a phóg Seán* agus *sin é an fear a bhuaíl an sliotar* débhríoch. D'fhéadfadh sé gur ainmní nó cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí i ngach cás. Is fearr clásal coibhneasta indíreach a úsáid i gcásanna den sórt sin más gá débhrí a sheachaint (féach 11.3 (a) thíos).

Níl *sin é an dán a chum an fear* débhríoch toisc nach bhféadfadh an réamhtheachtaí (*an dán*) a bheith ina ainmní don bhriathar.

(c) más cuspóir d'ainm briathartha (cuspóir díreach nó a (aidiacht shealbhach)) sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:

- (i) *Sin (é) an leabhar + bhí sé á léamb aige = Sin (é) an leabhar a bhí á léamb aige;*
- (ii) *Cheannaigh sí an gúna + bhí mé ag iarraidh é a fháil = Cheannaigh sí an gúna a bhí mé ag iarraidh a fháil;*

Nóta: is féidir clásal coibhneasta díreach den sórt seo a leanas a úsáid i gcás (i) freisin, e.g., *Sin (é) an leabhar a bhí sé á léamb.*

(d) más dobhriathar ama ar nós an uair, an tráth, an mbaidin, an dáta, an oíche, an t-am, etc. an réamhtheachtaí:

- (i) *Sin é an tráth a chonaic mé é;*
- (ii) *An cuimhin leat an lá (srl.) a thit an crann?;*

Nóta: is minic a úsáidtear clásal coibhneasta indíreach sna cásanna sin freisin (ach amháin i gcás *an uair* agus *nuair*), e.g., *an t-am a bhfaca mé é; an cuimhin leat an lá ar thit an crann;*

(e) más é atá sa réamhtheachtaí frása réamhfhoclach (réamhfhocal simplí nó réamhfhocal comhshuite, nó forainm réamhfhoclach) nó frása dobhriathartha a thugtar chun tosaigh agus an chopail roimhe chun béim a leagan air:

- (i) *Rinneadh an obair de réir a chéile - is de réir a chéile a rinneadh an obair;*
- (ii) *Fuair mé an t-airgead ón gcomhar creidmheasa = is ón gcomhar creidmheasa a fuair mé an t-airgead;*

(iii) *Bhí sé ag labhairt thar ceann an pholaiteora = is thar ceann an pholaiteora a bhí sé ag labhairt.*

(iv) *Fuair mé an bronntanas uaidh = is uaidh a fuair mé an bronntanas.*

11.3 AN CLÁSAL COIBHNEASTA INDÍREACH

Is iondúil go ndéantar tagairt le hiartheachtaí sa chlásal coibhneasta indíreach don réamhtheachtaí sa phríomhchlásal. Úsáidtear clásal coibhneasta indíreach i gcásanna mar seo a leanas:

(a) **chun débhri a sheachaint nuair is cuspóir díreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí (féach 11.2 (b) thuas):**

(i) *Sin í an bhean + phóg Seán í = sin í an bhean ar phóg Seán í;*

(ii) *Sin é an fear + bhuail an sliotar é = sin é an fear ar bhuail an sliotar é;*

(iii) *Ba charr úrnua an carr + bhuail an leoraí é = ba charr úrnua an carr ar bhuail an leoraí é;*

(b) **más cuspóir d'ainm briathartha sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:**

Cheannaigh sí an gúna + bhí mé ag iarraidh é a fháil = Cheannaigh sí an gúna a raibh mé ag iarraidh é a fháil;

Nóta: is féidir clásal coibhneasta díreach den sórt seo a leanas a úsáid sa chás seo freisin, e.g., *Cheannaigh sí an gúna a bhí mé ag iarraidh a fháil.*

(c) **nuair is cuspóir indíreach don bhriathar sa chlásal coibhneasta an réamhtheachtaí:**

(i) *Sin í an bhean + cuireadh an t-agallamb uirthi = sin í an bhean ar cuireadh an t-agallamb uirthi;*

(ii) *Sin é an fear + ceannaím éadaí uaidh = sin é an fear a gceannaím éadaí uaidh;*

(iii) *An leabhar + déantar tagairt dó = an leabhar a ndéantar tagairt dó;*

(iv) *An comblacht + rinneadh ráiteas thar a cheann = an comblacht a ndearnadh ráiteas thar a cheann;*

I gcás gur réamhfhocal simplí (*as, de, do* etc.) a cheanglaíonn an briathar leis an gcuspóir indéireach, is féidir an réamhfhocal a thabhairt chun tosaigh roimh an mír choibhneasta mar a leanas:

- (i) *Sin í an bhean + cuireadh an t-agallamb uirthi = sin í an bhean **ar ar cuireadh** an t-agallamb;*
- (ii) *Sin é an fear + ceannaím na héadaí uaidh = sin é an fear **óna gceannaím** na héadaí;*
- (iii) *An leabhar + déantar tagairt dó / tagraítear dó = an leabhar **dá ndéantar** tagairt / **dá dtagraítear**;*

Déantar cumasc idir na réamhfhocail *de, do, faoi, i, le, ó* agus *trí* agus na míreanna coibhneasta *a* agus *ar*, faoi seach, mar a leagtar amach anseo thíos.

<i>Réamhfhocal</i>	<i>+ an mbír choibhneasta ‘a’</i>	<i>+ an mbír choibhneasta ‘ar’</i>
de	dá	dár
do	dá	dár
faoi	faoina	faoinar
i	ina	inar
le	lena	lenar
ó	óna	ónar
trí	trína	trínar

I gcás gur réamhfhocal comhshuite (*ar son, i leith*, etc.) a cheanglaíonn an briathar leis an gcuspóir indéireach, is féidir an réamhfhocal comhshuite a thabhairt chun tosaigh mar a leanas:

- (i) *An comblacht + rinneadh an ráiteas thar a cheann = an comblacht **ar thar a cheann a rinneadh** an ráiteas;*

(ii) *An foirgneamh + cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach ina leith = an foirgneamh **ar ina leith a cuireadh** iarratas ar chead pleanála isteach;*

(d) nuair atá **gaol ginidigh** idir an réamhtheachtaí agus ainmní nó cuspóir (díreach nó indíreach) an bhriathair sa chlásal coibhneasta. Sa chás sin, aidiacht shealbhach atá san iartheachtaí:

(i) *Sin í an bhean + bhí a hiníon ar an teilifís aréir = sin í an bhean **a raibh a** hiníon ar an teilifís aréir;*

(ii) *Ba charr úrnua an carr + bhris an buachaill a ghaothscáth = ba charr úrnua an carr **ar bhris** an buachaill **a** ghaothscáth;*

(iii) *An fear + cuireadh agallamb ar a mhac = an fear **ar cuireadh** agallamb ar a mhac;*

(e) má dhéantar tagairt don réamhtheachtaí i gclásal briathartha atá faoi réir ag an mbriathar sa chlásal coibhneasta:

(i) *Ba dhuine é + cheap mé nach n-inseodh sé an fhírinne choíche = ba dhuine é **ar cheap** mé nach n-inseodh **sé** an fhírinne choíche;*

(ii) *Sin í an bhean + sílim go bhfaca mé a hiníon ar an teilifís aréir = sin í an bhean **a sílim** go bhfaca mé **a** hiníon ar an teilifís aréir;*

(iii) *Sin é an foirgneamh + creideann an t-oifigeach gur cuireadh an t-iarratas ar chead pleanála isteach ina leith = sin é an foirgneamh **a greideann** an t-oifigeach gur cuireadh an t-iarratas ar chead pleanála isteach **ina leith**;*

(iv) *Sin í an pháirc + teastaíonn uainn fál a thógáil idir í agus an bóthar = sin í an pháirc **a dteastaíonn** uainn fál a thógáil idir **í** agus an bóthar;*

(f) i gcás forainmneacha ceisteacha ar nós **cé, cad (é)**, etc. nuair a thugtar réamhfhocal, réamhfhocal comhshuite nó forainm réamhfhoclach chun tosaigh san abairt chun go dtagann sé go díreach ar lorg an fhorainm cheistigh:

(i) *Cé hiad + is ina n-aghaidh a bhí sibh ag troid = cé **ina n-aghaidh a raibh** sibh ag troid?*

(ii) *Cad (é) + is ina thaobh a rinne tú sin = cad (é) **ina thaobh a ndearna** tú sin?*

(iii) *Cé hé + is leis a bhí tú ag caint = cé **leis a raibh** tú ag caint?*

(g) nuair is **dobhriathar ama** ar nós *an tráth, an t-am* etc. an réamhtheachtaí, is minic a úsáidtear an clásal coibhneasta indíreach in ionad an chlásail choibhneasta dhírigh. I gcás *nuair, an uair, áfach*, ní mór clásal coibhneasta díreach a úsáid:

(i) *an tráth ar thit an crann;*

(ii) *an t-am a bhfaca mé é;*

(h) más ceann de na focail *áit, fáth, caoi nó dóigh* (nó focal a bhfuil an bhrí chéanna leis) an réamhtheachtaí agus má tá sé ag feidhmiú mar dhobhriathar atá ag cáiliú an bhriathair sa chlásal coibhneasta:

(i) *cá háit a ndeachaigh sibh?*

(ii) *cén fáth ar imigh siad?*

(iii) *cén chaoi a bhfuil tú?*

(iv) *cad é an dóigh ar briseadh é?*

11.4 AN MHÍR CHOIBHNEASTA – FOIRMEACHA

11.4.1 DEIMHNEACH

(a) An Clásal Coibhneasta Díreach

- Más clásal coibhneasta díreach atá ann, is é **a** an fhoirm den mhír choibhneasta a úsáidtear, e.g., *an fear a bhuaileann sé, an fear a bhuailfeadh é, an fear a bhuailtí, an sliotar a bhuaíl sé.*
- Ní úsáidtear an fhoirm dheimhneach den mhír choibhneasta leis an aimsir láithreach den bhriathar *bí - atá, atáim, atáimid*, etc. ná roimh na foirmeacha *is, ba, ab, ar* agus *arb* den chopail, e.g., *sin iad na leabhair atá á n-iarraidh agam, an duine is ceannaire orthu, an bhean ba chríonna orthu go léir.*

(b) An Clásal Coibhneasta Indíreach

- Más clásal coibhneasta indíreach atá ann, úsáidtear **a** i ngach aimsir seachas an aimsir chaite, *an sliotar a mbuaileann an fear é, an sliotar a mbuailfeadh an fear é*, etc.

- San aimsir chaite, is é **ar** an fhoirm den mhír choibhneasta a úsáidtear roimh na briathra rialta agus roimh na briathra neamhrialta *ith, tabhair, tar, beir, clois/cluin*:

*an capall ar bhuail an fear é;
 an fear ar chum a mhac amháin Ghaeilge;
 an bhean ar cheannaigh mé na béadaí uaithe;
 an cháis ar ith an fear í;
 an fear ar thug mé an leabhar dó;
 an bhean ar tháinig a mac abhaile;
 an duine ar rug tú greim air;
 an scannán ar chuala mé faoi.*

(c) An Clásal Coibhneasta Díreach agus Indíreach

Na Briathra Neamhrialta san Aimsir Chaite

San aimsir chaite, úsáidtear **a** roimh na foirmeacha cúí de na briathra neamhrialta *téigh, déan, abair, féic, faigh* agus *bí*:

*an uair a chuaigh mé, an áit a ndeachaigh mé;
 an obair a rinneadh, an leabhar a ndearnadh tagairt dó;
 níor éist sé le focal a dúirt mé, an fear a ndúradh linn é a leanúint;
 an fear a chonaic mé, an bhean a bhfaca an fear í;
 an litir a fuair mé, an duine a bhfuair mé an litir uaidh;
 an bhean a bhí ar an teilifís, an bhean a raibh a hinion ar an teilifís.*

11.4.2 DIÚLTACH

- (a) I gclásail dhiúltacha, is é **nach** an fhoirm den mhír choibhneasta a fhreagraíonn do **a**, ach amháin san aimsir chaite:

*an duine nach nglacann comhairle;
 an garsún nach mbuaileadh sé;
 an garsún nach mbuailfeadh an maistín é;
 an bhean nach nglacfadh a hinion dea-chomhairle;
 an fear nach gceannáin na hearraí uaidh.*

- (b) San aimsir chaite, freagraíonn **nár** do **a** agus **ar** ach amháin i gcás na mbriathra neamhrialta a luaitear in (c) thíos:

*an duine nár ghlac comhairle;
 an garsún nár bhuail sé;
 an garsún nár bhuail an maistín é;*

*an bhean **nár** ghlac a hiníon dea-chomhairle;
an fear **nár** cheannaigh mé na hearraí uaidh.*

(c) **San aimsir chaite, i gcás na mbriathra neamhrialta téigh, déan, abair, feic, faigh agus bí, freagraíonn nach do a:**

*an uair **nach** ndeachaigh sé abhaile, an áit **nach** ndeachaigh mé;
an obair **nach** ndearnadh, an leabhar **nach** ndearnadh tagairt dó;
an méid **nach** ndúirt mé, an fear **nach** ndúradh linn é a leanúint;
an fear **nach** bhfaca mé, an bhean **nach** bhfaca an fear í;
an litir **nach** bhfuair mé, an duine **nach** bhfuair mé an litir uaidh;
an bhean **nach** raibh ar an teilifís, an bhean **nach** raibh a hiníon ar an teilifís.*

11.5 AN BRIATHAR I gCLÁSAIL CHOIBHNEASTA

- Úsáidtear an fhoirm neamhspleách den bhriathar i ndiaidh na míre coibhneasta **a** i gclásail choibhneasta dhíreacha dheimhneacha. Séimhítear an briathar san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach, *an fear **a** bhuaileann sé, an fear **a** bhuaileadh é, an fear **a** bhuailefead.*
- Séimhítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh **ar** i gclásail choibhneasta indíreacha dheimhneacha agus i ndiaidh **nár** i gclásail choibhneasta dhíreacha agus indíreacha dhiúltacha*, e.g., *an sliotar **ar** bhuail an fear é, an carr **ar** bbris an buachaill a ghaothscáth, an sliotar **nár** bhuail an fear, an sliotar **nár** bhuail an fear é, an carr **nár** bbris an buachaill a ghaothscáth.*
- Uraítear an fhoirm spleách den bhriathar i ndiaidh na míre coibhneasta **a** i gclásail choibhneasta indíreacha agus i ndiaidh **nach** i gclásail choibhneasta dhíreacha dhiúltacha, e.g., *an sliotar **a** mbuaileann an fear é, an carr **a** mbrisfidh an buachaill a ghaothscáth, an sliotar **nach** mbuaileann an fear é, an carr **nach** mbrisfidh an buachaill a ghaothscáth.*
- Tá foirm choibhneasta neamhspleách ar leith ar an mbriathar san aimsir láithreach, san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir fháistineach. Is féidir an fhoirm sin a úsáid sa chlásal coibhneasta de rogha ar na foirmeacha scartha den bhriathar sna haimsirí sin.
 - (i) San aimsir láithreach agus san aimsir ghnáthláithreach, cuirtear an foirceann **-s** in ionad **-nn**, e.g., *an clár **a** bhíos ar siúl, na daoine **a** cheannaíos éadaí sna siopaí sin.*

*Séimhítear an saorbhriathar sna cásanna ina séimhítear na foirmeacha eile. Ní séimhítear an saorbhriathar san aimsir chaite ach amháin i gcás *chualathas, chuatbas* agus *thangthas*.

- (ii) San aimsir fháistineach, cuirtear an foirceann *-fas* in ionad *-faidh*, *-feas* in ionad *-fidh*, *-ós* in ionad *-óidh*, agus *-eos* in ionad *-eoidh*, e.g., *céard a dhéanfas tú anois?*, *an fear a bhuailfeas an sliotar*, *an chuideachta a cheannós an chuideachta eile*, *na daoine a chruinneos airgead thar ceann an charthanais*.

11.6 AN CHOPAIL AGUS AN CLÁSAL COIBHNEASTA

11.6.1 Seo thíos foirmeacha na copailé i gclásail choibhneasta.

	<i>An Aimsir Láithreach agus an Aimsir Fháistineach</i>	<i>An Aimsir Chaite, an Aimsir Ghnáthchaite agus an Modh Coinníollach</i>
Díreach Deimhneach	is	ba, ab
Díreach Diúltach	nach	nár, nárbh
Indíreach Deimhneach	ar, arb	ar, arbh
Indíreach Diúltach	nach	nár, nárbh

- Úsáidtear na foirmeacha a chríochnaíonn ar *b* nó *bh* roimh fhocal dar tús guta nó *fh* roimh ghuta, e.g., *an méid nárb eol dó*, *an ráiteas nárbh fhíor*
- Leanann séimhiú foirmeacha na copailé san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach, e.g., *ba í ba bhanríon orthu*, *aon ní nár chuí liom*, *ráiteas nárbh fhíor*.
- I gcás go mbaintear leas as an gcopail chun béim a leagan ar fhrása réamhfhoclach (réamhfhoclaí simplí nó réamhfhoclaí comhshuite) nó dobhriathartha a thugtar chun tosaigh, is clásal coibhneasta díreach an dara clásal e.g. *Is ón gcomhar creidmheasa a fuair mé an t-airgead*, *Ba leis-sean a bhí mé ag caint*, *An ar an traein a chuaigh tú ann?*, *Is chun na Fraince a théann sé ar saoire*, *Is de réir a chéile a dhéantar dul chun cinn*.

11.6.2 Déantar cumasc idir na foirmeacha den chopail *ar, arb, agus arbh* agus na réamhfhocail *de, do, faoi, i, le, ó* agus *trí* mar a leanann anseo thíos.

<i>Réamhfhocal</i>	<i>+ ar na copaile</i>	<i>+ arb na copaile</i>	<i>+ arbh na copaile</i>
de	dar	darb	darbh
do	dar	darb	darbh
faoi	faoinar	faoinarb	faoinarbh
i	inar	inarb	inarbh
le	lenar	lenarb	lenarbh
ó	ónar	ónarb	ónarbh
trí	trínar	trínarb	trínarbh

11.7 CLÁSAIL CHOIBHNEASTA I gCÁSANNA EILE

11.7.1 FORAINMNEACHA AGUS DOBHRIATHRA CEISTEACHA AGUS FOCAIL AGUS NATHANNA EILE A LEANANN CLÁSAL COIBHNEASTA DÍREACH IAD

<i>Coibhneas Díreach</i>	<i>Sampla</i>
cad	<i>cad a tharla?</i> <i>cad is brí leis sin?</i>
cathain	<i>cathain a fuair tú an carr nua?</i>
cá fhad/cén fhad	<i>cá fhad/cén fhad a mbair an cheolchoirm?</i>

cá/cé mhéad, cén méid	<i>cá/cé mhéad a chaith tú ar an ticéad? cén méid a chaith tú ar an ticéad?</i>
cé	<i>cé a bhí leat?</i>
cé acu/cibé acu	<i>cé acu mise nó tusa atá i gceist? cé acu a rinne sé é nó nach ndearna cibé acu atá nó nach bhfuil sé sásta</i>
céard	<i>céard atá ar siúl agat?</i>
cén t-am/cá huair/cén uair	<i>cén t-am/cén uair/cá huair a tháinig tú abhaile?</i>
chomh + dobhriathar ama + is	<i>coimeádfar na sonraí sin chomh fada is a bheidh siad riachtanach cé chomh minic (is) a bhíonn cóisir agaibh sa teach?</i>
conas	<i>conas a dhéanann tú é?</i>
mar/cad é mar	<i>mar is eol duit cad é mar a chuir tú aithne air?</i>
nuair (= an uair)	<i>nuair a bheidh deis agam</i>

11.7.2 FORAINMNEACHA AGUS DOBHRIATHRA CEISTEACHA AGUS FOCAIL AGUS NATHANNA EILE A LEANANN CLÁSAL COIBHNEASTA INDÍREACH IAD

<i>Coibhneas Indíreach</i>	<i>Sampla</i>
an áit, cén áit, cá háit	<i>cén áit a mbíonn na ranganna sin ar siúl?</i>
an chaoi, cén chaoi	<i>cén chaoi ar tharla a leithéid?</i>
an dóigh, cén dóigh	<i>an dóigh a ndéantar an obair</i>
an fáth, cén fáth	<i>cén fáth a gcuireann tú do chuid ama amú mar sin?</i>

cad chuige	<i>cad chuige a ndearna tú sin?</i>
cad ina thaobh	<i>cad ina thaobh (canathaobh) ar inis tú bréag?</i>
an tslí/cén tslí	<i>cén tslí a dtoghtar an Seanad?</i>
a, ar (= an méid a/an méid ar, gach a/gach ar)	<i>ólann sé a dtuilleann sé d'ól sé ar thuill sé</i>



Houses of the
Oireachtas
Tithe an Oireachtais